

Coimre Iniúchtaí

| An tsláinte phoiblí

Tuarascálacha iniúchára arna bhfoilsíú idir
2014 agus 2019

Déan teagmháil le: www.contactcommittee.eu

© An tAontas Eorpach, 2019.

Is ceadmhach an choimre seo a mhacasamhlú ach an fhoinsé a admháil.

Foinse: An Coiste Teagmhála de chuid Uasfhorais Iniúchóireachta an Aontais Eorpaigh.

Chun aon úsáid a bhaint as an ábhar seo a leanas nó chun é a mhacasamhlú, ní mór cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt:

Fíor 1, Fíor 6 agus Fíor 8: © ECFE/An tAontas Eorpach, 2018.

Fíoracha 2, 3, 7, 9, 12, 13 agus 14: © ECFE.

Fíor 4: © An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS).

Réamhrá	7
Achoimre fheidhmeach	9
CUID I – An tsláinte phoiblí san Aontas Eorpach	10
An tsláinte phoiblí – ag cur blianta leis an mbeatha agus beatha leis na blianta	11
Beartas sláinte an Aontais Eorpaigh	12
Bunús dlí agus freagrachtaí	12
Cuspóirí beartais	13
Cistiú	14
Sláinte phoiblí i mBallstáit an Aontais Eorpaigh	14
Cosc agus cosaint	16
Rochtain ar chúram sláinte	21
Cáilíocht na seirbhísí sláinte	25
Teicneolaíochtaí nua agus ríomhsheirbhísí sláinte	28
Inbhuanaitheacht fhioscach agus gnéithe airgeadais eile	33
CUID II – Forléargas ar an obair a rinne na UFIInna	37
Réamhrá	38
An mhodheolaíocht iniúcháireachta	38
An tréimhse a ndearnadh iniúchadh uirthi	38
Cosc agus cosaint	40
Cuspóirí na n-iniúchtaí	40
Na príomhbharúlacha a tháinig as na hiniúchtaí	41
Rochtain ar sheirbhísí sláinte	42
Cuspóirí na n-iniúchtaí	42
Na príomhbharúlacha a tháinig as na hiniúchtaí	42
Cáilíocht na seirbhísí sláinte	44
Cuspóirí na n-iniúchtaí	44

Na príomhbharúlacha a tháinig as na hiniúchtaí	44
Teicneolaíochtaí nua agus ríomhsheirbhísí sláinte	45
Cuspóirí na n-íniúchtaí	45
Na príomhbharúlacha a tháinig as na hiniúchtaí	46
Inbhuanaitheacht fhioscach agus gnéithe airgeadais eile	47
Cuspóirí na n-íniúchtaí	47
Na príomhbharúlacha a tháinig as na hiniúchtaí	47
Obair iar-íniúchta	48
CUID III – Spléachadh ar thuarascálacha de chuid UFlinna	49
Cosc agus cosaint	50
An Bheilg Rekenhof – Cour des comptes – Rechnungshof	51
Beartas Pléimeannach um bearta coisctheacha sláinte – measúnú ar fheidhmíocht bheartais	51
An Fhrainc – Cour des comptes	56
Ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc: na chéad chéimeanna eile	56
An Pholainn – Najwyższa Izba Kontroli (NIK)	60
Diaibéiteas chineál 2 a chosc agus cóireáil a chur ina choinne	60
An tSlóivéin – Računsko Sodišče Republike Slovenije	65
Dul i ngleic le hotracht i measc leanaí	65
Rochtain ar sheirbhísí sláinte	69
An Ghearmáin – Bundesrechnungshof	70
Taighde sláinte atá de dhíth chun staidéar a dhéanamh ar fhiúntas na cóireála ortódontaice	70
An Liotuáin – Valstybės Kontrolė	74
A inrochtana atá seirbhísí cúraim d'othair agus mar a dhírítear ar othair	74
Málta – An Oifig Iniúcháireachta Náisiúnta	79
Feidhm an dochtúra ghinearálta – croílár an chúraim sláinte phríomhúil	79

An Phortaingéil – <i>Tribunal de Contas</i>	84
An rochtain a bhíonn ag saoránaigh ar chúram sláinte i Seirbhís Náisiúnta Sláinte na Portaingéile	84
An Rómáin – <i>Curtea de Conturi a României</i>	89
Bonneagar sláinte a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil chun cur leis an rochtain ar sheirbhísí sláinte	89
An tAontas – Eorpach Cúirt Iniúchóirí na hEorpa	93
Bearta AE i leith cúram sláinte trasteorann: uailmhianta móra ach ní mór an bhainistíocht a fheabhsú	93
Cáilíocht na seirbhísí sláinte	97
An Danmhairg – <i>Rigsrevisionen</i>	98
Tuarascáil ar dhifríochtaí i gcáilíocht an chúraim ar fud na n-ospidéal sa Danmhairg	98
Éire – Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	102
Obráidí roghnacha lae a bhainistiú	102
An Ostair – <i>Rechnungshof</i>	106
Dearbhú cáilíochta i gcás lianna	106
Teicneolaíochtaí nua agus ríomhsheirbhísí sláinte	111
An Bhulgáir – <i>Сметна палата на Република България</i>	112
Ríomhsheirbhísí sláinte	112
An Eastóin – <i>Riigikontroll</i>	117
Gníomhaíochtaí an Stáit maidir leis an gcóras ríomhsheirbhísí sláinte a chur chun feidhme	117
An Laitvia – <i>Valsts Kontrole</i>	121
An bhfuil céim sa treo ceart á tógáil leis an tionscadal “Ríomhsheirbhísí Sláinte sa Laitvia”?	121
Inbhuanaitheacht fhioscach agus gnéithe airgeadais eile	126
An Fhionlainn – <i>Valtiontalouden Tarkastusvirasto</i>	127
Meastacháin treochta i ndáil leis an gcaiteachas ar shlándáil shóisialta	127

An Ghréig – Ελεγκτικό Συνέδριο	132
Iniúchadh téamach cothrománach ar riaráistí an Stáit maidir le hospidéal, an Eagraíocht Náisiúnta um Sholáthar Seirbhísí Cúraim Sláinte (EOPYY) agus stiúirthóireacht réigiúnach sláinte	132
An Iodáil – Corte dei conti	136
Cur chun feidhme an chláir urghnách chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh agus nuachóiriú teicneolaíoch a dhéanamh ar réadmhaoine de chuid na bhforas sláinte poiblí	136
Lucsamburg – Cour des comptes	139
Maoiniú poiblí ar infheistíochtaí ospidéal	139
Poblacht na Seice – Nejvyšší kontrolní úřad	144
Cistí a chaith ospidéal roghnaithe chun costais a aisíoc	144
An tSlóvaic – Najvyšší kontrolný úrad Slovenskej republiky	148
Airgeadas poiblí agus maoine na saoráidí cúraim sláinte	148
An Spáinn – Tribunal de Contas	152
An bhainistíocht agus an rialú a rinne Cuideachta Árachais Fhrithpháirteach Ghinearálta Státseirbhís na Spáinne (MUFACE) ar shochair chógaisíochta	152
An Ungáir – Állami Számvevőszék	156
Anailís achomair ar an taithí a fuarthas ó iniúchtaí ar ospidéal	156
Liosta den obair iniúchóireachta a bhaineann le sláinte phoiblí a rinne UFIInna rannpháirteacha AE ó bhí 2014 ann	159
Comhchiallaigh agus giorrúcháin	178
Gluais	181

Réamhrá

A léitheoir dhil,

Is fóram é an Coiste Teagmhála de chuid Uasfhorais Iniúcháireachta (UFIInna) an Aontais Eorpaigh chun plé a dhéanamh ar ábhair leasa choitinn a bhaineann leis an iniúcháireacht phoiblí san Aontas Eorpach agus i mBallstáit an Aontais, agus chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair sin. Trí neartú a dhéanamh ar an idirphlé agus ar an gcomhar i measc a chomhaltaí, rannchuidíonn an Coiste Teagmhála leis an iniúcháireacht sheachtrach éifeachtach ar bheartais agus cláir AE. Cuidíonn an méid sin freisin le feabhas a chur ar chuntasacht san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit, agus le feabhas a chur ar bhainistíocht airgeadais agus dea-rialachas san Aontas ar mhaithe le saoránaigh an Aontais.

In 2017, chinneamar ag an gcruinniú bliantúil a bhí againn i Lucsamburg iarrachtaí breise a dhéanamh feasacht ghinearálta a mhúscailt faoin obair iniúcháireachta atá déanta le déanaí ag UFIInna de chuid an Aontais. Bliain ina dhiaidh sin, in 2018, d'fhoilsíomar an chéad choimre iniúchtaí, ina leagtar amach i ndoiciméad amháin an obair a dhéanann UFIInna AE i dtaobh na hógfhostaíochta agus i dtaobh daoine óga a lánpháirtiú sa mhargadh saothair. Mar gheall gur éirigh chomh maith leis an gcéad eagrán sin, chinn an Coiste Teagmhála leanúint ag gabháil don ghníomhaíocht sin agus aghaidh a thabhairt ar ábhair leasa choitinn eile. Is mór againn mar sin an dara heagrán den choimre iniúchtaí a chur faoi bhur mbráid, eagrán ina ndírítear ar na hiniúchtaí a rinneamar le déanaí ar an tsláinte phoiblí agus ar shaincheisteanna gaolmhara.

Le tamall maith de bhlianta anuas, bhí an iliomad dúshlán le sárú ag na córais sláinte sna Ballstáit, amhail méadú seasta a bheith ag teacht ar chostais agus aosú an daonra, agus is mó an méid soghluaisteachta ná riamh a bhíonn ag othair agus gairmithe cúraim sláinte ar fud na mBallstát anois. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit go léir a bheith ag obair as lámha a chéile chun aghaidh a thabhairt ar réimse na sláinte poiblí, agus is cinnte go mbeidh an t-ábhar sin go mór chun tosaigh ar an gclár oibre polaitiúil ar feadh achar fada blianta romhainn.

San Aontas Eorpach, is iad na Ballstáit atá freagrach as an tsláinte phoiblí den chuid is mó. Is é a dhéanann an tAontas go príomha ná tacú leis na hiarrachtaí a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta, agus díríonn sé go sonrach ar ghníomhaíochtaí na mBallstát i réimse na sláinte poiblí a chomhlánú nó a chomhordú. Dá bhrí sin, i gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh, is casta an réimse é an tsláinte phoiblí i dtaobh na hiniúcháireachta.

San eagrán seo den choimre, tugtar intreoir ghinearálta ar an tsláinte phoiblí agus ar an ról atá ag an Aontas agus na Ballstáit sa réimse beartais sin, agus tugtar forléargas ar obair iniúchóireachta roghnaithe a rinne UFIInna de chuid an Aontais Eorpaigh ó 2014 i leith, lena n-áirítear achoimre ar a gcuid oibre. Le haghaidh breis faisnéise faoi na hiniúchtaí sin, déan teagmháil le do thoil leis na UFIInna lena mbaineann.

Tá súil againn go mbeidh an choimre iniúchtaí ina foinse úsáideach faisnéise duit.



Klaus-Heiner Lehne

Uachtarán Chúirt Iniúchóirí na hEorpa
Cathaoirleach an Choiste Teagmhála agus Ceannaire an tionscadail

Achoimre fheidhmeach

I Is é atá i gceist leis an tsláinte phoiblí ná an eolaíocht is bonn le galair a chosc agus fad a chur le saol daoine. Téann sí i bhfeidhm ar shaol daoine gach uile lá i ngach cearn den domhan. Dá bhrí sin, tá an tsláinte phoiblí ar an gclár oibre polaitiúil atá ag gach sochaí nua-aimseartha, agus sin mar a bheidh ar feadh blianta fada romhainn.

II San Aontas Eorpach, is iad na Ballstáit atá freagrach as an tsláinte phoiblí den chuid is mó. Dá bhrí sin, is mór an éagsúlacht atá i gceist idir na córais sláinte ar fud na mBallstát. Tacaíonn an tAontas Eorpach leis na hiarrachtaí a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta, agus díríonn sé go sonrach ar ghníomhaíochtaí na mBallstát i réimse na sláinte poiblí a chomhlánú nó a chomhordú.

III Dá bhrí sin, i gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh, is casta an réimse é an tsláinte phoiblí i dtaobh na hiniúcháireachta. Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an tsláinte phoiblí, áfach, tá an-chuid iniúchtaí déanta ag Uasfhórais Iniúcháireachta AE ar shaincheisteanna gaolmhara.

IV Sa chéad chuid den choimre iniúchtaí seo, tugtar forléargas ginearálta ar an tsláinte phoiblí san Aontas Eorpach, ar an mbunús dlí atá léi, ar na príomhchuspóirí ina leith agus ar na freagrachtaí gaolmhara. Tugtar léargas inti freisin ar na príomhdhúshláin atá le sárú faoi láthair ag an Aontas Eorpach agus ag na Ballstáit i réimse na sláinte poiblí.

V Sa dara chuid den choimre iniúchtaí seo, tugtar achoimre ar thorthaí iniúchtaí roghnaithe a rinne UFI na de chuid 23 Bhallstát rannpháirteacha (an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, Poblacht na Seice, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn agus an Ungáir) agus a rinne Cúirt Iniúcháirí na hEorpa le cúig bliana anuas. Sna hiniúchtaí roghnaithe sin, chuathas i ngleic le gnéithe tábhachtacha den tsláinte phoiblí, eadhon bearta coisctheacha, rochtain ar sheirbhísí sláinte agus cáilíocht na seirbhísí sin, an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí nua agus inbhuanaitheacht fhioscach na seirbhísí sláinte poiblí.

VI Sa tríú chuid den choimre iniúchtaí seo, tá bileoga eolais mionsonraithe maidir le hiniúchtaí a rinne na 23 UFI de chuid na mBallstát agus Cúirt Iniúcháirí na hEorpa.

CUID I – An tsláinte phoiblí san Aontas Eorpach

An tsláinte phoiblí – ag cur blianta leis an mbeatha agus beatha leis na blianta

1 Ní hamháin go bhfuil ról tábhachtach ag an tsláinte i ngach uile sochaí nua-aimseartha ina hiomláine, ach baineann an tábhacht chéanna léi inar saol féin. Is toisc thábhachtach í, murab í an ceann is tábhachtaí ar fad, ó thaobh cáilíocht na beatha a chinneadh.

2 Is é atá sa tsláinte phoiblí, dar leis an sainmhíniú ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), **an eolaíocht trína ndéantar galair a chosc, fad a chur leis an saol agus an tsláinte a chur chun cinn trí iarrachtaí eagraithe na sochaí¹**. Áirítear léi na gníomhaíochtaí go léir a bhfuil sé mar aidhm leo sláinte an phobail a chothú nó a fheabhsú.

3 Ní hamháin go mbaineann fiúntas leis an tsláinte aisti féin, ach is toisc thábhachtach gheilleagrach í freisin. San Eoraip, mar atá amhlaidh i mbeagnach gach geilleagar forbartha, tá an tsláinte phoiblí ar cheann de na réimsí ina gcaitear an méid is mó airgid, agus tá an méid sin ag méadú go tréan. Is oibrithe sláinte agus oibrithe cúraim iad timpeall is 8 % den lucht saothair iomlán san Aontas Eorpach².

4 Le tamall maith de bhlianta anuas, tá an iliomad dúshlán le sárú ag córais sláinte san Eoraip. Mar gheall go bhfuil an daonra ag dul ina aois, tá méadú ag teacht ar an éileamh ar sheirbhísí sláinte agus táthar ag díriú níos mó ar chúram fadtéarmach. Trí choiréalacha agus teicneolaíocht sláinte atá nuálach agus níos éifeachtaí a sholáthar, bhíothas in ann feabhas a chur ar thosca sláinte ina lán réimsí, ach bhí cásanna ann inar chuir sé sin leis an ardú costais san earnáil sláinte freisin. An tráth céanna, tá teorainn leis na hacmhainní airgeadais.

5 Dá bhrí sin, ní mór do na córais sláinte poiblí a bheith inbhuanaithe ó thaobh an airgeadais de, agus, thairis sin, ní mór teacht aniar a bheith iontu: ní mór iad a chur in oiriúint do chúinsí a bhíonn seasta ag athrú agus deiseanna na teicneolaíochta nua-aimseartha a thapú an tráth céanna.

6 San Aontas Eorpach, is mó ná riamh de réir a chéile a bhíonn córais sláinte náisiúnta ag idirghníomhú le chéile agus is mó an méid soghluaisteachta ná riamh a bhíonn ag othair agus

¹ Acheson, 1988; EDS.

² ECFE/AE (2018), *Health at a Glance: Europe 2018: State of Health in the EU Cycle* [Spléachadh ar an tSláinte: An Eoraip 2018: Staid na Sláinte i dTimthriall AE], Foilseacháin ECFE, Páras/AE, An Bhruiséil, https://doi.org/10.1787/health_glance_eur-2018-en

gairmithe cúraim sláinte ar fud na mBallstát. Fágann sé sin go mbeidh an tsláinte phoiblí ag brath ar iarrachtaí comhordaithe an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát san am atá le teacht agus é ina chuspóir comhroinnte leis na hiarrachtaí sin blianta a chur leis an mbeatha agus beatha leis na blianta.

Beartas sláinte an Aontais Eorpaigh

Bunús dlí agus freagrachtaí

7 Le **Conradh Maastricht**, cuireadh an tsláinte ar an gClár Oibre Eorpach. Sonraítear ann: “Rannchuideoidh an Comhphobal le hardleibhéal cosanta a áirithiú le haghaidh shláinte an duine trí chomhar a chothú idir na Ballstáit agus, más gá, trí thacú lena ngníomhaíocht”³. Leis sin, réitíodh an bealach i gcomhair tacaíocht níos fearr do na Ballstáit i dtaobh cúram sláinte, i réimsí amhail:

- sláinte shaoránaigh an Aontais a fheabhsú;
- bonneagar sláinte a nuachóiriú;
- éifeachtúlacht na gcóras sláinte a fheabhsú.

8 Sa **Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)**, leagtar béim arís ar an tábhacht a bhaineann le beartas sláinte, agus sonraítear in Airteagal 168 go ndéanfar “ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais”.

9 I gcomhréir le CFAE, is **ar na Ballstáit** atá **an príomhfhreagracht** as cosaint sláinte agus, go háirithe, as córais cúraim sláinte, agus ba cheart go bhfágfadh gníomhaíochtaí an Aontais go ndéanfaí “[...] urraim a thabhairt do na freagrachtaí atá ar na Ballstáit maidir lena mbeartas sláinte a shainiú agus seirbhísí sláinte agus cúram liachta a eagrú agus a sholáthar”.

10 Dá bhrí sin, is é **an príomhról atá ag an Aontas Eorpach** tacú le gníomhaíocht na mBallstát i réimse na sláinte poiblí, í a chomhiomlánú nó í a chomhordú. Ba cheart, go háirithe, an ghníomhaíocht sin a bheith bainteach “[...] leis an tsláinte phoiblí a fheabhsú, le

³ Conradh Maastricht (1992), Airteagal 129.

tinnis agus galair an duine a chosc agus le foinsí contúirte do shláinte fhisiciúil agus mheabhrach a sheachaint”⁴.

11 Sa Choimisiún Eorpach, is í **an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia** (DG SANTE) atá freagrach as comhordú foriomlán a dhéanamh ar an straitéis sláinte agus í a chur chun feidhme. Tacaíonn sí le gníomhaíochtaí na mBallstát tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- reachtaíocht a mholadh;
- tacaíocht airgeadais a sholáthar;
- comhordú agus éascú a dhéanamh ar mhalartú an dea-chleachtais idir Ballstáit agus saineolaithe sláinte;
- gníomhaíochtaí um chur chun cinn na sláinte.

Cuspóirí beartais

12 Is iad **cuspóirí straitéiseacha bheartas sláinte AE**, mar a shainítear iad sa chlár sláinte 2014-2020⁵:

- **an tsláinte a chur chun cinn, galair a chosc agus stíleanna folláine maireachtála a chothú** tríd “an tsláinte a chur san áireamh i ngach beartas”;
- saoránaigh an Aontais a chosaint **ar bhagairtí tromchúiseacha sláinte trasteorann**;
- rannchuidiú le **córais sláinte** atá nuálach, éifeachtúil agus inbhuanaithe; agus
- éascú don rochtain ar **chúram sláinte sábháilte ardcháilíochta** do shaoránaigh an Aontais.

13 Is iad **tosaíochtaí sonraíocha an Choimisiúin i gcomhair 2016-2020** i réimse na sláinte poiblí, i measc nithe eile, cur le héifeachtacht costais, dul i ngleic le bagairtí domhanda atá ag teacht chun cinn amhail frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach, aghaidh a

⁴ Airteagal 168(1) faoi Theideal XIV de CFAE.

⁵ Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir le tríú Clár a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1350/2007/CE.

thabhairt ar thosca riosca i dtaobh galair neamhtheagmhálacha agus an vacsaíniú a chur chun cinn.

14 Faoi **gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile**, lena gcumhdófar an tréimhse 2021-2027, beidh Clár Sláinte AE faoi chuimsiú Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Is iad seo a leanas na cuspóirí leathana a mholtar sa togra atá ann faoi láthair: ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, córais sláinte a chumhachtú, tacú le reachtaíocht sláinte an Aontais agus le hobair chomhtháite ar Líonraí Tagartha Eorpacha (LTEnna), Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte, agus an dea-chleachtas agus an nuálaíocht a chur chun feidhme sa tsláinte phoiblí.

Cistiú

15 Is féidir cistiú a dhéanamh ar bheartas sláinte AE faoi ionstraimí difriúla. Is é **clár sláinte AE** an phríomhionstraim a bhaineann go heisiach leis an tsláinte, agus tá buiséad thart ar EUR 450 milliún leagtha síos dó i leith na tréimhse 2014-2020. Déantar maoiniú faoin gclár sin ar thionscnaimh a bhaineann le cur chun cinn na sláinte, slándáil sláinte agus faisnéis sláinte.

16 Seo a leanas ionstraimí eile faoina bhféadfar cistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le sláinte:

- an clár taighde **Fís 2020**, faoina dtacaítear le tionscadail réimsí amhail an bhiteicneolaíocht agus teicneolaíochtaí leighis;
- **beartas comhtháthaithe AE** faoina dtacaítear le hinfheistíochtaí sa tsláinte i dtíortha agus réigiúin AE;
- an **Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha**.

Sláinte phoiblí i mBallstáit an Aontais Eorpaigh

17 Cé gur ar luachanna comhchoiteanna – go háirithe, an comhionannas, rochtain uilíoch ar chúram ardcháilíochta agus an dlúthpháirtíocht⁶ – atá siad bunaithe, is mór atá idir na córais sláinte i mBallstáit an Aontais.

⁶ Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhluachanna agus Comhphrionsabail i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh, IO C 146, 22.6.2006.

18 Is ann do dhifríochtaí bunúsacha idir na córais sláinte maidir leis an gcaoi a ndéantar iad a chistiú agus a sholáthar. Is féidir trí mhodh cistiúcháin éagsúla a aithint san Aontas Eorpach⁷:

- is córas poiblí, arna mhaoiniú trí cháin, í “**samhail Beveridge**”, faoinarb iondúil go soláthraítear cumhdach uilíoch agus ar córas é a bhíonn ag brath ar chónaí nó ar shaoránacht;
- le “**Córas Árachais Sláinte Shóisialta**”, nó “samhail Bismarck”, déantar cúram sláinte a chistiú trí ranníocaíochtaí éigeantacha slándála sóisialta, ó fhostóirí agus fostaithe de ghnáth;
- bíonn “**an tsamhail mheasctha**” bunaithe ar chistiú príobháideach ó scéimeanna árachais shaorálaigh nó ó íocaíochtaí as póca.

19 In 2016, sheol an Coimisiún, i gcomhar le ECFE, an tionscnamh *State of Health in the EU* [Staid na Sláinte san Aontas Eorpach], arb é is aidhm dó cuidiú leis na Ballstáit feabhas a chur ar fheidhmíocht a gcóras sláinte. Faoi tionscnamh sin, d'fhoilsigh an Coimisiún an anailís ***Health at a Glance*** [Spléachadh ar an tSláinte] in 2018, lena ndéantar comparáid idir sonraí ó na Ballstáit go léir maidir le feidhmíocht a gcóras sláinte faoi seach.

20 Tá an anailís dírithe ar shaincheistean amhail bearta coisctheacha, rochtain ar chórais sláinte agus a n-éifeachtacht, chomh maith leis an inbhuanaitheacht fhioscach. Tugtar achoimre i bhFíor 1 ar phríomhchonclúidí na tuarascála:

⁷ Coiste Eorpach na Réigiún: *The Management of health systems in the EU Member States* [Córais sláinte a bhainistiú i mBallstáit an Aontais Eorpaigh].

Fíor 1 – An cás a dhéanamh maidir le hinfheistíocht níos cliste sa tsláinte



Foinse: An Coimisiún Eorpach, *State of Health in the EU* [Staid na Sláinte san Aontas Eorpach], Bileog sonraí faoin tuarascáil *Health at a Glance: Europe 2018* [Spléachadh ar an tSláinte: An Eoraip 2018] (ECFE, An Coimisiún Eorpach).

Cosc agus cosaint

21 Chun galair a chosc, déantar bearta arb é is aidhm leo ualach na ngalar agus na tosca riosca a ghabhann leo a laghdú⁸.

22 Is féidir an ghníomhaíocht sin a aicmiú mar a leanas:


- bíonn sé ina aidhm leis an gcosc príomhúil galair a sheachaint;
- leis an gcosc tánaisteach, déantar galar a aimsiú go luath;
- is é is aidhm don chosc treasach tionchar galair a laghdú.

⁸ EDS, 2017.

23 In 2016, meastar **go bhfuair 790 000 duine san Aontas bás roimh am** mar gheall ar thobac a chaitheamh, alcól a ól, aiste mhíshláintiúil bia agus easpa gníomhaíocht choirp⁹. Seans go bhféadfaí na daoine sin a bheith tugtha slán trí dhíriú níos mó ar chur chun cinn na sláinte agus ar chosc.

24 Go háirithe, is iad na galair neamhtheagmhálacha (e.g. galair chardashoithíocha, ailse, galar Alzheimer nó diaibéiteas) is cúis le cion mór básanna roimh am agus caítear níos mó airgid ar shláinte dá mbarr. Is minic gur féidir básanna dá leithéid a sheachaint trí mhaolú a dhéanamh ar na príomhthosca riosca is cúis leo (e.g. truailliú, caitheamh tobac, easpa gníomhaíocht choirp nó ól alcóil) (féach **Fíor 2, Fíor 3 agus Fíor 4**). Is fíor an méid sin go háirithe san Aontas Eorpach, ós rud é gurb é fós an réigiún ina n-óltar an méid alcóil is mó ar domhan. Ólann muintir na hEorpa thart ar 10 lítear alcóil in aghaidh na bliana. Thairis sin, bíonn thart ar 20 % de na daoine fásta san Aontas Eorpach ag caitheamh tobac gach lá.


**Fíor 2 – Ól foriomlán alcóil i measc daoine fásta
(2016 nó an bhliain is déanaí dá bhfuil na sonraí ar fáil)**



Foinse: Staitisticí Sláinte ECFE.


⁹ ECFE/AE (2018), *Health at a Glance: Europe 2018: State of Health in the EU Cycle* [Spléachadh ar an tSláinte: An Eoraip 2018: Staid na Sláinte i dTimthriall AE], Foilseacháin ECFE, Páras/AE, An Bhruiséil, https://doi.org/10.1787/health_glance_eur-2018-en

Fíor 3 – Rátaí Laethúla Caithimh Tobac i measc daoine fásta (2016 nó an bhliain is déanaí dá bhfuil na sonraí ar fáil)



Foinse: Staitisticí Sláinte ECFE.

Fíor 4 – Mortlaíocht arbh iad comhéifeachtaí thruailliú an aeir tí agus an aeir chomhthimpeallaigh ba chúis léi (in aghaidh gach 100 000 duine, 2016)



Foinse: Staitisticí Domhanda Sláinte (EDS).

25 Cé go bhfuil ról lárnach ag an gcosc ó thaobh daoine a thabhairt slán agus **airgead** a shábháil, san fhadtearma ar a laghad, **ní chaitear air faoi láthair ach thart ar 3 %** den mhéid iomlán a chaitear ar shláinte¹⁰.

26 Ina theannta sin, is limistéar é an cosc ina bhfuil **neamhionannas nach beag** i gceist i bhformhór na mBallstát, nó iontu go léir. Is ann do chomhchoibhneas mór idir an dóchúlacht go mbainfidh duine tairbhe as bearta coisctheacha ó thaobh na sláinte de agus stádas oideachais agus/nó stádas socheacnamaíoch an duine sin, mar shampla:

- 20 % de na daoine fásta a bhfuil leibhéal íseal oideachais orthu atá murtallach i gcomparáid le 12 % díobh siúd a bhfuil ardleibhéal oideachas orthu;
- is lú an seans go mbíonn daoine fásta ar ioncam íseal i mbun gníomhaíocht choirp ar feadh 150 nóiméad in aghaidh na seachtaine, mar a mholtar, agus is mó an seans go gcaitheann siad tobac go rialta.

27 Chun líon na ndaoine a fhaigheann bás roimh am a laghdú agus lena chur ar a gcumas do dhaoine saol níos faide a bheith acu agus iad fós i mbarr a sláinte, ní mór an bhéim a chur **ar ghalair a chosc seachas iad a leigheas**.

28 Dá bhrí sin, sheol an tAontas Eorpach roinnt tionscnamh le blianta beaga anuas atá dírithe go sonrach ar ghalair a chosc (féach [Bosca 1](#)).

¹⁰ ECFE/AE (2018), *Health at a Glance: Europe 2018: State of Health in the EU Cycle* [Spléachadh ar an tSláinte: An Eoraip 2018: Staid na Sláinte i dTimthriall AE], Foilseacháin ECFE, Páras/AE, An Bhruiséil, https://doi.org/10.1787/health_glance_eur-2018-en

Bosca 1

Tionscnaimh shláinte de chuid an Aontais Eorpaigh i réimse na mbeart coisctheach

Cosc trí mheán faisnéise

Is é an príomhchuspóir atá le gníomhaíocht an Aontais maidir le galair a chosc ná dóthain faisnéis ábhartha a sholáthar sa chaoi is go mbeidh tomhaltóirí in ann cinntí eolasacha a dhéanamh.

Chun dul i ngleic leis an **otracht**, ghlac an Coimisiún Eorpach straitéis dar teideal *Strategy on nutrition, overweight agus obesity-related health issues* [Straitéis maidir le saincheistanna a bhaineann le cothú, rómheáchan agus otracht] in 2007 agus sheol sé roinnt tionscnaimh shonracha sa réimse céanna. Ar cheann de na tionscnaimh sin, bunaíodh creat dlíthiúil maidir le maímh chothúcháin agus shláinte (e.g. “ar bheagán méathrais” nó “cailciam i gcomhair fiacla agus cnámha sláintiúla”). Sa chleachtas, cuireadh toirmeasc dá bharr ar mhaímh i leith cothaithe agus sláinte ar lipéid bhia nó i bhfógraí i gcomhair bia ar rud é nach bhfuil soiléir, cruinn na bunaithe ar fhianaise eolaíoch (Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006¹¹).

Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún Plean Gníomhaíochta um Otracht i measc Leanaí¹², ina moltar príomhréimsí gníomhaíochta agus foireann uirlisí a d'fhéadfaí a úsáid chun dul i ngleic le rómheáchan agus otracht i measc leanaí agus daoine óga faoi 2020.

Leagadh síos sa Treoir um Tháirgí Tobac 2014 ón Aontas Eorpach¹³ gur beart éigeantach é rabhadh sláinte a chur **ar thobac** agus ar tháirgí gaolmhara, agus cuireadh cosc ar fhógraíocht nó ar ghnéithe míthreoracha ar an bpacáistíocht.

29 Ar leibhéal níos ginearálta, in 2018 bhunaigh an Coimisiún Eorpach Grúpa Stiúrtha ar Chur Chun Cinn na Sláinte, Galair a Chosc agus Galair Neamhtheagmhálacha a Bhainistiú chun tacú le tíortha a bhfuil sé ina aidhm acu cuspóirí sláinte na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe sprioc a trí, “dea-shláinte agus folláine”. Cuireann

¹¹ Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le maímh chothúcháin agus shláinte a dhéantar ar bhianna.

¹² *EU Action Plan on Childhood Obesity 2014-2020* [Plean Gníomhaíochta AE um Otracht i measc Leanaí 2014-2020] 24 Feabhra 2014 [tugadh cothrom le dáta é an 12 Márta agus an 28 Iúil 2014].

¹³ Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialachán agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, tíolacadh agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE.

an Grúpa Stiúrtha comhairle ar an gCoimisiún agus soláthraíonn sé saineolas dó i ndáil leis an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc.

30 Tá bearta éagsúla déanta ag na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na príomhthosca riosca i ndáil leis an tsláinte:

- chun **caitheamh tobac** a laghdú, áiríodh leis na bearta sin feachtais feasachta, cánacha chun praghsanna a ardú, reachtaíocht maidir le timpeallachtaí saor ó dheatach agus srianta ó thaobh na fógraíochta;
- chun laghdú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le **caitheamh alcóil**, tá teorainn curtha ag a lán Ballstát leis an bhfáil a bhíonn ag ógánaigh ar tháirgí alcóil, tá praghsanna ardaithe acu agus tá rialacháin níos déine tugtha isteach acu maidir le fógraíocht. Tá leibhéil uasta leagtha síos ag gach Ballstát maidir leis an gcion alcóil san fhuil i gcás tiománaithe;
- **Otracht** – tá níos mó agus níos mó de na Ballstáit tar éis bearta a ghlacadh chun stíl fholláin mhaireachtála a chur chun cinn agus é ina chuspóir acu **otracht** a chosc nó a laghdú i measc a gcuid saoránach. Áiríodh leis na bearta sin faisnéis níos fearr a sholáthar faoin gcothú sa chaoi is go bhféadfaidh saoránaigh roghanna folláine a dhéanamh, e.g. lipéadú bia nó srianta fógraíochta ar bhia atá dírithe ar leanaí.
- ina theannta sin, cuireann formhór na mBallstát bearta i bhfeidhm chun **trueailliú aeir** a laghdú toisc go bhfaigheann 400 000 duine bás de bharr aer trueailithe gach bliain san Aontas.¹⁴

Rochtain ar chúram sláinte

31 Is é an sainmhíniú ar rochtain uilíoch ar chúram sláinte ná **fáil a bheith ar sheirbhísí sláinte ag an am ceart, san áit cheart agus ar an bpraghas ceart**. Tá an rochtain uilíoch ar cheann de na réamhchoinníollacha is tábhachtaí maidir le comhionannas sláinte.

32 Cumhdaítear an ceart chun rochtain ar chúram sláinte ardchaighdeán sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (Airteagal 35), agus dá réir sin tá an ceart sin ar

¹⁴ Féach [tuarascáil speisialta 23/2018 ó Chúirt Iníúchóirí na hEorpa](#): *Air pollution: Our health still insufficiently protected* [Trueailliú an aeir: easpa cosanta don tsláinte go fóill].

cheann de na treoirphrionsabail i leith córais sláinte san Aontas Eorpach. Ina theannta sin, tá sé ar cheann de spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (sprioc a trí).


33 Is iondúil go ndéantar an rochtain ar chúram sláinte a thomhas trí úsáid a bhaint as an táscaire “líon na ndaoine a deir go bhfuil riachtanais cúraim sláinte acu nach bhfuiltear ag freastal orthu”. Níl freastal á dhéanamh ar riachtanais cúraim sláinte más rud é nach bhfuil na seirbhísí a iarrtar ar fáil in am, san áit cheart, ná, i gcás córais sláinte a bhfuil roinnt cistiú príobháideach ar a laghad á dhéanamh orthu, ar phraghas inacmhainne.

34 Ar an iomlán, áirithítear rochtain ar chúram sláinte san Aontas Eorpach. I bhformhór na mBallstát, níl aon riachtanais cúraim sláinte nach bhfuiltear ag freastal orthu le tuairisciú ag formhór na saoránach (cuid mhaith níos mó ná 90 %), agus tá laghdú eile fós tagtha le 10 mbliain anuas ar chion na ndaoine a deir go bhfuil riachtanais den sórt sin acu nach bhfuiltear ag freastal orthu (féach *Fíor 5 agus Fíor 6*).

35 Ní bhíonn an rochtain chéanna ar chúram sláinte i ngach áit, áfach, agus **tá neamhionannas i gceist fós** idir tíortha éagsúla, agus freisin idir réigiúin éagsúla agus idir grúpaí ioncaim éagsúla laistigh de thíortha:


- tá fadhb fós sa Ghréig agus san Eastóin ó thaobh riachtanais cúraim sláinte nach bhfuiltear ag freastal orthu – thuairiscigh 10 % de na saoránaigh sna tíortha sin riachtanas cúraim sláinte nár freastalaíodh air in 2016;
- tá cúig oiread an dóchúlacht ann go mbeidh riachtanais cúraim sláinte nach bhfuiltear ag freastal orthu ag teaghlaigh ar ioncam íseal;
- is minic a bhíonn easpa dochtúirí ginearálta i gceantair thuithe agus i gceantair iargúlta, agus tá méadú tagtha ar na tréimhsí feithimh i gcomhair obráidí neamhéigeandála ina lán Ballstát den Aontas Eorpach le blianta beaga anuas.

Fíor 5 – Riachtanais cúraim sláinte nach bhfuiltear ag freastal orthu de réir stádas socheacnamaíoch, gach Ballstát den Aontas Eorpach (2008-2016)



Foinse: Bunachar sonraí Eurostat.

Fíor 6 – Dochtúirí atá ag cleachtadh a ngairme in aghaidh gach 1 000 saoránach



* Tagraíonn na sonraí do na dochtúirí go léir a bhfuil ceadúnas acu chun a ngairme a chleachtadh, rud a fhágann go bhfuil rómheastachán mór á dhéanamh ar líon na ndochtúirí atá ag cleachtadh a ngairme (e.g. thart ar 30 % sa Phortaingéil).

** Ní hamháin go n-áirítear sna sonraí dochtúirí a sholáthraíonn cúram díreach d'othair, ach freisin iad siúd a bhíonn ag obair in earnáil na sláinte mar bhainisteoirí, oideachasóirí, taighdeoirí, etc. (sin 5 % – 10 % eile de na dochtúirí).

Foinse: *Health at a Glance: Europe 2018* [Spléachadh ar an tSláinte: An Eoraip 2018] (ECFE, An Coimisiún Eorpach).

36 Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, déantar faireachán tráthrialta ar shonraí maidir leis an rochtain ar sheirbhísí sláinte. Bhunaigh an Coimisiún sainghrúpa maidir le hinrochtaineacht, i measc nithe eile, in 2016.

37 Is amhlaidh, áfach, gur **ar na Ballstáit a bhíonn an phríomhfhreagracht** as feabhas a chur ar an rochtain ar chúram sláinte. Tá roinnt beart glactha acu chun feabhas a chur ar an rochtain ar chúram sláinte, amhail¹⁵:

- neartú a dhéanamh ar chúram príomhúil, lena n-áirítear comhordú níos fearr idir cúram príomhúil agus cúram speisialaithe;
- cumhdach breise do sheirbhísí sláinte, rud a laghdaíonn íocaíochtaí as póca;
- pá níos airde d'fhostaithe san earnáil sláinte;
- sochair airgeadais do dhochtúirí i limistéir ina bhfuil easpa cumhdaigh, eadhon ceantair iargúlta agus ceantair thuaithe.

38 Ina theannta sin, rinneadh bearta sonracha lena áirithiú go bhfuil rochtain ag daoine ar chúram sláinte i mBallstát eile den Aontas (féach [Bosca 2](#)).

¹⁵ Bileog Eolais Téamach de chuid an tSeimeastair Eorpaigh: *Health Systems* [Córais Sláinte].

Bosca 2

Cúram sláinte trasteorann san Aontas Eorpach

Cúram sláinte trasteorann – cé na tairbhí atá le baint as ag saoránaigh an Aontais?

Faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Cúram Sláinte Trasteorann, a glacadh in 2011, leagtar amach an creat dlíthiúil i gcomhair saoránaigh den Aontas a bhfuil cúram sláinte á lorg acu i mBallstát eile seachas an ceann ina bhfuil cónaí orthu féin.

Faoin treoir sin, tugtar rochtain do shaoránaigh den Aontas ar mian leo cúram sláinte a lorg ar an gcoigríoch ar chúram sláinte sábháilte ardcháilíochta i mBallstát eile, agus aisíoctar leo an méid céanna a gheobhaidís dá mba rud é gur ina dtír chónaithe féin a cuireadh cóir leighis orthu.

Chomh maith leis sin, bunaíodh Pointí Teagmhála Náisiúnta ar fud an Aontais, chun faisnéis a sholáthar faoin gcúram sláinte atá ar fáil sna Ballstáit éagsúla agus faoi na coinníollacha a ghabhann le haisíocaíocht a fháil i leith na seirbhísí.

Cé go bhfuil an tsoghluaisteacht i measc na n-othar fós go mór faoi thionchar ag cóngarachta ó thaobh cultúir agus cóngarachta gheografach, céim thábhachtach is ea an comhar maidir le cúram sláinte trasteorann ó thaobh leathnú a dhéanamh ar an gcomhar Eorpach i réimse na sláinte.


Cáilíocht na seirbhísí sláinte

39 I gcás córais sláinte ardcháilíochta, baintear amach an cuspóir deiridh i dtaobh shláinte na saoránach a chothú nó a fheabhsú go héifeachtach. Is minic a dhéantar éifeachtacht an chórais sláinte a thomhas ar bhonn rátaí mortlaíochta inchóireáilte (cásanna báis a bhféadfaí iad a sheachaint trí idirghabhálacha tráthúla, ardcháilíochta sláinte). Táscairí malartacha is ea ionchas saoil nó “táscairí boga” amhail eispéireas an othair nó cáilíocht na beatha tar éis don othar teacht chuige féin ó thinneas nó gortú.

40 Tá dlúthnasc idir coincheap na rátaí mortlaíochta inchóireáilte agus coincheap na mortlaíochta inchoiscthe (cásanna báis a d'fhéadfaí a sheachaint trí shláinte phoiblí agus cosc). Má chuirtear le chéile an mhortlaíocht inchoiscthe agus an mhortlaíocht inchóireáilte, is ionann sin agus an ráta mortlaíochta inseachanta. In 2015, fuair breis is 1.2 milliún duine bás roimh am (sula raibh 75 bliana slánaithe acu) ceal beartais éifeachtacha sláinte poiblí, bearta coisctheacha agus cúram sláinte. Meastar gur chásanna inchóireáilte a bhí i gceist i

gcás 570 000 de na daoine sin a fuair bás (féach **Fíor 7** i gcomhair rátaí mortlaíochta inchóireáilte de réir tíre).

Fíor 7 – Rátaí mortlaíochta inchóireáilte (2015)



* Meán trí bliana (2013-15).


Foinse: Staitisticí Sláinte ECFE 2018.

41 Le deich mbliana anuas, tá feabhas mór tagtha ar fud an Aontais **ar cháilíocht an ghéarchúraim** i leith riochtaí lena ngabhann baol don bheatha. Idir 2005 agus 2015, tháinig laghdú 30 % ar an líon daoine a fhaigheann bás tar éis iad a thabhairt isteach chun an ospidéal ina gcás siúd a d'fhulaing géar-ionfharctadh miócairdiach, agus laghdú 20 % a bhí i gceist sa tréimhse sin i gcás strócanna. Fós féin, áfach, tá neamhionannas i gceist idir tíortha agus idir ospidéal éagsúla sa tír chéanna.

42 Tá dul chun cinn nach beag déanta freisin ar fud an Aontais Eorpaigh i ndáil le **rátaí marthanais i measc othair a bhfuil ailse orthu**, trí chlár scagthástála a chur chun feidhme den chuid is mó, i gcomhar le cúram níos éifeachtúla agus níos tráthúla.

43 Is é 81 bhliain **an meánionchas saoil** san Aontas Eorpach faoi láthair (féach **Fíor 8**). Cé go bhfuil an t-ionchas saoil fós ag ardú, tá moill tagtha ar an ardú sin le blianta beaga anuas, go háirithe in Iarthar na hEorpa. Is amhlaidh fós gurb iad galair imshruthaithe agus ailse na príomhchúiseanna báis ar fud an Aontais, agus is iad na galair sin is cúis le breis is 60 % de na básanna go léir.

Fíor 8 – An t-ionchas saoil tráth na breithe de réir inscne (2016)



* Meán trí bliana (2014-16).

Foinse: Health at a Glance: Europe 2018 [Spléachadh ar an tSláinte: An Eoraip 2018] (ECFE, An Coimisiún Eorpach).

44 Bíonn éagsúlacht mhór i gceist san ionchas saoil freisin ag brath ar inscne agus ar stádas socheacnamaíoch. I gcás daoine a bhfuil leibhéal íseal oideachais orthu, tá ionchas saoil ocht mbliana níos ísle ag na fir agus ceithre bliana níos ísle ag na mná i gcomparáid le daoine a bhfuil ardleibhéal oideachais orthu.

45 Tá baint mhór idir cáilíocht an chúraim agus éifeachtúlacht na gcóras sláinte agus réimsí eile den tsláinte phoiblí, go háirithe rochtain ar sheirbhísí sláinte agus bearta coisctheacha. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige iomlánaíoch i leith bearta chun feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim.

46 I measc na mbearta a rinneadh ar leibhéal na mBallstát chun feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim, tá úsáid na teicneolaíochta nua, athruithe eagrúcháin ó thaobh seirbhísí sláinte a sholáthar agus, go ginearálta, béim níos mó a bheith ar chúram níos comhtháite agus níos sainiúla.

47 Is casta an rud é fós, áfach, torthaí na mbearta sin a mheas. Cé go ndearnadh iarracht sonraí a bhailiú maidir le héifeachtacht na gcóras sláinte, níl fáil fós ach ar fhaisnéis theoranta maidir le táscairí níos cáilíochtúla amhail eispéireas an othair nó cáilíocht na beatha.

48 Thacaigh an Coimisiún Eorpach le forbairt Buntáscairí Sláinte Eorpacha (ECHI), arb é atá i gceist leo sraith táscairí chun faireachán a dhéanamh ar stádas sláinte shaoránaigh den Aontas agus ar fheidhmíocht chórais sláinte an Aontais. Chomh maith leis sin, sheol sé an tsraith *Health at a glance* [Spléachadh ar an tSláinte] i gcomhar le ECFE.

49 Ina theannta sin, bhunaigh an Coimisiún Sainghrúpa um Measúnú ar Fheidhmíocht Córas Sláinte sa chaoi is go mbeidh fóram ag na Ballstáit chun malartú a dhéanamh ar eispéiris sa réimse sin agus chun tacú le lucht déanta beartais náisiúnta trí uirlisí agus modheolaíochtaí um measúnú ar fheidhmíocht córas sláinte a fhorbairt i ndlúthchomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail EDS agus ECFE.

Teicneolaíochtaí nua agus ríomhsheirbhísí sláinte

50 Féadfar sainmhíniú a thabhairt ar ríomhsheirbhísí sláinte, nó an tsláinte dhigiteach, mar seo a leanas: **na huirlisí agus na seirbhísí go léir ina mbaintear úsáid as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide** chun feabhas a chur ar chosc galar, ar dhiagnóisiú, ar chóireáil, ar fhaireachán ar an tsláinte nó ar bhainistíocht sláinte.

51 Is mór millteach an tairbhe a d'fhéadfadh a bheith le baint as teicneolaíochtaí nua i dtéarmaí éifeachtúlachta agus caighdeán i ndáil le galair a chosc agus i ndáil le seirbhísí cúraim sláinte. Is iad seo a leanas na príomhúsáidí a bhaintear as teicneolaíochtaí nua i réimse na sláinte faoi láthair:


- taifid leighis leictreonacha, taifid leighis ríomhairithe arna gcruthú ag soláthraithe éagsúla seirbhísí sláinte agus arna gcomhroinnt eatarthu más féidir é;
- ríomhoideasú: oidis liachta a ghineadh, a tharchur agus a chomhdú ar ríomhaire;
- faisnéis ar líne faoi chúrsaí sláinte;
- rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte (e.g. coinní a dhéanamh) ar an idirlíon.

52 Cé go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí nua sa tsláinte phoiblí ar fud an Aontais Eorpaigh, bíonn difríochtaí i gceist fós ar bhonn aoise agus ar bhonn grúpa socheacnamaíoch.

53 Tá **taifid leighis leictreonacha** curtha chun cinn ina lán Ballstát, agus tá borradh faoin úsáid a bhaintear astu ar fud an Aontais Eorpaigh. I suirbhé a rinneadh in 15 Bhallstát,

léirítear gur bhain 80 % ar an meán de na lianna cúraim phríomhúil sna tíortha sin leas as taifid leighis leictreonacha in 2016 (féach [Fíor 9](#)). I bhformhór na dtíortha sin, bíonn rochtain ag na hothair ar a dtaifid leighis féin agus, i roinnt tíortha, is féidir leis na hothair cur leis an bhfaisnéis atá iontu nó í a mhodhnú.


Fíor 9 – Céatadán na lianna cúraim phríomhúil a úsáideann taifid leighis leictreonacha (2016)



Foinse: Suirbhé ECFE ar Fhorbairt Córas Leictreonach i leith Taifead Sláinte agus ar an Úsáid a Bhaintear Astu.

54 Baineann éagsúlacht níos mó le cás na **ríomhsheirbhísí ordaithe cógas**: tá ráta beagnach 100 % i gceist ó thaobh úsáid a bhaint as ríomhsheirbhísí ordaithe cógas i roinnt tíortha amhail an Fhionlainn, an tSualainn, an Danmhairg, an Phortaingéil agus an Spáinn, i gcomparáid le tíortha eile amhail an Fhrainc nó an Ghearmáin, áit nár cuireadh ríomhsheirbhísí ordaithe cógas chun feidhme (féach [Fíor 10](#)). Ba cheart go dtiocfadh ríomhsheirbhísí ordaithe cógas i dtreise, áfach: táthar ag súil go mbeidh 22 Bhallstát den Aontas ag malartú achoimrí othar agus/nó oidis leictreonacha faoi dheireadh na bliana 2021.

Fíor 10 – An céatadán ordaithe cógas a dhéantar trí mheán ríomhsheirbhísí sna cógaslanna pobail (2018)



Foinse: Grúpa Cógaisíochta an Aontais Eorpaigh (PGEU).

55 Le glacadh na **Straitéise maidir le Margadh Aonair Digiteach in 2015**, tá úsáid níos mó á baint ag an gCoimisiún as an teicneolaíocht i ngach réimse, lena n-áirítear earnáil na sláinte, atá ar cheann dá phríomhthosaíochtaí.

Fíor 11 – Sláinte dhigiteach

Sláinte agus Cúram Digiteach



ATHRÚ Ó BHONN AR SHLÁINTE AGUS CÚRAIM SA MHARGADH AONAIR AR LÍNE – Leas a bhaint as an ngealladh atá faoi shonraí chun saoránaigh a chumhachtú agus sochaí níos sláintiúla a chothú

Dúshlán sláinte na hEorpa

- Pobal atá ag dul in aois agus galair ainsealacha ag cur brú ar bhuiséid sláinte
- Neamhionannas i dtaobh cháilíocht na seirbhísí sláinte agus na rochtana orthu
- Ganntanas gairmithe sláinte

Cumas feidhmchlár agus sonraí digiteacha chun sláinte a fheabhsú

- Córais chúraim sláinte atá éifeachtúil, comhtháite
- Taighde sláinte, diagnóisíú agus cóireáil atá dírithe ar an duine aonair
- Bearta coisctheacha agus seirbhísí sláinte atá dírithe ar an saoránach

Tá saoránaigh AE ag iarraidh:

- 90 % Rochtain a bheith acu ar a gcuid sonraí sláinte féin (rud a éilíonn sonraí sláinte idir-inoibritheacha, ardcháilíochta)
- 80 % A gcuid sonraí sláinte a chomhroinnt (ach príobháideachas agus slándáil a áiríthiú)
- 80 % Aiseolas a sholáthar ar cháilíocht cóireálacha

Tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach:

- ##### Sonraí sláinte a rochtain agus a mhalartú go slán

Uaillmhian: Tá rochtain shábháilte ag saoránaigh ar a gcuid sonraí sláinte agus is féidir le soláthraithe sláinte (dochtúirí, cógaslanna...) iad a mhalartú ar fud an Aontais Eorpaigh.

Bearta:

 - Le bonneagar ríomhsheirbhísí sláinte, beidh seirbhísí tosaigh trasteorann ar fáil (achoimrí othar agus ríomhorduithe cógas) agus neartófar an comhar idir na tíortha rannpháirteacha.
 - Moltaí chun leathnú a dhéanamh ar faon feidhme na ríomhsheirbhísí sláinte trasteorann sa chaoi is go gcumhdófar cásanna breise leo, e.g. ríomhthaifid iomlána sláinte.
 - Formáid mhalartaithe mholta le haghaidh idir-inoibritheacht na ríomhthaifid sláinte leictreonach atá in úsáid san Eoraip cheana.
- ##### Sonraí sláinte comhthiomsaithe le haghaidh taighde agus leigheas pearsantaithe

Uaillmhian: Acmhainní sláinte comhroinnta (sonraí, bonneagar, sainseolas...) trínar féidir taighde, diagnóisíú agus cóireáil spriocdhírthe, thapa a dhéanamh

Bearta:

 - Sásraí comhoibrithe deonacha maidir le taighde sláinte agus cleachtais clínicíúil (ag tosú leis an sprioc "aon mhilliún géanóm faoi 2022").
 - Sonraíochtaí maidir le rochtain shlán ar shonraí sláinte agus mhalartú sonraí sláinte.
 - Gníomhaíochtaí píolótacha maidir le galair neamhchoitianta, galair ionfhabhtacha agus sonraí tionchair.
- ##### Uirlisí agus sonraí digiteacha chun saoránaigh a chumhachtú agus cúram sláinte atá dírithe ar an duine aonair

Uaillmhian: Saoránaigh a bheith in ann faireachán a dhéanamh ar a sláinte, a stíl mhaireachtála a oiriúnú agus idirghníomhú lena ndochtúirí agus a gcúramóirí (agus aiseolas á fháil agus á thabhairt acu).

Bearta:

 - Éascú do réitigh nuálacha digiteach don tsláinte a sholáthar, i gcás FBManna freisin, ar bhonn príonsabail choiteanna agus faoi réir deimhniú coiteann.
 - Tacú leis an éileamh ar réitigh dhigiteacha nuálacha i réimse na sláinte, go háirithe i gcás údaráis agus soláthraithe cúram sláinte, trí chleachtais agus cúnamh teicniúil a mhalartú.
 - A spreagadh go ndéanfar cistiú poiblí níos éifeachtúla ar réitigh dhigiteacha nuálacha i réimse na sláinte, lena n-áirítear le cistiú AE.

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

56 I mí Aibreáin 2018 d'eisigh an Coimisiún **teachtaireacht ar chlaochlú na sláinte digití agus an chúraim dhigitigh**, ina sainaithnítear trí réimse fócais éagsúla (féach **Fíor 11**):

- **Rochtain shlán ar shonraí agus a gcomhroinnt shlán.** Chun rochtain níos fearr ar chúram sláinte trasteorann a éascú, tá an Coimisiún ag forbairt bonneagar ríomhsheirbhísí digiteacha sláinte, lena bhféadfar **ríomhorduithe cógas agus achoimrí othar** a mhalartú idir soláthraithe cúraim sláinte. Cuireadh tús leis na chéad mhalartuithe trasteorann in 2019. San fhadtearma, tá an Coimisiún ag obair chun formáid Eorpach a fhorbairt ina ndéanfar taifid sláinte leictreonacha a mhalartú, a mbeidh rochtain ag gach saoránach den Aontas uirthi.
- **Sonraí sláinte a nascadh agus a chomhroinnt** le haghaidh taighde, teacht ar dhiagnóisí níos tapa agus sláinte fheabhsaithe. Rinneadh bonneagar digiteach díláraithe sláinte na hEorpa a phleanáil chun éascú do dhiagnóisí saincheaptha a dhéanamh agus do chóir leighis saincheaptha a chur ar othair, chun cuidiú le seirbhísí sláinte a bheith níos dea-ullmhaithe chun freagairt do bhagairtí sláinte trasteorann, agus chun feabhas a chur ar fhorbairt táirgí leighis agus ar an bhfaireachas a dhéantar orthu.

- **Near tú a dhéanamh ar chumhachtú na saoránach** agus ar an sainchúram trí sheirbhísí digiteacha. Is féidir le seirbhísí digiteacha a bheith ina gcúnamh maidir le riochtaí ainsealacha a chosc agus a bhainistiú, agus is féidir le hothair iad a úsáid chun aiseolas a sholáthar do sholáthraithe cúraim sláinte.

57 Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag an gCoimisiún maidir le tacú leis na Ballstáit i dtaobh leas a bhaint as an teicneolaíocht nua-aimseartha i réimse na sláinte agus comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí náisiúnta (féach **Bosca 3**).

Bosca 3

Tionscnaimh maidir le ríomhsheirbhísí sláinte

I mí Feabhra 2019, chuir an Coimisiún i láthair sraith moltaí maidir le córas slán a bhunú lena bhféadfaidh saoránaigh rochtain a bheith acu ar a gcomhaid sláinte leictreonacha ar fud an Aontais Eorpaigh.

Leis an gcóras nua sin, bheifí ag tógáil ar tionscnaimh atá ann cheana i dtaobh taifid sláinte a mhalartú trína áireamh leo go ndéanfar malartú ar thástálacha saotharlainne, ar thuairiscí míochaine um scaoileadh abhaile agus ar thuairiscí íomháithe.

Is iad na tairbhí a bheadh ann do shaoránaigh an Aontais, i measc eile:


- rochtain láithreach ar a dtaifid leighis agus iad thar lear, lena n-áirítear i gcásanna éigeandála;
- cur le comhleanúnachas agus cáilíocht an chúraim sláinte i gcás saoránaigh atá chun cur fúthu thar lear;
- deiseanna nua taighde trí shonraí sláinte a chomhroinnt (faoi réir chead an othair);
- gnóthachain éifeachtúlachta trína sheachaint go ndéanfaí tástálacha saotharlainne nó tástálacha raideolaíochta an athuair.

Inbhuanaitheacht fhioscach agus gnéithe airgeadais eile

58 Tá an inbhuanaitheacht fhioscach ar cheann de na príomhdhúshláin atá le sárú ag na Ballstáit ó thaobh na sláinte poiblí. Caitear thart ar EUR 1.5 trilliún (2016) ar an tsláinte, atá ar cheann de na réimsí is mó ar a gcaitear airgead poiblí san Aontas Eorpach agus ina bhfuil an caiteachas ag méadú go tréan¹⁶.

59 In 2017, ba ar an tsláinte a caitheadh 9.6 % de OTI an Aontais, i gcomparáid le 8.8 % in 2008 agus b'ionann an caiteachas ar shláinte *per capita* agus EUR 2 773 in 2017 (féach [Fíor 12 agus Fíor 13](#)).


Fíor 12 – Caiteachas ar shláinte mar sciar de OTI (2017)



Foinse: Staitisticí Sláinte ECFE 2018.

¹⁶ Bileog Eolais de chuid an tSeimeastair Eorpaigh: *Health systems* [Córais sláinte].

Fíor 13 – Caiteachas ar shláinte *per capita* (2017)



Foinse: Staitisticí sláinte ECFE.


60 Meastar go dtiocfaidh méadú eile fós ar an gcaiteachas ar shláinte, agus is é an phríomhchúis atá leis sin ná **athruithe déimeagrafacha** i gcomhar le **costais níos airde** ar theicneolaíochtaí nua i dtaobh leighis agus cúraim.

61 An tráth céanna, is minice ná riamh a dhéantar grinnscrúdú ar an gcaiteachas ar shláinte de bharr na hacmhainní airgeadais a bheith teoranta. Ós rud, in dhá thrian de na Ballstáit, gur **ó chistiú poiblí a thagann níos mó ná 70 % den chaiteachas ar shláinte**, tá dlúthnasc ann idir inbhuanaitheacht córais sláinte agus staid eacnamaíoch an Bhallstáit agus staid eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh ina iomláine.

62 Ní mór réimsí ina bhféadfaí airgead a shábháil a aithint freisin sa chaoi is go mbeidh córais sláinte inbhuanaithe ó thaobh airgeadais. Faoi láthair, **meastar go bhféadfaí suas le haon cúigiú den chaiteachas ar shláinte a sheachaint**, agus sin airgead a bhféadfaí úsáid níos fearr a bhaint as ach é a chaitheamh ar rud éigin eile¹⁷. Dhá cheann de na réimsí a luaitear go minic leis an airgead a d'fhéadfaí a shábháil is ea ospidéal (go háirithe líon na leapacha ospidéal (féach **Fíor 14**) nó líon na gcásanna ina bhféadfaí fanacht san ospidéal a sheachaint) agus earraí cógaisíochta (e.g. roghnú, soláthar agus praghsáil a d'fhéadfaí a fheabhsú).

¹⁷ ECFE; *Tackling Wasteful Spending on Health* [Ag Dul i nGleic le Caiteachas Gan Tairbhe ar Shláinte]; Eanáir 2017.

Fíor 14 – Leapacha ospidéil in aghaidh gach 1 000 duine a chónaíonn sa tír (2016)



Foinse: Staitisticí sláinte ECFE.

63 Rud a bhfuil dlúthbhaint idir é agus inbhuanaitheacht airgeadais na gcóras sláinte is ea an teacht aniar atá iontu, is é sin an cumas atá acu freagairt go hiomchuí d'athruithe. Go háirithe, fágann na hathruithe déimeagrafacha atá ag teacht ar an tsochaí nua-aimseartha nach mór cur leis na seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil, agus nach mór freisin athrú ó bhonn a dhéanamh orthu de réir mar a athraítear ó ghéarchúram sláinte sna hospidéil go dtí córas faoina mbeidh cúram fadtéarmach ar fáil sa phobal, agus béim níos mó á leagan ar dhaoine.

64 Leag an Coimisiún Eorpach béim arís agus arís ar an ngá atá ann **athchóiriú a dhéanamh ar chórais sláinte poiblí** lena áirithiú go mbeidh siad inbhuanaithe, agus rochtain uilíoch a bheith fós ann ar chúram ardcháilíochta an tráth céanna. Tacaíonn sé leis na Ballstáit i dtaobh na hoibre sin trí anailísí, treoirlínte agus uirlisí faireacháin nó meastóireachta a sholáthar, agus trí bhearta athchóirithe a mholadh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

65 Ina theannta sin, bhunaigh an Coimisiún painéil saineolaithe neamhspleácha chun comhairle a sholáthar maidir le hinfheistíocht sa tsláinte agus thug sé isteach roinnt tionscnamh chun neartú a dhéanamh ar éifeachtacht roinnt córais náisiúnta sláinte agus ar an teacht aniar atá iontu, rud a fhágann níos inbhuanaithe iad. Tionscnamh amháin den sórt sin is ea an Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte, cur chuige eolaíoch i dtaobh éifeachtacht

teicneolaíochtaí sláinte a mheas. Bíonn na Ballstáit ag obair i gcomhar le chéile trí líonra¹⁸ chun dúbláil ar an obair a laghdú ar an leibhéal náisiúnta.

66 Ar bhonn níos sonraí, tacaíonn an Coimisiún le hiarrachtaí na mBallstát comhordú a dhéanamh ar a dtionscnaimh i réimse an taighde agus na ríomhsheirbhísí sláinte chun éifeachtúlacht a mhéadú agus costais a spáráil. Tacaítear leis sin le cistiú ón Aontas Eorpach, faoin gClár Fís 2020 agus cláir taighde ina dhiaidh sin go príomha.

67 Ar fud an Aontais, rinne na Ballstáit **iarracht leanúnach a gcórais sláinte a athchóiriú**, ní hamháin chun cur lena éifeachtaí atá siad ach chun iad a bheith níos inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de freisin agus teacht aniar níos mó a bheith iontu.

68 Cé go bhfuil dul chun cinn déanta cheana féin i roinnt réimsí, amhail sábháil airgid i ndáil le hospidéal, beifear ag díriú ar an bpróiseas sin in earnáil na sláinte poiblí ar feadh i bhfad.

¹⁸ Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm.

CUID II – Forléargas ar an obair a rinne na UFlinna

Réamhrá

69 Sa chuid seo den choimre iniúchtaí, tugtar achoimre ar thorthaí iniúchtaí roghnaithe a rinne UFlanna de chuid na 23 Bhallstát rannpháirteacha¹⁹ agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

An mhodheolaíocht iniúcháireachta

70 Déanann UFlanna a gcuid iniúchtaí i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta na UFlanna agus caighdeáin ábhartha cur chun feidhme a fhorbraítear ar an leibhéal náisiúnta chun cáilíocht na hoibre iniúcháireachta agus na dtuarascálacha iniúchóirí a áirithiú.

71 Rinneadh an mhodheolaíocht agus na nósanna imeachta iniúcháireachta a roghnú agus a chur i bhfeidhm lena áirithiú go gcomhlíonfaí na cúraimí iniúcháireachta ar shlí chomh héifeachtach a d'fhéadfaí.

72 Bailíodh fianaise na n-iniúchtaí trí anailís ar dhoiciméid agus trí anailísiú sonraí (staidrimh), agus trí agallaimh le húdaráis náisiúnta agus Údaráis réigiúnacha nó le tairbhithe. I gcás inarb ábhartha, rinneadh an méid sin a chomhlánú le suirbhéanna chun tuairimí a fháil ó bhuíon níos mó agus/nó níos leithne freagróirí. Ar na modhanna eile a úsáideadh bhí tástáil dhíreach, cás-staidéir agus tagarmharcáil.

An tréimhse a ndearnadh iniúchadh uirthi

73 Is minic gur deacair iniúchadh a dhéanamh ag céim luath ar na héifeachtaí a bhíonn ag bearta struchtúracha agus ar an tionchar a bhíonn ag cláir. Na hiniúchtaí a chumhdaítear sa choimre seo, tá siad dírithe ar chláir ilbhliantúla a cuireadh chun feidhme idir 2011 agus 2019.

74 Tugtar forléargas **Tábla 1** ar na príomhréimsí fócais i dtaobh na hoibre iniúcháireachta a dhéanann na UFlanna.

¹⁹ An Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, Poblacht na Seice, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn agus an Ungáir.

Tábla 1 – Forléargas ar an obair iniúcháireachta a dhéanann UFlanna de chuid an Aontais Eorpaigh atá san áireamh sa choimre iniúchtaí seo

UFI	Teideal an iniúchta	An príomhréimse ar a bhfuil sé dírithe				
		Cosc agus cosaint	Rochtain ar sheirbhísí sláinte	Cáilíocht na seirbhísí sláinte	Teicneolaíochtaí nua agus ríomhsheirbhísí sláinte	Inbhuanaitheacht fhioscach agus gnéithe airgeadais eile
An Bheilg	Beartas Pléimeannach um bearta coisctheacha sláinte – measúnú ar fheidhmíocht bheartais	✓				
An Bhulgáir	Ríomhsheirbhísí sláinte				✓	
An Danmhairg	Difríochtaí i gcáilíocht an chúraim ar fud na n-ospidéal sa Danmhairg			✓		
An Eastóin	Gníomhaíochtaí an Stáit maidir leis an gcóras ríomhsheirbhísí sláinte a chur chun feidhme				✓	
Éire	Obráidí roghnacha lae a bhainistiú			✓		
An Fhionlainn	Meastacháin treochta i ndáil leis an gcaiteachas ar shlándáil shóisialta					✓
An Fhrainc	Ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc	✓				
An Ghearmáin	Taighde sláinte atá de dhíth chun staidéar a dhéanamh ar fhiúntas na cóireála ortódóntaice		✓			
An Ghréig	Iniúchadh ar riaráistí an Stáit maidir le hospidéal agus an Foras Náisiúnta Cúraim Sláinte					✓
An Iodáil	Cur chun feidhme an chláir urghnách chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh agus nuachóiriú teicneolaíoch a dhéanamh ar réadmhaoine de chuid na bhforas sláinte poiblí					✓
An Laitvia	An bhfuil céim sa treo ceart á tógáil leis an tionscadal “Ríomhsheirbhísí Sláinte sa Laitvia”?				✓	
An Liotuáin	A inrochtana atá seirbhísí cúraim d'othair agus mar a dhírítear ar othair		✓			
Lucsamburg	Infheistíochtaí ospidéal a mhaoiniú					✓
Málta	Feidhm an dochtúra ghinearálta – croílár an chúraim sláinte phríomhúil		✓			

UFI	Teideal an iniúchta	An príomhréimse ar a bhfuil sé dírithe				
		Cosc agus cosaint	Rochtain ar sheirbhísí sláinte	Cáilíocht na seirbhísí sláinte	Teicneolaíochtaí nua agus ríomhsheirbhísí sláinte	Inbhuanaitheacht fhioscach agus gnéithe airgeadais eile
An Ostair	Dearbhú cáilíochta i gcás cleachtóirí sláinte neamhspleácha			✓		
An Pholainn	Diaibéiteas chineál 2 a chosc agus cóireáil a chur ina choinne	✓				
An Phortaingéil	An rochtain a bhíonn ag saoránaigh ar chúram sláinte i Seirbhís Náisiúnta Sláinte na Portaingéile		✓			
An Rómáin	Iniúchadh feidhmíochta ar fhorbairt bonneagair sláinte ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil chun cur leis an rochtain ar sheirbhísí sláinte		✓			
Poblacht na Seice	Cistí a chaith ospidéal roghnaithe chun costais a aisíoc					✓
An tSlóvaic	Airgeadas poiblí agus maoine na saoráidí cúraim sláinte					✓
An tSlóivéin	Dul i ngleic le hotracht i measc leanaí	✓				
An Spáinn	An bhainistíocht agus an rialú a rinne Cuideachta Árachais Fhrithpháirteach Ghinearálta Státseirbhís na Spáinne (MUFACE) ar shochair chógaisíochta					✓
An Ungáir	Anailís achomair ar iniúchtaí ar ospidéal					✓
Cúirt Iniúcháirí na hEorpa	Bearta AE i leith cúram sláinte trasteorann: uailmhianta móra ach ní mór an bhainistíocht a fheabhsú		✓			

Cosc agus cosaint

Cuspóirí na n-iniúchtaí

75 I gcás ceithre iniúchadh atá san áireamh sa choimre seo, bhí siad dírithe go príomha ar ghalair a chosc agus ar an tsláinte a chosaint. Cumhdaítear leo réimse leathan ábhar, ó bheartas ginearálta na Beilge um ghalair a chosc, saincheisteanna sonracha amhail

diaibéiteas a chosc (an Pholainn), otracht i measc leanaí (an tSlóivéin) agus ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte (an Fhrainc).

76 Ba é cuspóir ginearálta na n-iniúchtaí sin measúnú a dhéanamh féachaint an ndearnadh na beartais éagsúla agus na bearta a d'eascair astu a dhea-cheapadh agus an raibh siad éifeachtach. I roinnt iniúchtaí, tugadh aird ar leith ar ghrúpaí daonra a bhí i mbaol díothachta.

Na príomhbharúlacha a tháinig as na hiniúchtaí

77 Tugadh ar aird i ngach iniúchadh go bhfuil laigí ann i dtaobh galair a chosc nó sláinte a chosaint. In iniúchadh na Beilge, mar shampla, sonraíodh gur mór a bhí idir cur chun feidhme iarbhír an bheartais sláinte ag brath ar na cuspóirí sláinte a bhí i gceist. I gcás na n-eagraíochtaí a chuir na beartais chun feidhme, b'iondúil nach raibh siad dírithe go mór ar thorthaí, agus ba mhinic faisnéis ábhartha a bheith in easnamh as na tuarascálacha ar faisnéis í lena bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-idirghabhálacha a ndearnadh cistiú orthu. Ar deireadh, ní raibh cuid mhór de na feachtais ná na hidirghabhálacha curtha in oiriúint a ndóthain do ghrúpaí den daonra atá faoi mhíbhuntáiste.

78 Sa tuarascáil ó UFI na Polainne, sonraítear nár ullmhaíodh aon straitéis náisiúnta fós chun an diaibéiteas a chosc ná cóireáil a chur ar dhaoine ina choinne, d'ainneoin gur mór an líon daoine a bhfuil an galar sin orthu agus go bhfuil a líon ag dul i méid.

79 In iniúchadh na Slóivéine, thángthas ar an gconclúid go raibh na hAireachtaí agus an Institiúid lena mbaineann ag rannchuidiú go deimhin le dul i ngleic le hotracht i measc leanaí. Ar cheann de na laigí a sonraíodh, áfach, níorbh amhlaidh i gcónaí, i gcás na mbeart agus na ngníomhaíochtaí a ndearnadh cistiú orthu, go ndeachaigh siad i bhfeidhm ar gach leanbh, agus dá bhrí sin níor áirithíodh leo go gcaitear go cothrom le gach leanbh. Ar an iomlán, measadh gurb éifeachtúla é an cur chuige córasach i dtaobh stíl fholláin mhaireachtála a cur chun cinn i gcoitinne ná tionscadail shonracha a chur chun feidhme.

80 Rinne UFI na Fraince measúnú ar chur chun feidhme an bheartais chun ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc sa Fhrainc agus chinn sí nach leormhaith é. Níl aon laghdú breise tagtha ar leitheadúlacht na n-ionfhabhtuithe ó 2006 agus ní cuimsitheach é an tuairisciú seachtrach ar na hionfhabhtuithe sin. Meastar, áfach, go bhfuil céim sa treo ceart á tógáil leis na forbairtí is déanaí amhail bunú lárionad um rialú ionfhabhtuithe a bhaineann le

cúram sláinte. Ní mór tabhairt faoi thionscnaimh nua anois chun an beartas sin a leathnú chuig gach deighleog de na gníomhaíochtaí cúraim sláinte agus chun breithniú iomlán a dhéanamh ar an mbaol atá ann de bharr na frithsheasmhachta in aghaidh antaibheathach.

Rochtain ar sheirbhísí sláinte

Cuspóirí na n-iniúchtaí

81 Tá sé achoimre sa choimre seo ina ndearnadh measúnú ar an rochtain ar sheirbhísí sláinte. I gcás trí cinn acu (an Liotuáin, an Phortaingéil, an Rómáin), breathnaíodh ar an rochtain ar sheirbhísí sláinte go ginearálta, bhí ceann amháin acu (an Ghearmáin) dírithe ar chóireáil ortódóntaice agus breathnaíodh i gceann amháin (Málta) ar an ról atá ag an dochtúir ginearálta maidir le rochtain ar sheirbhísí sláinte a áirithiú. Ar deireadh, rinne Cúirt Iniúcháirí na hEorpa scrúdú féachaint an dtéann bearta AE sa chúram sláinte trasteorann chun sochar na n-othar.

82 Bhí UFI na Polainne ag díriú ar dhiaibéiteas chineál 2 a chosc, agus, ina theannta sin, rinne sé measúnú féachaint an bhfuil rochtain ag othair a bhfuil diaibéiteas orthu ar shainseirbhísí agus ar na cógais is nuaí.

83 Ba iad príomhchuspóirí na n-iniúchtaí a rinneadh ná measúnú a dhéanamh féachaint ar áirithiódh rochtain ar sheirbhísí sláinte agus ar shainchomhairliúcháin agus ar bhearta éifeachtacha iad na cinn a cuireadh chun feidhme d'fhonn feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí sláinte.

84 I gcás an dá iniúchadh a bhí dírithe ar réimsí níos sonracha, féachadh leo, faoi seach, le forléargas a fháil ar na costais agus na nósanna imeachta i leith cóireálacha ortódóntaice (an Ghearmáin) agus lena fháil amach a mhéad a d'éascaigh dochtúirí ginearálta don rochtain ar sheirbhísí sláinte (Málta).

Na príomhbharúlacha a tháinig as na hiniúchtaí

85 Ar an iomlán, thángthas ar an gconclúid sna hiniúchtaí nach i gcónaí a bhí seirbhísí sláinte ar fáil ag an am ceart, san áit cheart ná ar chostais inacmhainne.

86 Tugadh ar aird in iniúchadh na Liotuáine go raibh laigí ann a bhaineann le bainistíocht agus laghdú na liostaí feithimh i gcomhair seirbhísí sláinte, chomh maith leis an éileamh ar speisialtóirí cúraim sláinte a phleanáil.

87 Tugadh an méid sin ar aird freisin san iniúchadh a rinne UFI na Portaingéile, inar thángthas ar an gconclúid go raibh méadú tagtha ar na tréimhsí feithimh le haghaidh sainchomhairliúcháin, agus go raibh méadú tagtha freisin ar líon na n-othar ar liostaí feithimh le haghaidh obráidí sna trí bliana ó 2014 go 2016.

88 Tháinig UFI na Rómáine ar an gconclúid nach ach go páirteach ar baineadh amach an cuspóir i dtaobh cur leis an rochtain ar sheirbhísí sláinte de bharr na n-infheistíochtaí a rinneadh i mbonneagar san earnáil sláinte. Na príomhlaigí a bhfuil cur síos orthu sa tuarascáil, baineann siad le tosaíocht a shannadh do chistí, comhordú, obair leantach a dhéanamh i ndáil le hinfheistíochtaí, agus nósanna imeachta soláthair.

89 Sa tuarascáil iniúcháir ó UFI na Gearmáine, fuarthas nach ann do chruthúnas eolaíoch ar na tairbhí a bhaineann le cóireálacha ortódóntaice agus gur minic arbh éigean do na hothair iad féin íoc as seirbhísí agus cóireálacha breise ortódóntaice.

90 Meon níos dearfaí a bhí i dtuarascáil iniúcháir Mhálta, sa mhéid go ndearnadh measúnú inti go bhfuil feidhm an dochtúra ghinearálta ag feidhmiú i gcomhréir leis na bearta straitéiseacha a shainítear sa Straitéis um an gCóras Náisiúnta Sláinte. Tugadh ar aird sa tuarascáil, áfach, nach mór athdháileadh a dhéanamh ar an gcistiú chun leathnú breise a dhéanamh ar fheidhm an dochtúra ghinearálta sa chaoi is gur mhó a bheadh sé dírithe ar na hothair féin.

91 Chinn Cúirt Iniúcháirí na hEorpa gur maith an tacaíocht a thug an Coimisiún do na Ballstáit maidir le feabhas a chur ar fhaisnéis faoi chearta othar i ndáil le cúram sláinte trasteorann, cé go raibh roinnt bearnaí i gceist go fóill.

92 Chinn UFI na Polainne nach raibh rochtain ar shainchóireáil i gcoinne diaibéitis (cineál 2) ar fáil ag an am ceart ná san áit cheart. Is ag dul i méid a bhí na tréimhsí feithimh le haghaidh sainchomhairliúcháin agus is mór a bhí idir na réigiúin ó thaobh rochtain ar sheirbhísí sláinte.

Cáilíocht na seirbhísí sláinte

Cuspóirí na n-iniúchtaí

93 I gcás trí cinn de na hiniúchtaí sa choimre seo – a rinne UFlanna na hOstaire, na Danmhairge agus na hÉireann – pléitear le cáilíocht na seirbhísí sláinte.

94 Tá dhá cheann de na hiniúchtaí sin dírithe ar ghnéithe sonracha cáilíochta in ospidéal: rinne UFI na Danmhairge measúnú ar cháilíocht an chúraim in ospidéal na Danmhairge agus rinne sí anailís ar aon difríochtaí cáilíochta idir ospidéal. D'fhéach UFI na hÉireann ar an gcaoi a ndearnadh obráidí roghnacha lae a bhainistiú. Rinne sé anailís ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí idir ospidéal, chun bealaí féideartha a aithint i dtaobh rátaí obráidí lae a mhéadú chomh maith le haon bhacainní ina leith sin a aithint. Rinne sé anailís freisin ar chomhroinnt faisnéise agus ar a mhéid a éascaíonn an chomhroinnt sin do smaointe faoin dea-chleachtas a chur chun cinn.

95 Rinne UFI na hOstaire measúnú ar eagrú agus trédhearcacht dhearbhu cáilíochta an Rialtais Cónaidhme i gcomhair cleachtóirí sláinte neamhspleácha agus rinne sé measúnú freisin ar ábhair roghnaithe i ndáil leis sin.

96 San iniúchadh a rinne sé ar ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc, rinne UFI na Fraince anailís freisin ar scála agus ar chostais i gcás ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte, agus ar an ról a bhíonn ag rialacha sláinteachais agus ag an gcur chuige ceart maidir le hoidis i gcomhair antaibheathach.

Na príomhbharúlacha a tháinig as na hiniúchtaí

97 Cinneadh sna hiniúchtaí go bhfuil leibhéil éagsúla cáilíochta ag baint leis na seirbhísí sláinte agus go bhféadfaí réimsí áirithe díobh a fheabhsú.

98 Sa tuarascáil maidir le cáilíocht an chúraim in ospidéal na Danmhairge, luadh laigí maidir leis an gcóireáil a chuirtear ar na hothair agus easpa comhsheasmhachta maidir le cáilíocht an chúraim. Bhí tionchar ag na difríochtaí sa chúram ar an mbaol nár mhór an t-othar a chur san ospidéal arís agus ar an mbaol go bhfaigheadh an t-othar bás. Á lán de na cúiseanna a bhí leis na difríochtaí, áfach, d'fheádfaí iad a rianú go dtí tosca nach raibh faoi rialú na n-ospidéal.

99 Thángthas ar na conclúidí céanna, a bheag nó a mhór, i dtuarascáil na hÉireann ar obráidí roghnacha lae: d'ainneoin na hiarrachta a bhí á déanamh go ginearálta chun cion na n-obráidí lae a mhéadú i gcomparáid leis an gcóireáil ar othair chónaitheacha, is mór a bhí idir na hospidéal ina leith sin. D'fhéadfaí a áireamh leis na cúiseanna an easpa prótacail scríofa agus seicliostaí i dtaobh othair a roghnú i gcomhair obráidí lae agus easpa faireacháin nó athbhreithnithe ag an lucht ardbhainistíochta ar líon na n-othar a bheadh oiriúnach le haghaidh obráidí lae.

100 I dtuarascáil na hOstaire ar dhearbhú cáilíochta i gcás gairmithe sláinte neamhspleácha, luadh laigí a bhaineann le bailíocht na dtreoirínte cáilíochta, tomhais ar cháilíocht aschuir, diagnóisiú caighdeánaithe agus doiciméadú a dhéanamh ar fheidhmíocht. Sa bhreis air sin, moladh inti meastóireacht a dhéanamh ar na roghanna i dtaobh cur le líon na seiceálacha bailíochta ar an bhféinmheasúnú a dhéanann lianna trí chigireachtaí a dhéanamh sna clinicí.

101 Chinn UFI na Fraince gur tháinig deireadh leis an laghdú ar leitheadúlacht na n-ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram othar cónaitheach in 2006. Is rí-thábhachtach ina leith sin iad rialacha sláinteachais a fhorfheidhmiú i gceart agus an cur chuige ceart a bheith ann maidir le hoidis i gcomhair antaibheathach. Ina theannta sin, chun bainistíocht níos gníomhaí a dhéanamh ar an mbaol go dtarlódh ionfhabhtaithe, ní mór aird níos mó a thabhairt ar tháscairí cáilíochta agus soláthar cúraim sláinte á rialú.

Teicneolaíochtaí nua agus ríomhsheirbhísí sláinte

Cuspóirí na n-iniúchtaí

102 Bhí trí cinn de na tuarascálacha sa choimre seo (an Bhulgáir, an Eastóin agus an Laitvia) dírithe ar ríomhsheirbhísí sláinte agus ar úsáid na dteicneolaíochtaí nua i réimse na sláinte. Féachtar sna trí thuarascáil ar comhlíonadh na réamhchoinníollacha maidir le ríomhsheirbhísí sláinte a thabhairt isteach agus forbairt bhreise a dhéanamh orthu, agus ar cuireadh chun feidhme ar bhealach éifeachtach iad. Ina theannta sin, rinne UFI na Laitvia measúnú freisin féachaint ar comhlíonadh an cuspóir a bhí ann i leith ríomhsheirbhísí sláinte go gcuirfí chun cinn cúram sláinte ní b'éifeachtúla.

Na príomhbharúlacha a tháinig as na hiniúchtaí

103 Sonraíodh i ngach ceann de na trí thuarascáil gurb amhlaidh, cé gur tosaíocht náisiúnta iad na ríomhsheirbhísí ó thaobh na sláinte de, nár éirigh chomh maith leis an gcur chun feidhme agus a bhíodhas ag súil leis agus nach ach go páirteach a baineadh amach na cuspóirí ina leith.

104 Is ar chúiseanna éagsúla arbh é sin an toradh a bhí ann. Sonraíodh i dtuarascáil na Bulgáire nárbh ann do na réamhchoinníollacha is gá chun cur na ríomhsheirbhísí sláinte a chur chun feidhme go héifeachtach, eadhon creat rialála a bheith ann, sainiú cuimsitheach a dhéanamh ar na freagrachtaí, agus córas éifeachtach a bheith ann ó thaobh comhordú agus comhchuibhiú idir na gníomhaithe éagsúla. Dá bhrí sin, i gcás chur chun feidhme na ríomhsheirbhísí sláinte sa Bhulgáir, bhí moilleanna i gceist agus ní raibh éifeacht iomlán ag na bearta a rinneadh.

105 San iniúchadh a rinne UFI na hEastóine, thángthas ar an gconclúid céanna – nár baineadh amach na cuspóirí i dtaobh ríomhsheirbhísí sláinte – agus ba é an t-oideasú digiteach an t-aon réiteach teicniúil amháin a bhí in úsáid tráth an iniúchta. Ba bheag an úsáid a baineadh as Taifid Leictreonacha Sláinte agus as an bhfoinse tagartha íomhánna, agus níor cuireadh chun feidhme Clárú Digiteach (córas leictreonach maidir le coinní a dhéanamh). Tugadh tuilleadh laigí ar aird maidir le pleanáil straitéiseach agus bainistíocht ríomhsheirbhísí sláinte agus, chomh maith leis an moill a bhí ar an gcur chun feidhme, ba chostasaí i bhfad é ná mar a bhí pleanáilte ar dtús.

106 Ba é an measúnú céanna, a bheag nó a mhór, a rinneadh sa tuarascáil ón Laitvia: tugadh laigí ar aird maidir le cur chun feidhme na ríomhsheirbhísí sláinte, agus bhain na laigí sin go príomha le heaspa rannpháirtíochta i measc príomh-gheallsealbhóirí, chomh maith le fadhbanna ó thaobh bainistíocht tionscadail agus maoirseacht ar thionscadail. Dá bhrí sin, measúnaíodh sa tuarascáil ón Laitvia freisin nach ach go páirteach bhí cuspóir na ríomhsheirbhísí sláinte bainte amach.

Inbhuanaitheacht fhioscach agus gnéithe airgeadais eile

Cuspóirí na n-iniúchtaí

107 In ocht gcinn de na hiniúchtaí atá san áireamh sa choimre seo, rinneadh anailís ar inbhuanaitheacht na sláinte poiblí nó ar ghnéithe fioscacha eile a bhaineann léi. I gceithre cinn de na hiniúchtaí sin (Poblacht na Seice, an Ghréig, an Ungáir agus an tSlóvaic), breathnaíodh ar shaincheisteanna comhlíontachta, agus rinneadh iniúchadh sna ceithre cinn eile (an Fhionlainn, an Iodáil, Lucsamburg agus an Spáinn) ar ghnéithe níos ginearálta den inbhuanaitheacht bhuiséadach agus den bhainistíocht airgeadais.

108 Áiríodh sna réimsí a cumhdaíodh leis na gceithre iniúchadh sin réamh-mheastachán i ndáil leis an gcaitechas ar shlándáil shóisialta (an Fhionlainn), infheistíochtaí poiblí san earnáil sláinte (an Iodáil agus Lucsamburg), agus bainistíocht fhóna airgeadais ar íocaíochtaí le gnólachtaí cógaisíochta (an Spáinn).

Na príomhbharúlacha a tháinig as na hiniúchtaí

109 Ba iad na fadhbanna ba choitianta a tugadh ar aird sna hiniúchtaí comhlíontachta ná laigí sna nósanna imeachta soláthair ó thaobh rialuithe inmheánacha, bainistíocht airgeadais agus bainistíocht ar dhliteanais a bhí thar téarma.

110 In iniúchadh na Fionlainne ar réamh-mheastacháin treochta i ndáil leis an gcaitechas ar shlándáil shóisialta, aithníodh scóip maidir le forbairt a dhéanamh ar an tsamhail a úsáideadh agus doiciméadacht na modheolaíochta a fheabhsú, agus tugadh ar aird nach bhfoilsítear torthaí na réamh-mheastachán go tráthrialta.

111 San iniúchadh a rinne UFI Lucsamburg, fuarthas go raibh easnaimh ann maidir le hinfheistíochtaí móra a údarú, iad a chomhordú, tuairisciú a dhéanamh ina leith agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh.

112 Thug UFI na hIodáile fadhbanna den sórt céanna ar aird, agus thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil uaidh nár leormhaith an tuairisciú a bhí i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme tionscadal. Ina theannta sin, rinneadh a mheasúnú ann nach raibh úsáid éifeachtúil á baint as an gcomhpháirtíocht phríobháideach poiblí.

113 Thángthas ar an gconclúid i dtuarascáil na Spáinne, maidir le sochair chógaisíochta a íocadh le cógaslanna agus ospidéal, nach ach go páirteach a rinneadh é sin i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha agus le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais.

Obair iar-iniúchta

114 Ar bhonn prionsabail agus ar bhonn an dea-chleachtais, déanann na UFlanna go léir measúnú iar-iniúchta maidir lena gcuid moltaí. Braitheann an cur chuige ina leith sin ar na rialacha inmheánacha atá ag gach UFI. Féadfar tabhairt faoi mheasúnú iar-iniúchta trí rianú a dhéanamh ar chur chun feidhme gach ceann de na moltaí nó mar chuid de chúram a bhaineann le hiniúchadh eile.

115 B'iondúil go ndearnadh an measúnú iar-iniúchta idir bliain amháin agus trí bliana tar éis an spriocdháta maidir leis na moltaí a chur chun feidhme, i gcomhréir le rialacha inmheánacha na UFlanna. I gcás roinnt UFlanna, déanann siad measúnú iar-iniúchta gan gealltanas a thabhairt i ndáil le haon amlíne ar leith.

CUID III – Spléachadh ar thuarascálacha de chuid UFinna

CUID III – Spléachadh ar thuarascálacha de chuid UFlanna

50

Cosc agus cosaint



An Bheilg

Rekenhof – Cour des comptes – Rechnungshof

Beartas Pléimeannach um bearta coisctheacha sláinte –
measúnú ar fheidhmíocht bheartais

Forléargas

116 San iniúchadh a rinne UFI na Beilge, rinneadh measúnú ar fheidhmíocht an bheartais Phléimeannaigh um bearta coisctheacha sláinte sa tréimhse idir 2014 agus luathmhíonna na bliana 2015.

117 Ar cheann de na cuspóirí bheartais atá sa mheabhrán bheartais ón Aire Pléimeannach um Shláinte Phoiblí, tá an úsáid a bhaintear as bearta coisctheacha chun rannchuidiú le feabhas ar an tsláinte agus ar an dea-fholláine i measc an phobail. Forbraíodh an beartas Pléimeannach um bearta coisctheacha sláinte i bhfoirm roinnt cuspóirí sláinte agus chuir roinnt eagraíochtaí fóirdheonaithe chun feidhme é.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

118 Bhí an measúnú bunaithe ar na ceisteanna seo a leanas:

- An bhfuil dea-dhearadh agus dea-eagar ar chur chun feidhme an bheartais um bearta coisctheacha sláinte?
- An bhfuil caighdeán ard ag baint le cur chun feidhme an bheartais choiscthigh atá beartaithe?
- Cén aird ar leith a thugtar ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste sa phobal i ndáil leis an gcur chun feidhme?

119 Leagadh an príomhfhreagracht as an iniúchadh ar an Aire Pléimeannach um Leas, Sláinte Phoiblí agus an Teaghlach agus ar an nGníomhaireacht Phléimeannach um Chúram agus Sláinte. Bunaíodh an measúnú den chuid ba mhó ar anailís ar dhoiciméid agus ar agallaimh.

Príomhbharúlacha

120 Sa chleachtas, fuarthas nach ar an gcaoi chéanna in aon chor ar cuireadh chun feidhme na cuspóirí sláinte éagsúla agus go bhféadfaí feabhas a chur ar eagrú na hoibre allamuigh.

- o Bhí cuid mhór eagraíochtaí cur chun feidhme i gceist le roinnt de na cuspóirí sláinte, ach ní raibh na cúraimí éagsúla deighilte go soiléir óna chéile i gcónaí, rud a d'fhág go raibh gá le comhairliúchán fairsing agus le comhaontú.
- o I gcás cuspóirí sláinte eile, is ar éigean a bhí eagraíocht ar bith ar an láthair, agus mar sin ní raibh dóthain tacaíochta ar fáil.
- o Níor tugadh údar sách maith le leithdháileadh na gcistí idir cuspóirí sláinte agus na heagraíochtaí cur chun feidhme agus is bunaithe ar an leithdháileadh san am atá caite a bhí sé.

121 Mar gheall gur trí nós imeachta glao a roghnaíodh eagraíochtaí cur chun feidhme, níor malartaíodh dóthain eolais agus cothaíodh teannas idir na heagraíochtaí a bhí i gceist.

122 Ní raibh na heagraíochtaí cur chun feidhme dírithe go mór ar thorthaí i réimse na forbartha modheolaíochta. Ní raibh dóthain faisnéise ina gcuid tuarascálacha le go bhféadfaí meastóireacht a dhéanamh ar thionchar a gcuid oibre.

123 Ar deireadh, níor tugadh dóthain airde ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste sa phobal.

Moltaí

124 Cur chun feidhme

- Ba cheart cuíchóiriú a dhéanamh ar an struchtúr chur chun feidhme maidir leis an bhféinmharú a chosc, ba cheart tascanna a bhaineann le tobac, alcól agus drugaí a chosc a bheith bunaithe ar chomhaontuithe soiléire, agus, maidir le diaibéiteas a chosc, ba cheart breis oibre a dhéanamh ar an láthair.
- Ba cheart comhordú níos fearr a dhéanamh ar uirlisí feasachta i leith cláir thástála i gcomhair ailse agus ba cheart iad a dhíriú níos mó ar spriocghrúpaí nach ndéantar dóthain teagmhála leo.
- Ba cheart don chosc timpistí a bheith dírithe níos mó ar chomhairliúchán ildisciplíneach a spreagadh, trí mhodh oibre soiléir a bhunú, trí chúraimí a roinnt agus trí chomhaontuithe comhair idir na gníomhaithe éagsúla.
- Ba cheart fíс fhadtéarmach a bhunú i ndáil le gníomhaíocht choirp. Ba cheart a áirithiú go mbeidh tacaíocht ann ar an láthair do chur chun feidhme na modheolaíochtaí maidir leis an gcuspóir sláinte a bhaineann le cothú agus aclaíocht.
- Ba cheart údar soiléir a shonrú maidir le dáileadh na gcistí idir na cuspóirí sláinte nó na téamaí coisctheacha éagsúla.

125 Beartas um bearta coisctheacha sláinte a chur chun feidhme

- Ní mór don rialtas leanúint ar aghaidh ag meá na mbuntáistí agus na míbhuntáistí a ghabhann leis an nós imeachta glao.
- Ba cheart pleanáil agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar aschur na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta agus ba cheart é a bheith nasctha le buiséad.
- Ba cheart d'Aire Sláinte Poiblí Fhlóndras a bheith ag obair chun rannpháirtíocht níos mó san obair choisctheach a bhaint amach ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal na gcúigí.
- Ba cheart tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe bainistíochta a bheith ag teacht, an oiread is féidir, leis an bplean gníomhaíochta i leith na gcuspóirí sláinte.

- Ba cheart don Ghníomhaireacht Phléimeannach um Chúram agus Sláinte a áirithiú go mbeidh an chur chun feidhme iarbhrí ag teacht leis na tionscnaimh a bheartaítear sa phlean bliantúil.
- Ba cheart forbairt níos fearr a dhéanamh ar ról na lárionad um threoir do dhaltaí maidir le cuspoirí sláinte Fhlóndras a bhaint amach.

126 *Logos* (líonraí sláinte áitiúla)

- Ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir an Ghníomhaireacht Phléimeannach um Chúram agus Sláinte, an Institiúid Phléimeannach um Chur Chun Cinn na Sláinte agus Cosc Galar agus na *Logos*, agus ba cheart an caidreamh sin a neartú an oiread is féidir.
- Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar ról na *Logos* maidir le forbairt modheolaíochta agus feabhas a chur air.
- Ba cheart cur le comhsheasmhacht agus caighdeán na faisnéise sa chóras clárúcháin.

127 Tionscadail

- Ba cheart do Rialtas Fhlóndras a léiriú cén breisluach a ghabhann le fóirdheontais d'eagraíocht (chomhpháirtíochta) i leith tionscadail choisctheacha.
- I gcás tionscadail atá á reáchtáil le tamall de bhlianta, ba cheart meastóireacht a dhéanamh orthu d'fhonn iad a chomhtháthú i bhfeidhmiú rialta na heagraíochta cur chun feidhme.

128 Grúpaí faoi mhíbhuntáiste

- Ba cheart do Rialtas Fhlóndras breis infheistíochta a dhéanamh ar mhaithe le modhanna agus ábhair a fhorbairt lena dtabharfar spreagadh éifeachtúil do dhaoine atá i ngátar chun iad féin a iompar ar shlí fholláin, lena n-áirítear cur leis an eolas sna heagraíochtaí cur chun feidhme ina leith sin.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

129 Foilsíodh leagan leictreonach den tuarascáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Iniúchóireachta na Beilge an 23 Feabhra 2016 agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin um Leas, Sláinte Phoiblí agus an Teaghlach de chuid Pharlaimint Fhlóndras í an 8 Márta 2016. Go ginearálta, leagtar amach an obair iar-iniúchta i leith gach molta sna litreacha beartais bliantúla ón Aire.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

130 Tráth a raibh an t-iniúchadh á chur chun feidhme, rinneadh athruithe ar an reachtaíocht a bhí i bhfeidhm agus rinneadh roinnt tionscnamh lenar baineadh roinnt de na baic (e.g. treoirlíne maidir le modhanna coisctheacha a fhorbairt agus measúnú a dhéanamh orthu).

I mí Mheán Fómhair 2017, glacadh cuspóir sláinte foriomlán nua maidir le hitheachán folláin, iompar neamhghníomhach, gníomhaíocht choirp, tobac, alcól agus drugaí.



An Fhrainc *Cour des comptes*

Ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc: na chéad chéimeanna eile

Forléargas

131 San iniúchadh a rinne UFI na Fraince, rinneadh measúnú ar chosc ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte le linn na tréimhse 2010-2018.

132 Meastar go bhfuil baint ag ionfhabhtú le cúram sláinte má tharlaíonn sé tráth a bhfuil gairmí sláinte ag cur cóireáil ar othar, le linn cóireála agus an t-othar faoi chúram siúlach, in institiúid cúraim sláinte shóisialta nó in institiúid sláinte (sa chás deiridh sin, déantar é a cháiliú mar ionfhabhtú ó fhoinsé nosacómach). Ní gá go dtarlódh sé an tráth céanna leis an gcóireáil féin: d'fhéadfadh sé tarlú idir 48 n-uaire an chloig agus bliain amháin ina dhiaidh sin.

133 Le 30 bliain anuas, tá beartas struchtúrtha poiblí á chur chun feidhme ag an Fhrainc chun ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc, sna hospidéal go príomha, agus chun othair a chúiteamh. Bhí ról cinntitheach ag eagraíochtaí othar maidir leis an mbeartas sin a chur chun cinn, tar éis an chumhdaigh a rinneadh sna meáin ar chásanna grúpáilte ionfhabhtuithe i roinnt institiúidí sláinte.

134 De bharr na mbeart a cuireadh chun feidhme, tháinig laghdú ar leitheadúlacht na n-othar ionfhabhtaithe in ospidéal agus baineadh amach leibhéal cobhsaí de thart ar 5 % de na hothair (i.e. thart ar 470 000 othar ionfhabhtaithe in aghaidh na bliana). Cé gurb iondúil gur míchompord nach maireann ach seal a bhíonn ina thoradh ar ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte, is féidir iarmhairtí i bhfad níos tromchúisí a bheith orthu. Ní eol dúinn, áfach, leitheadúlacht na n-othar ionfhabhtaithe atá faoi chúram siúlach agus níltear ach tosaithe á tomhais sin in earnáil an chúraim sláinte shóisialta.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

135 Bhí an measúnú bunaithe ar na ceistanna seo a leanas:

- An phríomhcheist a cuireadh san iniúchadh: Cad iad cuspóirí an bheartais i dtaobh ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc?
- Cuireadh na focheistean seo a leanas:
 - Cad é scála agus costas na ngalar a bhaineann le cúram sláinte?
 - Cé na torthaí a baineadh amach de bharr na mbeartas atá curtha chun feidhme ag an Aireacht Dlíthpháirtíochta agus Sláinte agus a cuid comhlachtaí éagsúla?
 - Conas is féidir linn a chur san áireamh na saincheistean a bhaineann le haistear an othair lasmuigh de na hospidéil agus le frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach?
 - Cén leibhéal bainistíochta riosca is ceart a bheith i gceist maidir leis an mbainistíocht ar athstruchtúrú na gníomhaíochta poiblí?
 - Conas is féidir na gníomhaithe éagsúla a choinneáil cuntasach?

136 Ba iad na príomhiniúchaithe a bhí i gceist Aireacht Dlíthpháirtíochta agus Sláinte na Fraince, na comhlachtaí éagsúla a fhorfheidhmíonn a cuid beartas, ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach, agus na hospidéil phoiblí.

137 Bhí an measúnú bunaithe ar agallaimh agus ar cheistneoirí a chuireadh chuig na húdaráis ábhartha go léir.

Príomhbharúlacha

138 Ba iad seo a leanas na barúlacha a thug an *Cour des comptes*:

- Le tríocha bliain anuas, tá beartas poiblí á chur chun feidhme ag údaráis phoiblí, ag institiúidí sláinte agus ag gairmithe sláinte chun ionfhabhtuithe nosacómacha a chosc. Ní leormhaith iad torthaí an bheartais sin go fóill. Tháinig deireadh amhail ó 2006 leis an laghdú ar leitheadúlacht na n-ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram a chuirtear ar othair

chónaitheacha agus níl tuairisciú seachtrach cuimsitheach á dhéanamh ar ionfhabhtuithe nosacómacha. Ní mór céim eile chun tosaigh a thógáil anois chun an beartas sin a leathnú chuig deighleoga uile na gníomhaíochtaí cúraim sláinte agus chun breithniú iomlán a dhéanamh ar an mbaol atá ann de bharr na frithsheasmhachta in aghaidh antaibheathach.

- Toisc gur bunaíodh le déanaí i ngach réigiún lárionaid rialaithe ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte, ba cheart go bhféadfaí bearta a fhorbairt le gairmithe i réimsí an chúraim sláinte shiúlaigh agus an chúraim sláinte shóisialta agus comhordú níos fearr a dhéanamh le gníomhaireachtaí sláinte réigiúnacha. Faoi struchtúr nua sin, ní mór don Aireacht Dlúthpháirtíochta agus Sláinte, trí mheán na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí, an cúram atá uirthi a chomhlíonadh i dtaobh bearta poiblí a stiúradh agus a chomhordú.
- Chun dul i ngleic leis na dúshláin nua sin, tá sé fíor-riachtanach freisin cumhacht níos mó a thabhairt do na geallsealbhóirí go léir maidir le rialacha sláinteachais a fhorfheidhmiú go cuí agus oideasú ceart a dhéanamh i ndáil le cógais antaibheathacha. Ina theannta sin, chun bainistíocht níos gníomhaí a dhéanamh ar an mbaol go dtarlódh ionfhabhtaithe, ní mór aird níos mó a thabhairt ar tháscairí cáilíochta maidir leis an soláthar cúraim sláinte a rialú agus ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna cúitimh chun freagracht a chothú.

Moltaí

139 D'eisigh *Cour des comptes* na moltaí seo a leanas:

- suirbhé náisiúnta a dhéanamh ar leitheadúlacht na n-ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte i measc daoine faoi chúram siúlach, agus an mhodheolaíocht curtha in oiriúint, más gá, chun díriú ar earnálacha riosca agus ar bhearta atá le forbairt;
- é a chur de chúram go sainráite ar an nGníomhaireacht Sláinte Poiblí (*Santé Publique France*), institiúid phoiblí atá faoi mhaoirseacht na hAireachta Dlúthpháirtíochta agus Sláinte, comhordú a dhéanamh ar na misin agus na bearta de chuid na lárionad um rialú ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte;
- raon beart a chur chun feidhme a bheidh dírithe ar thomhailt cógas antaibheathach a laghdú agus coigeartú a dhéanamh ar an íocaíocht ar bhonn cuspóirí sláinte poiblí a leithdháiltear ar lianna atá i mbun cleachtas príobháideach, lena áirithiú go mbeidh siad éifeachtach;

- o ba cheart do ghníomhaireachtaí sláinte réigiúnacha tosaíocht a thabhairt do chigireacht agus rialú saoráidí sláinte agus gach conclúid oibríochtúil a dhéanamh, lena n-áirítear gníomhaíocht a chur ar fionraí;
- o athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir lena gcinntear méid agus comhdhéanamh na bhfoirne oibríochtúla sláinteachais in institiúidí sláinte de réir ghníomhaíochtaí na n-institiúidí sin agus de réir moltaí idirnáisiúnta. Sna hospidéal phoiblí, ba cheart na foirne sin a chomhthiomsú faoi chuimsiú chreat na ngrúpaí críochacha ospidéal (*groupements hospitaliers de territoire*);
- o cealú a dhéanamh ar chur ar fionraí na hoibleagáide a bhíodh ar ghairmithe sláinte vacsaíní a thabhairt i gcoinne an fhliú (moladh a rinneadh an athuair).

Foilsiú agus obair iar-iniúchta

140 Chuir an Chéad Uachtarán de chuid *Cour des comptes* Tuarascáil Phoiblí Bhliantúil na bliana 2019 faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Fraince an 4 Feabhra 2019. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid na meán ina dhiaidh sin agus foilsíodh leagan leictreonach di ar shuíomh gréasáin *Cour des comptes* an 6 Feabhra 2019. Ina theannta sin, cuireadh faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta í an 6 Aibreán 2019, agus cuireadh faoi bhráid an tSeanaid í an 7 Aibreán 2019.

141 Díríonn *Cour des comptes* aird ar leith a thabhairt ar an obair iar-iniúchta maidir leis na moltaí uaidh. Trí bliana tar éis fhoilsiú na tuarascálacha dá chuid, déanann sé scrúdú ar a mhéid a cuireadh na moltaí uaidh chun feidhme agus ar éifeachtaí iarbhir na moltaí sin a cuireadh chun feidhme. Féadfaidh tuarascáil faireacháin a bheith san áireamh sa tuarascáil phoiblí bhliantúil.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

142 Tá gá le beartais chun ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc. I bhfianaise líon na n-othar a mbíonn na hionfhabhtuithe sin ag goilleadh orthu, ní mór bearta éifeachtúla a chur chun feidhme chun cóireáil a sholáthar i dtimpeallacht atá chomh sábháilte agus is féidir.



An Pholainn

Najwyższa Izba Kontroli (NIK)

Diaibéiteas chineál 2 a chosc agus cóireáil a chur ina choinne

Forléargas

143 San iniúchadh a rinne UFI na Polainne, rinneadh measúnú ar dhiaibéiteas chineál 2 a chosc agus cóireáil a chur ina choinne sa tréimhse 2013-2017 i ndáil le cúram sláinte a cuireadh ar othair sheachtracha, agus sa tréimhse 2015-2017 i ndáil le cúram sláinte a cuireadh ar othair chónaitheacha.

144 Tugtar le fios i meastacháin a rinneadh go bhféadfadh sé go bhfuil diaibéiteas (cineál 1 agus cineál 2) ar dhuine as gach aon duine dhéag sa Pholainn, agus go bhfuil méadú 2.5 % in aghaidh na bliana ag teacht ar líon na n-othar a bhfuil an galar sin orthu. Mura gcuirtear cóireáil ina choinne, bíonn roinnt droch-iarmhairtí ar dhiaibéiteas amhail strócanna, brú fola ard agus teascadh géag (aimhréidh de bharr riocht ar a dtugtar siondróm coise diaibéití), agus fágann sé sin go dtagann méadú ar an líon daoine nach mbíonn in ann ag an obair a thuilleadh agus a fhaigheann sochair shóisialta dá bharr sin.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

145 Bhí an measúnú bunaithe ar an bpríomhcheist iniúchta seo a leanas:

- o An áirithítear leis an gcóras cúraim sláinte go n-aimsítear diaibéiteas chineál 2 go luath i gcás daoine a bhfuil an galar sin orthu nó go n-aithnítear go bhfuil daoine áirithe i mbaol an galar sin a fháil, agus go gcuirtear chun feidhme na modhanna éifeachtacha cóireála i gcoinne an ghalair sin?

146 Ceisteanна sonracha:

- o An bhfuil beartas náisiúnta cúraim sláinte ag an Aireacht Sláinte chun diaibéiteas a chosc agus feabhas a chur ar shláinte na ndaoine a bhfuil an galar sin orthu?
- o Ar áirithíodh leis an gCiste Náisiúnta Sláinte go bhfuil fáil ar sheirbhísí diaibéitis agus acmhainní chun cóireáil a chur i gcoinne diaibéiteas agus na haimhréidhe a ghabhann leis?
- o An ndearna soláthraithe cúraim sláinte beart i réimse an choisc, an luathaimsithe agus na cóireála i gcoinne diaibéiteas chineál 2?
- o Ar thug siad rochtain d'othair a bhfuil diaibéiteas chineál 2 orthu ar sheirbhísí speisialaithe?
- o Ar chuir siad chun feidhme na modhanna cóireála i gcoinne dhiaibéiteas chineál 2 agus na cógais is nuai á n-úsáid?

147 Ba iad na príomhiniúchaithe an Aireacht Sláinte, ceanncheathrú an Chiste Náisiúnta Sláinte agus soláthraithe cúraim sláinte. Áiríodh leis an modheolaíocht a úsáideadh athbhreithniú ar dhoiciméid, suirbhéanna, soiléiriú ó fhostaithe de chuid na gcomhlachtaí a bhí faoi iniúchadh agus ó fhostaithe de chuid eagraíochtaí eile.

Príomhbharúlacha

148 Aithnítear gur “galar de chuid na sibhialtachta” é an diaibéiteas agus tá cur i gcoinne an ghalair sin ar cheann de na tosaíochtaí atá ag an Aire Sláinte, atá i gceannas ar an mbeartas sláinte náisiúnta a cheapadh. Níl aon straitéis náisiúnta ceaptha, áfach, chun diaibéiteas a chosc ná chun cóireáil a chur ar dhaoine a bhfuil an galar sin orthu, ná chun aire a thabhairt dóibh.

149 Níor aithin an tAire Sláinte go leordhóthanach na riachtanais sláinte atá i gceist ná ní bhfuair sé amach cén líon speisialtóirí diaibéitis is gá chun aire a thabhairt do na hothair a bhfuil an galar sin orthu. Thairis sin, níor mhúscaíl sé feacht an phobail a dhóthain i leith diaibéitis.

150 San iomlán, níl rochtain ag othair sa Pholainn ar choiréalacha nuálacha i gcoinne dhiaibéiteas chineál 2 ós rud é nár áiríodh ar liosta na gcógas in-aisíoctha aon cheann de na drugaí atá molta ag an nGníomhaireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte agus Taraifí, i.e. incrétíní agus glioflaisíní (coscairí SGLT2).

151 Cé go ndearna an Ciste Náisiúnta Sláinte beart chun feabhas a chur ar an gcóireáil a chuirtear ar othair a bhfuil diaibéiteas chineál 2 orthu, tá méadú ag teacht ar an líon othar ar liostaí feithimh i gcomhair sainchlinicí diaibéitis agus i gcomhair cúram ospidéil, agus ar an tréimhse feithimh i gcomhair seirbhísí. Tá laghdú ag teacht an tráth céanna ar líon na soláthraithe seirbhíse atá faoi chonradh ag an gCiste Sláinte Náisiúnta.

152 Tugtar le fios ón easpa iontrálacha iomchuí i dtaifid leighis gurb amhlaidh, ina lán cásanna, nár chloígh dochtúirí leis na prionsabail a leagtar amach sna moltaí ó Chumann Diaibéitis na Polainne maidir le cóireáil a chur ar dhaoine atá i mbaol diaibéiteas a fháil agus daoine a bhfuil diaibéiteas chineál 2 orthu, nó nach bhféadfaí brath ar an gcaoi ar choinnigh siad taifid. I roinnt cásanna, níos lean othair moltaí na ndochtúirí. Dá bhrí sin, ní raibh torthaí na cóireála sách maith agus bhain costas ard le cóireáil a chur ar dhaoine i gcoinne aimhréidh a ghabhann le diaibéiteas chineál 2.

Moltaí

153 Rinne NIK na moltaí seo a leanas.

- Ba cheart don Aire clár cuimsitheach gníomhaíochtaí ar fud na tíre a ullmhú a bheidh dírithe ar dhiaibéiteas a chosc, é a dhiagnóisiú go luath agus cóireáil a chur ina choinne.
- Ba cheart don Aire Sláinte beart a dhéanamh chun meastachán a dhéanamh ar an líon daoine nach bhfuil diagnóisithe go fóill agus nach eol dóibh dá bharr sin go bhfuil diaibéiteas orthu, agus modhanna a fhorbairt chun faisnéis iomchuí a chur ar fáil dóibh maidir le siomptóim agus éifeachtaí an ghalair, agus iad a spreagadh chun dul faoi dhiagnóisiú agus cóireáil iomchuí.
- Ba cheart don Aire Sláinte dlús a chur leis na hiarrachtaí samhail phleanála a fhorbairt i leith baill foirne leighis.

- o Ba cheart d'Uachtarán an Chiste Náisiúnta Sláinte beart a dhéanamh lena áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine ar fud na tíre ar sheirbhísí a sholáthraítear faoi chuimsiú chreat an chúraim chuimsithigh speisialaithe d'othair sheachtracha a bhfuil diaibéiteas orthu agus ar chóireáil chuimsitheach ar chréachtaí ainsealacha.
- o Ba cheart do sholáthraithe cúraim sláinte:
 - othair a bhfuil diaibéiteas orthu a chur ar aghaidh i gcomhair tástálacha diagnóiseacha agus comhairliúcháin le speisialtóirí chomh minic agus a mholann Cumann Diaibéitis na Polainne;
 - othair a chur ar aghaidh i gcomhair scagthástáil le haghaidh diaibéitis de réir na moltaí ó Chumann Diaibéitis na Polainne;
 - cloí leis na moltaí ó Chumann Diaibéitis na Polainne maidir le diaibéiteas chineál 2 a chosc;
 - taifid leighis aonair a choimeád ar shlí lena n-áiritheofar go mbeidh faisnéis iomlán, iontaofa ar fáil faoin diagnóis a rinneadh ar an othar agus faoin bpróiseas cóireála.

154 Ina theannta sin, ba cheart do na húdaráis phoiblí beart comhpháirteach, comhordaithe a dhéanamh le heagraíochtaí cúraim sláinte agus le heagraíochtaí othar chun stíleanna folláine maireachtála a chur chun cinn, agus aclaíocht agus aisce bia san áireamh, chun cuidiú gearradh siar ar líon na gcásanna de dhiaibéiteas chineál 2 sa Pholainn.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

155 Foilsíodh an tuarascáil ar shuíomh gréasáin UFI na Polainne an 26 Márta 2018 agus seoladh chuig na hardúdaráis náisiúnta agus na húdaráis náisiúnta láir í. Chuir na meáin an-spéis go deo inti agus rinne saineolaithe cúraim sláinte an-chuid tráchtanna ina taobh.

156 Mar fhreagra ar an tuarascáil, chuir Aire Sláinte na Polainne an UFI ar an eolas faoi bheart a rinneadh chun na moltaí a d'eascair as an iniúchadh a chur chun feidhme, lena n-áirítear anailís a dhéanamh ar riachtanais agus plean a fhorbairt i gcomhair clár sláinte nua, chomh maith le bearta chun feabhas a chur ar éifeachtacht an oideachais sláinte agus éifeachtacht na mbeart chun galair a chosc.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

157 Neartú a dhéanamh ar an gcóras cúraim sláinte trína áirithiú go ndéanfar faireachán níos éifeachtaí ar chosc diaibéitis agus ar chúram na ndaoine a bhfuil an galar sin orthu, cur le héifeacht an oideachais faoi dhiaibéiteas, agus gníomh comhordaithe chun líon na gcásanna nua diaibéitis a laghdú.



An tSlóivéin

Računsko Sodišče Republike Slovenije

Dul i ngleic le hotracht i measc leanaí

Forléargas

158 San iniúchadh a rinne UFI na Slóivéine, rinneadh measúnú féachaint an sásraí éifeachtachta, éifeachtúla iad na cinn chun dul i ngleic le hotracht i measc leanaí. Cumhdaíodh an tréimhse 2015-2016 san iniúchadh.

159 Chinn Cúirt Iniúcháireachta Phoblacht na Slóivéine iniúchadh a dhéanamh ar mar atáthar ag dul i ngleic le hotracht i measc leanaí, mar gheall ar staitisticí scanrúla i ndáil le leanaí róthrom agus leanaí a bhfuil otracht ag dul dóibh.

160 In 1989, bhí 12.5 % de na leanaí bunscoile i bPoblacht na Slóivéine róthrom agus bhí otracht ag dul do 2.35 % acu. Cé go bhfuil laghdú ag teacht ón mbliain 2010 ar chion na leanaí bunscoile atá ró-throm nó a bhfuil otracht ag dul dóibh, fós féin b'airde na figiúirí de 43.2 % agus 193.6 % faoi seach in 2016 ná in 1989.

161 Bíonn na fadhbanna le rómheáchan agus le hotracht ag brath go mór ar stádas socheacnamaíocha an teaghlaigh agus ar an tiomantas a bhíonn ag gach duine aonair. Ní féidir leis an Stát ach beartais a chur chun feidhme ar mhaithe le stíleanna folláine maireachtála a chur chun cinn.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

162 Bhí an measúnú bunaithe ar an bpríomhcheist iniúchta “An dtéann Poblacht na Slóivéine i ngleic go hiomchuí le hotracht i measc leanaí?” agus ar na focheisteanna seo a leanas:

- o An bhfuil pleanáil iomchuí déanta ar na cuspóirí agus na bearta maidir le dul i ngleic le hotracht i measc leanaí?

- o An bearta éifeachtúla iad na cinn atá ag an Aireacht Sláinte, an Aireacht Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt agus an Institiúid Náisiúnta Sláinte Poiblí maidir le gníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun dul i ngleic le hotracht i measc leanaí?
- o Ar baineadh amach na cuspóirí maidir le dul i ngleic le hotracht i measc leanaí agus an bhfuil sciar na leanaí a itheann an iomarca agus a bhfuil otracht ag dul dóibh ag dul i laghad?

163 Bhí an t-iniúchadh dírithe go príomha ar an Aireacht Sláinte, ar an Aireacht Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt agus ar an Institiúid Náisiúnta Sláinte Poiblí. Áiríodh sa mhodheolaíocht iniúchóireachta athbhreithniú ar dhoiciméid, suímh ghréasáin, tuairiscí sna meáin agus foinsí poiblí eile faisnéise, agallaimh le hiniúchaithe agus geallsealbhoirí eile, agus anailísiú sonraí.

Príomhbharúlacha

164 Tháinig an UFI ar an gconclúid go raibh stíl fholáin mhaireachtála á cur chun cinn ag an Stát (an Aireacht Sláinte, an Aireacht Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt agus an Institiúid Náisiúnta Sláinte Poiblí) ar an leibhéal córasach (trí rialú a dhéanamh ar aistí bia folláine agus ar an aclaíocht) agus, ina theannta sin, trí thionscadail roghnaithe.

165 Cé gur le himeacht ama amháin is léir cé na héifeachtaí a bhíonn ag gníomhaíochtaí an Stáit chun dul i ngleic le hotracht i measc leanaí, agus nach féidir na héifeachtaí sin a thomhas go díreach, mheas an Chúirt Iniúchóireachta gur rannchuidigh an Stát, go pointe áirithe, le dul i ngleic leis an otracht i measc leanaí, mar a bhí le sonrú go hindíreach san athrú a tháinig de réir a chéile ar na cóimheasa idir leanaí a d'ith an iomarca agus a raibh otracht ag dul dóibh agus leanaí eile. Mar sin féin, d'fhéadfadh an Stát feabhas a chur ar an méid a dhéanann sé chun dul i ngleic le hotracht i measc leanaí, trí bhearta agus gníomhaíochtaí a rachadh i gcion ar gach leanbh, rud a chuirfeadh le héifeachtúlacht a gcur chun feidhme.

166 Luaigh an UFI go sonrach:

- o go nglacann scoileanna páirt i dtionscadail agus cláir éagsúla bhreise chun stíl fholáin mhaireachtála a chur chun cinn. Ní bhíonn cur chun feidhme tionscadal chomh héifeachtúil leis an gcur chuige córasach, áfach. Bíonn teorainn ama le tionscadail, ní i

gcónaí a áirithítear leo go gcaitear go cothrom le gach leanbh agus cruthaítear ualach riaracháin breise dá mbarr, ualach a ngabhann costais bhreise leis;

- tá córas chun béilí scoile folláine a eagrú bunaithe ar bhealach iomchuí agus áirithítear leis go gcaitear go cothrom le gach leanbh;
- is lú an méid ama a chaitear leis an gcorpoideachas sna bunscoileanna ná an méid ama a mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, sé sin 180 nóiméad in aghaidh na seachtaine.

Moltaí

167 Moladh don Aireacht Sláinte:

- smaoineamh ar conas a d'fhéadfadh sí feabhas a chur ar mar a chomhlíonann béilí scoile eagraithe na treoirínte ó thaobh cothaithe;
- leasú a dhéanamh ar na rialacháin maidir le teastais dochtúra a eisiúint lena dtugtar cúis le leanaí a bheith as láthair ó ranganna spóirt nó le leanaí a bheith ar shainaiste bia;
- athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais maidir le luathbhearta chun dul i ngleic le hotracht i measc leanaí, agus nósanna imeachta a shainiú ina leith sin agus i leith cóireáil a d'fhéadfaí a chur i gcoinne galair a ghabhann le hotracht.

168 Moladh don Aireacht Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt:

- athbhreithniú a dhéanamh ar na ceanglais a bhíonn ar eintitis a eagraíonn béilí scoile, lena n-áirítear bealaí chun simpliú agus comhchuibhiú a dhéanamh ar nósanna imeachta soláthair phoiblí i ndáil le bia a cheannach i gcomhair béilí scoile; a mheas ar cheart cúrsaí oiliúna tráthrialta a reáchtáil ina leith sin agus cé is ceart é sin a dhéanamh;
- anailís a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gclár spóirt aonair;
- anailísí costais agus tairbhe a fhorbairt i leith tionscadail a bhaineann le múscailt feasachta agus bia sláintiúil a ithe, agus scrúdú a dhéanamh ar na roghanna atá ann maidir le hábhar na dtionscadal agus na gclár a chuimsiú i gcláir thráthrialta oideachais agus oiliúna;

- o smaoineamh ar chúrsaí oiliúna a chur ar bun d'fhoirne scoile, do leanaí agus do thuismitheoirí faoin tábhacht a bhaineann le stíl fholáin mhaireachtála;
- o smaoineamh ar oiliúint a chur ar mhúinteoirí i réimse chur chun cinn na sláinte;
- o mionanailís a dhéanamh ar na baill foirne agus na hacmhainní a bheadh ag teastáil chun cúig uair an chloig corpoideachais in aghaidh na seachtaine a thabhairt isteach do gach leanbh.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

169 Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid na n-iniúchaithe agus foilsíodh í ar shuíomh gréasáin Chúirt Iniúcháireachta Phoblacht na Slóivéine an 11 Meán Fómhair 2018.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

170 Is é an príomhthoradh a bhí ar an iniúchadh a cuireadh chun feidhme ná gur chuir sé an pobal ar an eolas faoi mar atá cúrsaí faoi láthair agus faoi na fadhbanna a thagann as rómheáchan agus otracht i measc leanaí.

171 Éifeacht amháin a d'fhéadfadh a bheith ag an iniúchadh, i measc eile, is ea go spreagfadh sé athruithe agus leasuithe ar na rialacháin, go háirithe i ndáil leis an méid corpoideachais a mholtar a dhéanamh sna scoileanna.

CUID III – Spléachadh ar thuarascálacha de chuid UFlinna

69

Rochtain ar sheirbhísí sláinte



An Ghearmáin *Bundesrechnungshof*

Taighde sláinte atá de dhíth chun staidéar a dhéanamh ar fhiúntas na cóireála ortódóntaice

Forléargas

172 San iniúchadh a rinne UFI na Gearmáine, rinneadh measúnú ar an bhfiúntas a bhaineann le cóireáil ortódóntaice. Cumhdaíodh an tréimhse 2014-2016 san iniúchadh.

173 Faoi chistí árachais sláinte reachtúil, ní aisíoctar costas na cóireála ortódóntaice (e.g. teanntáin fiacla) ach amháin más rud é go gcuireann fiacla nó gialla atá as áit isteach go mór ar an gcogaint, ar bhaint plaice, ar an labhairt nó ar an análú, nó má tá an baol ann go bhféadfaidís cur isteach go mór ar cheann de na feidhmeanna sin. Tá an costas in aghaidh an cháis phaiteolaíoch dúbailte a bheag nó a mhór le blianta beaga anuas. De réir meastachán, cuirtear cóireáil ortódóntaice ar bhreis is leath na leanaí agus na n-ógánach go léir sa Ghearmáin. Sa chomhthéacs sin, rinne an *Bundesrechnungshof*, a bhfuil sainordú tugtha dó iniúchadh a dhéanamh ar chóras árachais sláinte reachtúil na Gearmáine, athbhreithniú ar an gcaoi ar dhéileáil na cistí árachais sláinte le seirbhísí ortódóntaice dá gcuid tairbhíthe.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

174 Is é an cuspóir a bhí leis an iniúchadh teacht ar thuiscint ar na costais agus na nósanna imeachta a bhíonn i gceist maidir le ceadú na cóireála ortódóntaice faoi na cistí árachais sláinte reachtúil, maidir le cur chun feidhme na cóireála sin agus maidir leis an mbilleáil ina leith.

175 Ina theannta sin, rinne an *Bundesrechnungshof* imscrúdú féachaint ar áirithigh an Aireacht Chónaidhme Shláinte éifeachtúlacht na seirbhísí, agus a mhéid ar áirithigh sí an éifeachtúlacht sin.

176 Bhí an t-iniúchadh dírithe go príomha ar an Aireacht Chónaidhme Sláinte, ar chistí roghnaithe árachais sláinte agus ar bhrateagraíocht na gcistí árachais sláinte reachtúil.

177 Bhí an t-iniúchadh bunaithe go príomha ar athbhreithniú ar dhoiciméid a sholáthair an Aireacht Chónaidhme Sláinte agus cistí árachais sláinte, comhlachtaí comhairliúcháin othar agus comhlachtaí féinrialaitheacha na bhfiaclóirí faoi chonradh (nósanna imeachta ortadóntaice, conarthaí, staidéir ar an ortadóntaice etc.) agus ar agallaimh le hionadaithe de chuid na gcomhlachtaí sin.

Príomhbharúlacha

Ní sheasann an taighde eolaíoch le fiúntas na cóireála ortódóntaice

178 Tháinig an *Bundesrechnungshof* ar an gconclúid nach bhfuil forléargas cuimsitheach ag an Aireacht Chónaidhme Sláinte ná ag na cistí árachais sláinte ar na seirbhísí sonracha ortódóntaice a sholáthraítear d'othair. Bhí easpa sonraí a bhain leis an tír go léir ann, e.g. maidir le cineál agus ré na cóireála agus conas mar ar éirigh léi, na haoisghrúpaí ar cuireadh cóireáil orthu, diagnóisí ba bhonn leis na fadhbanna ortódóntaice, líon na gcásanna a tugadh chun críche agus líon na gcóireálacha nár leanadh ar aghaidh leo. Ina theannta sin, ní dhearnadh aon mheasúnú, ar bhonn sonraí den sórt sin, ar bhreisluach na cóireála ortódóntaice. Mar gheall air sin, níl aon fhaisnéis ar fáil maidir le cuspóirí na gcistí árachais sláinte agus breis agus EUR 1 bhilliún á chaitheamh acu in aghaidh na bliana ar chóireáil ortódóntaice, ná aon fhaisnéis faoin rath atá ar an gcóireáil sin, más rath ar bith.

Is minic a íocann tairbhíthe airgead breise ar chóireáil ortódóntaice

179 Ina theannta sin, fuair an *Bundesrechnungshof* amach gur minic a chuir fiaclóirí seirbhísí breise ar fáil, arbh éigean do thairbhíthe íoc astu as a bpóca féin. Na seirbhísí sin ar íoc siad féin astu, bhain siad go príomha le modhanna eile cóireála, le diagnóisic agus le fearais ortódóntaice (e.g. teanntáin fiacra).

180 De réir staidéar a rinne ciste árachais sláinte amháin, i gcás trí cheathrú díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu, bhí socrú déanta acu leis na hortadóntóirí a chuir cóireáil orthu go mbainfidís leas as seirbhísí príobháideacha, a n-íocfaidís féin astu. Beagnach leath de na daoine a ndearnadh suirbhé orthu, bhí breis is EUR 1 000 íoctha acu. Den chuid ba mhó, níorbh eol do chistí árachais sláinte cén chóireáil ortódóntaice a cuireadh ar a gcuid

tairbhithe ná cé na seirbhísí ar íoc na tairbhithe iad féin astu. Ní bhfuair na cistí árachais sláinte amach faoi na coiréalacha ar cuireadh ar na tairbhithe agus na seirbhísí a cuireadh ar fáil dóibh ach i gcásanna eisceachtúla, amhail an cás ina ndearna tairbhithe gearán faoina bhfiacloir. Níor léir ina leith sin ach an oiread cé mhéad a bhí bainte amach.

Moltaí

181 Mhol an *Bundesrechnungshof* suirbhéanna a dhéanamh agus sonraí a bhailiú maidir le cúram ortódóntaice agus riachtanais agus cuspóirí cóireála, táscairí cáilíochta agus rialuithe, agus seirbhísí a n-íocann na tairbhithe féin astu san áireamh. Ba cheart don Aireacht Chónaidhme Sláinte meastóireachtaí a thionscnamh agus, i gcás inar gá, dul i mbun oibre chun na coinníollacha reachtúla is gá a bhunú. Ní mór a chinneadh cén cineál seirbhísí ortódóntaice a sholáthraítear faoi árachas sláinte reachtúil chun teacht leis na torthaí a bheidh ar thaighde cúraim sláinte den sórt sin. Más fearr an rogha iad seirbhísí a íocann na hothair féin astu ná na seirbhísí a sholáthraíonn cistí árachais sláinte faoi láthair, ba cheart do na comhlachtaí ábhartha a bhreithniú ar cheart iad a áireamh sa chúram a sholáthraítear faoi na cistí árachais sláinte.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

182 Chuir an *Bundesrechnungshof* a thuarascáil faoi bhráid an Choiste um Chuntais Phoiblí de chuid Choiste Buiséid an *Bundestag* mar chuid dá thuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht airgeadais fheidearálach an Rialtais Cónaidhme.

183 Foilsíodh an tuarascáil iniúcháir ar shuíomh gréasáin an *Bundesrechnungshof* i mí Aibreáin 2018. Bhí preasráiteas (féach www.bundesrechnungshof.de/en/themen/health-health-insurers/health-health-insurers, an tríú mír ar an liosta) ag gabháil leis an tuarascáil sin.

184 Tá sé i gceist ag an *Bundesrechnungshof* obair iar-iniúchta a dhéanamh féachaint an bhfuil céimeanna éifeachtacha á dtógáil ag an Aireacht Chónaidhme Shláinte chun cuidiú lena áirithiú go mbaineann éifeachtúlacht costais leis na sochair árachais sláinte i leith cóireáil ortódóntaice.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

185 Mar fhreagairt ar an moladh ón *Bundesrechnungshof*, rinne an Aireacht Chónaidhme Shláinte coimisiúnú ar thuarascáil eolaíoch chun taighde a dhéanamh faoin staid faoi láthair ó thaobh eolas leighis ar éifeachtaí fhadtéarmacha na cóireála ortódóntaice ar shláinte bhéil, an taighde sin a chur i láthair agus meastóireacht a dhéanamh air.

186 In éineacht le comhlachais lárnacha na gcistí árachais sláinte agus na bhfiaclóirí faoi chonradh, tá sé beartaithe ag an Aireacht meastóireacht a dhéanamh ar na moltaí gníomhaíochta ó na saineolaithe agus plé a dhéanamh faoi na chéad chéimeanna eile atá le tógáil chun feabhas a chur ar an taighde i réimse an chúraim sláinte agus measúnú a dhéanamh ar an bhfiúntas a bhaineann le hortadóntaic.



An Liotuáin *Valstybės Kontrolė*

A inrochtana atá seirbhísí cúraim d'othair agus mar a dhírítear ar othair

Forléargas

187 San iniúchadh a rinne UFI na Liotuáine, rinneadh measúnú ar a inrochtana atá seirbhísí cúraim d'othair agus mar a dhírítear ar othair. Cumhdaíodh an tréimhse 2014-2016 san iniúchadh. Rinneadh scrúdú freisin ar shonraí ó 2017 agus 2018, sa chás ina raibh baint acu leis na hathruithe a tharla.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

188 Díríodh sa mheasúnú ar na saincheistean seo a leanas:

- o bainistíocht ar thréimhsí feithimh i gcomhair seirbhísí cúraim sláinte;
- o a iomchuí atá an phleanáil i gcomhair an lín speisialtóirí cúraim sláinte is gá;
- o a éifeachtaí atá an úsáid a bhaintear as trealamh costasach ar le bunaíochtaí leighis é;
- o forbairt na gcoinníollacha is gá lena áirithiú go mbeidh rochtain ar na teicneolaíochtaí leighis is nuaí, agus athbhreithniú ar na teicneolaíochtaí atá in úsáid cheana;
- o an méid a mbíonn súil ag othair leis a aithint, a mheas agus a bhainistiú.

189 Bhí an t-iniúchadh dírithe go príomha ar an Aireacht Sláinte, ar an nGníomhaireacht Stáit um Chreidiúniú an Chúraim Sláinte agus ar an gCiste Náisiúnta Árachais Sláinte.

190 Ina theannta sin, bailíodh sonraí agus faisnéis ó bhunaíochtaí sláinte poiblí agus príobháideacha, ó bhardais agus ó eagraíochtaí gairmiúla de chuid speisialtóirí cúraim sláinte, ó eagraíochtaí othar agus ó bhunaíochtaí eolaíocha.

191 Áiríodh leis an modheolaíocht iniúchóireachta athbhreithniú ar dhoiciméid, tagarmharcáil, suirbhéanna ar bhunaíochtaí leighis, daonáirimh, agallaimh, anailísiú sonraí agus tástáil sonraí.

Príomhbharúlacha

Easpa éifeachtachta na mbeart a bhí ceaptha chun laghdú a dhéanamh ar na tréimhsí feithimh le haghaidh seirbhísí

192 Ní raibh faisnéis oibiachtúil ag an Aireacht Sláinte ar thréimhsí feithimh, ná ar na treochtaí ná na buntosca a chuir isteach ar an bpleanáil i dtaobh bearta éifeachtacha chun iad a laghdú. Thairis sin, ní dhearna an Aireacht anailís ar an tionchar a bhí ag na bearta a cuireadh i bhfeidhm ar na hathruithe ar thréimhsí feithimh. Na bearta a bhí dírithe ar thréimhsí feithimh a laghdú, ní raibh an toradh sin orthu mar gheall nach ndeachthas i ngleic le príomhfhadhbanna a bhaineann le sreafaí othar, le feidhmiú an chórais ríomhsheirbhísí sláinte, le míchothroime sa struchtúr a bhí ar na speisialtóirí cúraim sláinte, etc. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb maidir leis an rochtain ar sheirbhísí, bhí seirbhísí íoctha á n-úsáid ag 17 % de na hothair (is mar gheall ar na scuainí fada a rinne a leath acu amhlaidh) agus bhí 19 % acu i mbun féinchóireála.

An gá atá le feabhas a chur ar an bpleanáil i dtaobh an éilimh ar speisialtóirí cúraim sláinte

193 Nuair a bhí an iarraidh á hullmhú i leith oiliúint a chur ar speisialtóirí cúraim sláinte i gcomhair bunaíochtaí eolaíochta agus oideachais, ní dhearna an Aireacht measúnú ar na hathruithe ar struchtúr na seirbhíse, ar an éileamh ar na seirbhísí sin sna réigiúin, ar an ualach oibre atá ar speisialtóirí, ar dhochtúirí a bheith ag éirí as an ngairm, ná ar réamh-mheastacháin ar líon na ndaoine a bheadh ag dul ar eisimirce. Ní raibh sé i gceist ag an Aireacht ach dochtúirí eile a chur ina n-áit siúd a bhí ag dul ar scor, gan an t-éileamh ar altraí a chur san áireamh. Ba mhó é líon na ndochtúirí ná meánlíon an Aontais, ach mar sin féin bhí easpa saineolaithe ann i réimsí sonracha, amhail an chairdeolaíocht, an oftailmeolaíocht agus an néareolaíocht, chomh maith le heaspa altraí, rud a chuaigh i gcion ar a inrochtana a bhí na seirbhísí.

Úsáid neamhéifeachtach a bheith á baint as gairis chostasacha sna bunaíochtaí leighis, agus an easpa dreasachtaí i dtaobh measúnú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua

194 Níor baineadh dianúsáid as níos mó ná leath (59 %) de na gairis chostasacha leighis (a chosain breis is EUR 29 000), agus i gcás 7 % díobh níor úsáideadh ar chor ar bith iad. Le linn na tréimhse a ndearnadh iniúchadh uirthi, chuir an Aireacht tús le nósanna imeachta maidir le gairis nua a sholáthar, ach níor thionscain sí beart chun athdháileadh a dhéanamh ar ghairis chostasacha, rud a d'fhág nár réitíodh fadhb na húsáide neamhéifeachtaí a bhí á baint as na gairis a bhí ar fáil.

195 Ba mhall a rinneadh beart a thionscnamh chun measúnú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua (i rith na tréimhse ceithre bliana, níor chuir bunaíochtaí leighis agus soláthraithe príobháideacha isteach i gcomhair measúnaithe ach 11 dteicneolaíocht) mar gheall ar an easpa cistithe chun úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua cúraim sláinte agus cinn a bhí formheasta. Nuair a tháinig teicneolaíochtaí nua chun cinn, ba mhinic nach ndearnadh measúnú ar na cinn a raibh fáil orthu. Mar gheall air sin, níor áirithíodh gur cuireadh cóireáil ar na hothair go léir leis na teicneolaíochtaí ba nuaí.

Gan baint a bheith ag othair le forbairt an chúraim sláinte chun freastal ar a gcuid ionchas

196 Níor bhain an Aireacht ná na bunaíochtaí leighis úsáid as suirbhéanna a rinneadh ar othair lena fháil amach cé na hionchais a bhí acu. Cé gur bailíodh sonraí maidir le bunaíochtaí leighis i gcás leath na mbardas a ndearnadh iniúchadh orthu, níor bhain siad úsáid as na sonraí sin agus cinntí a ndéanamh acu i ndáil le seirbhísí a eagrú. Ba dheighilte an ionadaíocht a rinneadh ar othair – ní raibh ionadaithe othar páirteach ach in 40 % de na meithleacha oibre a mheas siad ar bhain tábhacht leo. Ní i gcónaí a tugadh fógra do na hothair maidir lena gcearta agus maidir leis na dualgais a bhí orthu, agus bhí sé sin ina chuid den chúis nár fhreastail thart ar 20 % de na hothair ar a gcuid coinní, rud a chuir arís eile leis na tréimhsí feithimh.

Moltaí

197 Chun cur leis an rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte, tréimhsí feithimh a laghdú agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní a bhí ar fáil, mhol an UFI:

- faireachán agus anailísiú tráthrialta a dhéanamh ar úsáid na seirbhísí agus ar a inrochtana a bhíonn siad, ar shreafaí othar agus ar thionchar na mbeart chun tréimhsí feithimh a laghdú, agus cur chun feidhme na mbeart a bhunú ar thoradh an fhaireacháin agus an anailísithe sin;
- córas a fhorbairt chun pleanáil a dhéanamh ar an éileamh a bhíonn ar gach speisialtóir cúraim sláinte, ar bhonn anailís ar shonraí;
- leathnú a dhéanamh ar an measúnú bliantúil ar bhunaíochtaí trí tháscairí úsáide i leith gairis chostasacha leighis a chur san áireamh leo;
- an nós imeachta a shainiú i dtaobh cistiú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí measúnaithe nua, agus i dtaobh athbhreithniú agus athmheasúnú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí cúraim sláinte atá in úsáid cheana.

198 Chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndírítear ar othair sa chóras cúraim sláinte, mhol an UFI an méid seo a leanas:

- leathnú agus/nó leasú a dhéanamh ar na staidéir agus na suirbhéanna um dhearcadh na n-othar arna ndéanamh ag an Aireacht agus ag bunaíochtaí leighis lena fháil amach cé na hionchais a bhíonn ag othair, eolas a bhféadfaí leas a bhaint as chun feabhas a chur ar an gcaoi a n-eagraítear an cúram sláinte;
- cur leis an méid faisnéise atá ceaptha chun othair a spreagadh lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus a gcearta a fheidhmiú, agus ar an gcaoi a soláthraítear an fhaisnéis sin;
- critéir a leagan síos maidir le heagraíochtaí othar a bheith páirteach sa chinnteoireacht a dhéanann coistí agus meithleacha oibre ó thaobh feabhas a chur ar chúram sláinte.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

199 Cuireadh an tuarascáil iniúcháir faoi bhráid na n-iniúchaithe, an choiste pharlaimintigh um iniúcháireacht, na mbunaíochtaí leighis agus an phobail i gcoitinne (ag *Signals 2018*, comhdháil idirnáisiúnta a d'eagraigh an UFI in 2018).

200 Ag teacht leis na spriocdhátaí le haghaidh chur chun feidhme na moltaí a comhaontaíodh sa tuarascáil, cuirtear tuarascálacha leathbhliantúla faoi bhráid na gcoistí parlaiminteacha.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

201 Táthar ag súil go mbeidh sé ina thoradh ar an iniúchadh go ndéanfar athruithe eagraíochtúla/nós imeachta (i dtaca leis an bhfaireachán ar a inrochtana a bhíonn seirbhísí, pleanáil a dhéanamh ar an éileamh a bhíonn ar speisialtóirí cúraim sláinte, measúnú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as gairis leighis, a fháil amach cé na hionchais a bhíonn ag othair agus eagraíochtaí othar a chur san áireamh) agus go ndéanfar athbhreithniú ar chinntí maidir le cistiú (mar gheall ar theicneolaíochtaí nua).



Málta

An Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta

Feidhm an dochtúra ghinearálta – croílár
an chúraim sláinte phríomhúil

Forléargas

202 San iniúchadh a rinne UFI Mhálta, rinneadh measúnú ar fheidhm na ndochtúirí ginearálta agus ar an ról atá acu sa chúram sláinte príomhúil. Cumhdaíodh an tréimhse 2014-2016 san iniúchadh.

203 Admhaítear i ndoiciméid náisiúnta agus i ndoiciméid Eorpacha gurb amhlaidh, cé go ndearnadh leathnú nach beag le himeacht ama ar sheirbhísí príomhúla cúraim sláinte, nach raibh an earnáil seo ar thús cadhnaíochta i measc na seirbhísí sláinte i Málta.

204 Bhí iniúchadh déanta cheana ag Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta Mhálta in 2001 ar fheidhm an dochtúra ghinearálta san iniúchadh ar fheidhmíocht *Primary Healthcare – the General Practitioners Function within Health Centres* [Cúram Sláinte Príomhúil – Feidhm an Dochtúra Ghinearálta sna hIonaid Sláinte]. San iniúchadh sin, léiríodh go raibh na daoine a bhain úsáid as seirbhísí na ndochtúirí ginearálta an-sásta leo an tráth sin. Cuireadh imní in iúl sa tuarascáil, áfach, faoi ghnéithe éagsúla a bhaineann le seirbhísí a sholáthar. Na saincheistean a ardaíodh, bhain siad den chuid ba mhó le leanúnachas cúraim trí sheirbhís níos pearsantaithe, le dáileadh neamhchothrom na ndochtúirí ginearálta i measc na n-ionad sláinte, leis an gcaoi nach raibh córas coinní in úsáid agus le héifeachtúlacht costais na seirbhísí.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

205 Bhí sé ina aidhm leis an iniúchadh a chinneadh a mhéid a bhfuil sé amhlaidh:

- go bhfágann na hoibríochtaí a bhaineann le feidhm an dochtúra ghinearálta go mbíonn na seirbhísí inrochtana agus go mbaintear amach cáilíocht leormhaith ó thaobh cuspóirí an chúraim shláinte phríomhúil a bhaint amach;

- o go n-éascaíonn na struchtúir eagrúcháin agus riaracháin don soláthar seirbhísí;
- o go bhfuil na seirbhísí a sholáthraítear éifeachtach ó thaobh costas de.

206 Ba iad na príomhiniúchaithe a bhí i gceist an Rannóg Cúraim Sláinte Phríomhúil (Málta), Ospidéal Ginearálta Gozo (Gozo) agus an Rannóg Timpistí agus Éigeandála in Ospidéal *Mater Dei*.

207 Áiríodh le modheolaíocht na hiniúcháireachta athbhreithniú ar dhoiciméid, agallaimh leathstruchtúrtha agus suirbhé a chur ar dhaoine, agus cleachtaí costála maidir leis na seirbhísí éagsúla a sholáthraíonn dochtúirí ginearálta. Níor áiríodh i raon feidhme an iniúchta seo seirbhísí arna soláthar ag speisialtóirí leighis éagsúla, nach dochtúirí ginearálta iad, sna hionaid sláinte.

Príomhbharúlacha

208 Tugadh léiriú láidir san iniúchadh gurb amhlaidh, tríd is tríd, go raibh feidhm an dochtúra ghinearálta ag teacht leis na bearta straitéiseacha náisiúnta arna sainiú sa Straitéis maidir le Córas Sláinte Náisiúnta do Mhálta agus go raibh na seirbhísí á leathnú agus á bhfairsingiú.

209 Ar an lámh eile, ardaíodh saincheisteanna áirithe san athbhreithniú sin freisin. Mar atá cúrsaí faoi láthair, ní dócha go ndéanfaí tuilleadh leathnaithe ar fheidhm an dochtúra ghinearálta sa chaoi is gur mhó a bheadh an fheidhm sin dírithe ar na hothair ach amháin sa chás ina ndéanfaí athdháileadh ar an gcistiú chun díriú isteach ar na buntáistí socheacnamaíocha a bheadh le baint amach san fhadtréimhse ach infheistíochtaí a dhéanamh sa chúram sláinte príomhúil. Ina theannta sin, bhí an deis ann leas breise a bhaint as an gcomhar idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí agus as sinéirgí a d'fhéadfadh teacht as sin. Dá bhrí sin, ach comhar ní ba mhó a bheith ann idir na geallsealbhóirí, b'fhearr an cion a d'fhéadfadh feidhm an dochtúra ghinearálta phoiblí a dhéanamh maidir leis an gcúram sláinte príomhúil a bheith i gcroílár na seirbhísí sláinte náisiúnta.

Moltaí

210 Rinne Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta Mhálta na moltaí seo a leanas:

- Spreagadh an Rannóg Cúraim Phríomhúil chun díriú níos mó ar a mheasúnú an bhféadfaí leathnú agus fairsingiú a dhéanamh ar fheidhm an dochtúra ghinearálta trí leas a bhaint as comhlántacht na seirbhísí a sholáthraíonn dochtúirí san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí – lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha agus trí obair a chur amach ar conradh.
- Ba cheart smaoineamh ar bhreis leithdháiltí buiséadacha san earnáil sláinte a chur i dtreo an chúraim sláinte phríomhúil.
- Spreagadh an Rannóg Cúraim Phríomhúil chun pleananna tionscadail infheidhme a bhunú ar na bearta straitéiseacha a liostaítear sa Straitéis maidir le Córas Sláinte Náisiúnta do Mhálta i leith na tréimhse 2014-2020, agus i ndoiciméid eile. Chuige sin, níor mhór féachaint cé na hacmhainní a bheadh de dhíth agus an amlíne cur chun feidhme a bhunú.
- Ba cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí Clinic um Ghalair Ainsealacha a Bhainistiú a chur ar bun ar fud na n-ionad sláinte go léir. Chuirfeadh sé sin le comhleanúnachas an chúraim, bheadh sé ag teacht leis na prionsabail maidir leis an othar a bheith i gcroílár an phróisis agus, san fhadtréimhse, chuirfeadh sé lena éifeachtúlacht ó thaobh costais de a bhíonn feidhm an dochtúra ghinearálta.
- Spreagadh an Rannóg Cúraim Phríomhúil chun coinneáil lena cuid iarrachtaí maidir le béim níos mó a leagan ar chur chun cinn na sláinte agus ar ghalair a chosc, seachas ar an gcúram láithreach. Bhí deis le tapú ag an Rannóg Cúraim Phríomhúil maidir le forbairt a dhéanamh ar fheachtais feasachta atá ar siúl faoi láthair trí dhochtúirí ginearálta a spreagadh i dtaobh teachtaireachtaí na bhfeachtas sin a chur i luí ar othair agus iad ar cuairt orthu.
- Ba cheart smaoineamh ar neartú a dhéanamh ar an gcomhar straitéiseach, an comhar bainistíochta agus an comhar oibríochtúil ar fud ionaid sláinte i Málta agus in Gozo. Dhéanfaí a áirithiú ar an gcaoi sin gur mhó an comhchuibhiú a dhéanfaí ar na seirbhísí agus gur mhó a bheidís sainoiriúnaithe, agus go mbeadh eispéiris á gcomhroinnt maidir le seirbhísí a fhorbairt.

- Bhí feabhas le cur ar a inrochtana a bhíonn faisnéis faoi bhainistíocht airgeadais – ba ghá fós tacaíocht a thabhairt don Rannóg Airgeadais trí infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar cuí TFC.
- Spreagadh an Rannóg Cúraim Phríomhúil chun úsáid ní b'fhearr a bhaint as TFC a bhí ar fáil, amhail Córas Riaracháin Chlinicí na nOthar, lena áirithiú go mbeadh staitisticí cruinne ar fáil maidir le teagmháil le hothair. Ach an fhaisnéis sin a bheith ar fáil, dhéanfaí neartú ar an bpleanáil straitéiseach agus an rialú bainistíochta i leith oibríochtaí na Rannóige.
- Moladh dlús a chur leis na hiarrachtaí a bhaineann le saoráidí i gcomhair ríomhsheirbhísí ordaithe cógas a bheith ar fáil in Bereg. Bhí sé sin ag brath ar an infheistíocht iomchuí a dhéanamh in TFC.
- Spreagadh an Rannóg Cúraim Phríomhúil chun feabhas a chur ar an gcomhordú idir í féin agus an Rannóg Timpistí agus Éigeandála in Ospidéal *Mater Dei* chun íoslaghdú a dhéanamh ar líon na gcásanna ina dtéann othair chuig an Rannóg sin gan ghá nuair a d'fhéadfadh dochtúirí ginearálta ar leibhéal na n-ionad cúraim sláinte an chóireáil atá de dhíth a chur orthu.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

211 Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid Spéicéir Theach na nIonadaithe an 27 Meitheamh 2016, agus chuir an té sin faoi bhráid Theach na nIonadaithe í. Ina theannta sin, pléadh an tuarascáil sa Choiste um Chuntais Phoiblí. Nuair a bhí an tuarascáil thuasluaite curtha faoi bhráid na Parlaiminte, d'fhoilsigh Oifig Iniúcháireachta Náisiúnta Mhálta ar a suíomh gréasáin í. Cuireadh preasráiteas amach freisin, ina raibh achoimre ar na príomhthorthaí agus na torthaí ba thábhachtaí, mar aon leis na conclúidí, sa Mháltais agus sa Bhéarla araon. Chuir an UFI cóipeanna den tuarascáil chuig na meáin agus chuig geallsealbhóirí leasmhara eile.

212 Rinne Oifig Iniúcháireachta Náisiúnta Mhálta obair iar-iniúchta maidir leis an iniúchadh ar fheidhmíocht in 2018. Ba é a bhí i gceist go príomha leis an obair iar-iniúchta sin agallaimh leathstruchtúrtha a dhéanamh le hoifigigh thábhachtacha sa Rannóg Cúraim Phríomhúil agus athbhreithniú a dhéanamh ar an doiciméadacht ghaolmhar. Go ginearálta, léiríodh san iniúchadh iar-iniúchta go raibh cur chuige gníomhach tógtha ag an Rannóg Cúraim Phríomhúil maidir leis na moltaí a rinneadh sa tuarascáil a chur chun feidhme. Chun na críche sin, bhí cur chun feidhme iomlán déanta ar dhá cheann de na moltaí ón tuarascáil bhunaidh, agus bhí obair mhór déanta cheana maidir leis na hocht mholadh eile.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

213 Is é an tionchar fadtéarmach a bhfuiltear ag súil leis ón tuarascáil ná go dtarlóidh athruithe eagraíochtúla agus athruithe ar nósanna imeachta dá barr, go méadófar an cistiú agus na hacmhainní i gcomhair fheidhm an dochtúra ghinearálta, agus go ndéanfar neartú ar an mbonneagar TF. Ba cheart é a bheith ina thoradh uirthi freisin gur mó an méid seirbhísí a bheidh dírithe ar na hothair féin, agus go leagfar béim níos mó ar leanúnachas ó thaobh an chúraim agus ar leathnú a dhéanamh ar sheirbhísí a sholáthraíonn dochtúirí ginearálta. Áirítear leis na tionchair fhadtéarmacha eile laghdú a dhéanamh ar an éileamh ar chúram tánaisteach agus ar na héilimh ar an Rannóg Timpistí agus Éigeandála in Ospidéal *Mater Dei*. Thairis sin, d'fhéadfadh sé a bheith ina thionchar fadtéarmach go gcuideodh an cúram sláinte príomhúil leis an bhfeasacht ó thaobh roghanna saoil, rud a rachadh i bhfeidhm ar fhorleithne na ngalar ainsealach a bhuailleann muintir Mhálta.



An Phortaingéil *Tribunal de Contas*

An rochtain a bhíonn ag saoránaigh ar chúram sláinte i Seirbhís Náisiúnta Sláinte na Portaingéile

Forléargas

214 San iniúchadh a rinne UFI na Portaingéile, rinneadh measúnú ar an rochtain a bhí ag saoránaigh ar chúram sláinte i Seirbhís Náisiúnta Sláinte na Portaingéile sa tréimhse 2014-2016. Bíonn deacrachtaí leanúnacha i gceist leis an rochtain a bhíonn ag saoránaigh ar chúram sláinte sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte, agus go háirithe an rochtain ar chomhairliúcháin le speisialtóirí ospidéal agus ar obráidí, ó thaobh tréimhsí feithimh go háirithe.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

215 Féachadh san iniúchadh lena fháil amach:

- o an bhfuil an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte ag freastal, i dtréimhse atá inghlactha ón ngné chliniciúil de, ar na riachtanais a bhíonn ag saoránaigh maidir le rochtain ar chomhairliúcháin tosaigh le speisialtóirí agus ar obráidí pleanáilte;
- o ar cuireadh i ngníomh na nósanna imeachta maidir le clárú agus gluaiseacht othar ar liostaí feithimh, i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm;
- o ar bhearta éifeachtacha iad na cinn a chuir an Aireacht chun feidhme mar fhreagra ar dheacrachtaí rochtana.

216 Ba iad na príomhiniúchaithe seirbhísí áirithe de chuid na hAireachta Sláinte agus aonaid ospidéal roghnaithe.

217 Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte maidir le táscairí i ndáil leis an rochtain ar chomhairliúchán tosaigh sna hospidéal agus ar obráidí, ar an mbonn seo a leanas:

- tuarascálacha teicniúla a sholáthair an Aireacht Sláinte, comhlachtaí éagsúla de chuid na hAireachta Sláinte agus an tÚdarás Rialála Sláinte;
- anailís ar shonraí agus ar fhaisnéis a sholáthair Lárionad Riaracháin an Chórais Sláinte maidir le clárú agus gluaiseacht othar ar liostaí feithimh i gcomhair comhairliúchán agus obráidí.

218 Rinneadh measúnú ar cháilíocht na dtáscairí a ríomhadh agus na dtaifead ar a raibh siad bunaithe ar an mbonn seo a leanas:

- agallaimh le Lárionad Riaracháin an Chórais Sláinte, le hIonad Riaracháin Sláinte Réigiúnach Liospóin agus Ghleann Abhainn an Tagus, agus ar an sampla aonad ospidéal a ndearnadh iniúchadh orthu;
- faisnéis agus sonraí a bailíodh ó na haonaid ospidéal a ndearnadh iniúchadh orthu, lena n-áirítear tástálacha feidhmiúla ar an timpeallacht rialaithe agus ar na nósanna imeachta le haghaidh clárú agus gluaiseacht othar ar liostaí feithimh i gcomhair comhairliúchán agus obráidí.

Príomhbharúlacha

219 Tháinig an *Tribunal de Contas* ar an gconclúid go raibh an rochtain ar chomhairliúcháin le speisialtóirí ospidéal agus ar obráidí pleanáilte imithe in olcas sa tréimhse trí bliana ó 2014 go 2016, rud ba chúis leis an méid seo a leanas:

- méadú ar an meántréimhse feithimh ar chomhairliúchán tosaigh le speisialtóir ospidéal ó 115 go 121 lá agus méadú ar neamhchomhlíonadh na dtréimhsí feithimh uasta a rathaítear, ó 25 % in 2014 go 29 % in 2016;
- (i) méadú 27 000 duine (+ 15 %) ar líon na n-othar ar liostaí feithimh i gcomhair obráidí;
(ii) méadú 11 lá (+ 13 %) ar an meántréimhse feithimh i gcomhair obráide; agus
(iii) méadú ar neamhchomhlíonadh na dtréimhsí ama uasta a rathaítear i leith freagraí, ó 7.4 % in 2014 go 10.9 % in 2016.

220 Thairis sin, tháinig sé ar an gconclúid, maidir leis na tionscnaimh lárnacha arna gcur chun feidhme ag Lárionad Riaracháin an Chórais Sláinte in 2016 chun bailíochtú a dhéanamh ar liostaí feithimh i gcomhair comhairliúcháin tosaigh le speisialtóirí ospidéal agus iad a thabhairt cothrom le dáta, gur áiríodh leo beart faoina bhfuarthas réidh, ar bhonn riaracháin, le hiarratais a bhí an-sean, rud a rinne saobhadh ar na táscairí feidhmíochta a tuairiscíodh.

221 I réimse na máinliachta go sonrach, fuarthas gur cuireadh leis na tréimhsí feithimh toisc nár eisíodh dearbháin obráidí agus nótaí aistrithe go tráthúil tráthrialta d'othair a bhí ar liostaí feithimh, agus dá mba rud é gur eisíodh iadsan go bhféadfaí na hothair a chur faoi obráid in aonaid ospidéal eile a raibh acmhainn freagartha acu.

222 Tháinig an *Tribunal de Contas* ar an gconclúid nach bhféadfaí brath ar an bhfaisnéis ar liostaí feithimh a chuir Lárionad Riaracháin an Chórais Sláinte ar fáil go poiblí, ní hamháin mar gheall ar bhotúin a rinneadh arís agus arís eile maidir le faisnéis a bhaineann leis na hospidéal a chur san áireamh sna córais lárnacha um bainistíocht a dhéanamh ar an rochtain ar chomhairliúcháin ospidéal agus ar obráidí, ach freisin mar gheall ar na tionscnaimh láraithe dá dtagraítear thuas.

Moltaí

223 Rinne an *Tribunal de Contas* roinnt moltaí i bhfianaise na dtorthaí a tháinig as an iniúchadh a rinne sé, lena n-áirítear:

Moltaí don Aire Sláinte:

- sásraí a chur ar bun maidir le dearbháin obráidí a uatheisiúint laistigh de na teorainneacha ama reachtúla nuair nach féidir cloí leis na tréimhsí feithimh uasta a rathaítear in ospidéal de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte, sa chaoi is nach mbeidh sé ina thoradh ar an bpróiseas trína ndéantar obráidí a eagrú sa Chóras Náisiúnta Sláinte go mbainfear an bonn den cheart atá ag othar go gcuirfí cóireáil air nó uirthi laistigh de thréimhse ama a mheastar atá inghlactha ón ngné chliniciúil de;
- iarraidh ar chomhlacht lasmuigh de Lárionad Riaracháin an Chórais Sláinte seiceáil thráthrialta a dhéanamh ar cháilíocht na dtáscairí rochtana arna bhfógairt i leith comhairliúcháin tosaigh ospidéal agus obráidí pleanáilte.

Moltaí do Bhord Rialaithe Lárionad Riaracháin an Chórais Sláinte:

- o gan nósanna imeachta riaracháin a ghlacadh a mbeadh laghdú bréige ar liostaí feithimh agus tréimhsí feithimh i gceist leo;
- o tuarascálacha a ullmhú ina mínítear na critéir arna nglacadh, agus na modhanna agus na torthaí a fuarthas, aon uair a dhéantar athruithe ar na bunachair sonraí sa chóras faisnéis láraithe lena ndéantar bainistíocht ar an rochtain ar chomhairliúcháin ospidéal agus ar obráidí, chun botúin a cheartú.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

224 Cuireadh an tuarascáil chuig na comhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu agus chuig na comhaltaí Rialtais atá freagrach astu. Ina theannta sin, foilsíodh í ar shuíomh gréasáin an *Tribunal de Contas*, mar aon le hachóimre leathanaigh amháin uirthi, agus cuireadh an méid sin in iúl do na meáin.

225 Tar éis an fhoilsithe, tugadh éisteacht d'Uachtarán an *Tribunal de Contas* agus don Aire Sláinte ag éisteacht pharlaiminte os comhair Choiste Sláinte an Tionóil Náisiúnta.

226 Chun an méid a leagtar síos sa tuarascáil a chomhlíonadh, thuairiscigh na húdaráis a ndearnadh na moltaí leo laistigh de thrí mhí ar an bearta a rinne siad. Tharla malartuithe faisnéise ina dhiaidh sin. Rinneadh anailís ar na bearta a rinneadh i bhfianaise na moltaí i mí Dheireadh Fómhair 2018: as na 47 moladh a rinneadh, bhí 20 acu (43 %) curtha chun feidhme agus bhí 21 mholadh eile (45 %) curtha chun feidhme go páirteach. Áirítear sa mhéid sin:

- o nósanna imeachta a chur chun feidhme chun cáiliú a dhéanamh ar na sonraí maidir le rochtain ar chomhairliúcháin tosaigh agus obráidí pleanáilte, agus é ina aidhm leis sin a áirithiú go ndéanfar caighdeánú ar an obair chun botúin sna córais faisnéis atá ann faoi láthair a cheartú agus an obair sin a dhéanamh níos trédhearcaí agus níos éasca le hiniúchadh;
- o seirbhísí a chur amach ar conradh lena áirithiú go mbeidh dearbháin obráidí á n-eisiúint go tráthúil agus gan bhriseadh d'othair ar liostaí feithimh.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

227 Athruithe ar na nósanna imeachta oibríochtúla agus na nósanna imeachta rialaithe maidir le bainistíocht a dhéanamh ar liostaí feithimh i gcomhair comhairliúchán agus obráidí. An chuntasacht a chur chun cinn i dtaca le bainistíocht éifeachtúil a dhéanamh ar liostaí feithimh, ar chomhlíonadh na dtréimhsí uasta freagartha agus ar thrédhearcacht maidir le nósanna imeachta.



An Rómáin

Curtea de Conturi a României

Bonneagar sláinte a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil chun cur leis an rochtain ar sheirbhísí sláinte

Forléargas

228 Rinne UFI na Rómáine measúnú ar úsáid na gcistí a leithdháileadh d'fhorbairt an bhonneagair sláinte. Cumhdaíodh an tréimhse 2011-2015 san iniúchadh.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

229 Bhí an t-iniúchadh dírithe go príomha ar an Aireacht Sláinte.

230 Áiríodh leis an modheolaíocht iniúchóireachta scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid aireachta atá ann cheana a bhaineann leis an ábhar atá faoi iniúchadh, breathnuithe díreacha, ceistneoirí agus agallaimh le fostaithe an iniúchaí.

Príomhbharúlacha

231 Ba iad seo a leanas na barúlacha a thug UFI na Rómáine:

- níor thug an Aireacht Sláinte údar leordhóthanach leis na hacmhainní airgeadais is gá chun maoiniú a dhéanamh ar infheistíochtaí sa chóras cúraim sláinte;
- ní dhearna an Aireacht Sláinte comhordú éifeachtúil ar chur chun feidhme na n-infheistíochtaí trí na rannóga feidhmiúla, rud ba chúis le bainistíocht lochtach ar a leibhéal féin agus ar leibhéal na n-aonad sláintíochta fo-ordaithe, rud a d'fhág nár tugadh chun críche ach dhá phríomhchuspóir infheistíochta i dtréimhse 19 mbliana;
- bhí moill idir 90 agus 800 lá i gceist ó thaobh trealamh míochaine a bhí ceannaithe a shuiteáil;

- o níor bunaíodh taifead lárnach ar iarrataí ar mhaoiniú i gcomhair infheistíochtaí a chuir aonaid sláinte poiblí faoi bhráid na hAireachta, ná níor coinníodh taifead ar na cúiseanna nár deonaíodh maoiniú i leith infheistíochtaí;
- o níor cloíodh le prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta ná na héifeachtachta. Cheannaigh aonaid cúraim sláinte seirbhísí íomháiithe ó sholáthraithe seachtracha cé go raibh trealamh acu lena bhféadfaidís na seirbhísí sin a sholáthar;
- o is sa dara seimeastar de bhliain bhuiséid a dhéantar cistí infheistíochta a leithdháileadh den chuid is mó. Uaireanta níor tugadh chun críche na nósanna imeachta soláthair sa bhliain bhuiséid, agus cailleadh maoiniú dá bharr sin;
- o ní dhéantar soláthar poiblí ar threalamh míochaine ar bhonn láraithe. Rinne gach aonad sláinte ceannach ar bhealach díláraithe, rud a d'fhág go raibh praghsanna ceannaigh éagsúla i gceist;
- o níor bhunaigh an Aireacht Sláinte sraith táscairí fisiciúla agus táscairí éifeachtúlachta chun rianú a dhéanamh ar an méid a baineadh amach de bharr infheistíochtaí, ar fhorbairt bonneagair sláinte, ar sholáthar fearais míochaine do shaoráidí cúraim sláinte ná ar a mhéid a comhlíonadh na táscairí a bhí bunaithe. Ní dhearnadh anailís thráthrialta ar tháscairí fisiciúla ná táscairí éifeachtúlachta;
- o easpa eolais maidir le staid iarbhír na háiseanna sláintíochta i dtéarmaí feistí leighis ardfeidhmíochta (CT, MRI, anagraif, luasairí líneacha);
- o níor phleanáil an Aireacht Sláinte rialuithe lena bhfíorófaí úsáid na gcistí a leithdháileadh chun an bonneagar sláinte a fhorbairt, ná níor chuir sí rialuithe den sórt sin i bhfeidhm.

Moltaí

232 D'eisigh UFI na Rómáine na moltaí seo a leanas:

- o acmhainní iomchuí a bhunú chun maoiniú a dhéanamh ar chaiteachas caipitiúil/aistrithe caipitil, agus é ina chuspóir úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní arna leithdháileadh;

- o a chur i bhfeidhm go ndéanfar faireachán buan ar an úsáid a bhaineann aonaid shláintíocha as acmhainní airgeadais, forbairt a dhéanamh ar nósanna imeachta lena mbunófar creat éigeantach i gcomhair fo-aonad i dtaobh tuairisciú tráthúil ar mhéideanna nár úsáideadh;
- o a áirithiú go ndéanfar maoiniú leordhóthanach ar na hinfheistíochtaí agus na bearta a dhéanfar a fhorbairt chun saibhreas a thabhairt d'fho-aonaid;
- o a bheith rannpháirteach go seasmhach san obair a dhéanann na haonaid shláintíocha, agus bheim a leagan ar chuspóir na n-infheistíochtaí a bhaint amach go tráthúil agus iad a choimisiúnú ar an gcaoi is fearr is féidir;
- o a eagrú go ndéanfar cigireachtaí tréimhsiúla ar ghníomhaíochtaí infheistíochta lena mheas cén staid ag a bhfuil siad i dtaobh cuspóirí a bhaint amach;
- o taifead ceart a bhunú ar na hiarrataí ó na haonaid shláintíocha ar infheistíochtaí a mhaoiniú, lena úsáid mar fhoinsé faisnéise chun a roghnú cé na haonaid a ndéanfar cistiú orthu agus chun infheistíochtaí a chur in ord tosaíochta ar bhonn critéir oibiachtúla;
- o anailís a dhéanamh ar bhearta maidir le soláthar láraithe i gcomhair trealamh ardfeidhmíochta ar a laghad agus bearta a fhorbairt lena áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as cistí poiblí;
- o sraith táscairí fisiciúla agus táscairí éifeachtúlachta a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil bonneagar córais sláinte á fhorbairt;
- o anailís a dhéanamh ar na bealaí ina bhféadfaí an córas ríomhairí ardfeidhmíochta a thabhairt chun críche, a chur chun feidhmiú agus a oibriú, agus ina bhféadfaí leas a bhaint as na staidéir reamh-fhéidearthachta agus na staidéir féidearthachta, as treoracha ailtireachta agus as na tionscadail theicniúla a fuarthas agus nár baineadh úsáid astu;
- o comhordú agus faireachán a dhéanamh ar aonaid shláintíocha ar fud an phróisis trína ndéanfar cistí neamh-iníochta a ionsú, chun dlús a chur leis an ráta ionsúite;
- o na bearta go léir is gá a dhéanamh chun na coinníollacha *ex ante* a chomhlíonadh agus an maoiniú neamh-iníochta a sholáthraítear tríd an gClár Oibriúcháin Réigiúnach 2014-2020 a eisiúint;

- o gach beart is gá a dhéanamh chun rochtain a fháil ar na cistí a chuireann an tAontas Eorpach ar fáil tríd an gClár Oibriúcháin Réigiúnach agus ar na cistí a leithdháiltear faoin gcomhaontú iasachta leis an mBanc Idirnáisiúnta Athfhoirgníochta agus Forbartha, agus leas éifeachtúil a bhaint as na cistí sin;
- o bunachar sonraí an bhonneagair náisiúnta sláinte a chur chun feidhme.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

233 Cuireadh an tuarascáil, i bhfoirm tuarascáil sintéise, faoi bhráid Uachtaránacht na Rómáine, an Rialtais, Theach na dTeachtaí, an tSeanaid, Acadamh na Rómáine, an Acadaimh Eolaíochtaí Míochaine, choistí speisialaithe Pharlaimint na Rómáine, roinnt aireachtaí agus an Árais Náisiúnta Árachais Sláinte. Foilsíodh an tuarascáil i mí Iúil 2017 i bhfoirm achoimre ar shuíomh gréasáin Chúirt Cuntas na Rómáine.

234 Dréachtaíodh tuarascáil iar-iniúchta i mí Dheireadh Fómhair 2018, agus spreag sé sin an Aireacht Sláinte chun céimeanna a thionscnamh d'fhonn na bearta a d'iarr an Chúirt Cuntas a chur chun feidhme.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

235 A aithint cé na torthaí is fearr a baineadh amach tar éis chur chun feidhme na mbeart a iarradh, agus a aithint cé na cúiseanna a bhí le neamhchomhlíonadh na gcuspóirí a bhí beartaithe.



An tAontas Eorpach Cúirt Iniúcháirí na hEorpa

Bearta AE i leith cúram sláinte trasteorann:
uaillmhianta móra ach ní mór an bhainistíocht a
fheabhsú

Forléargas

236 Rinne Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE) measúnú chun féachaint an mbaineann othair na tairbhí a raibh súil leo as bearta AE maidir le cúram sláinte trasteorann. Cumhdaíodh an tréimhse 2008-2018 san iniúchadh.

237 Tá sé ina aidhm leis an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Cúram Sláinte Trasteorann, a glacadh in 2011, cúram leighis sábháilte ardchaighdeáin a áirithiú thar theorainneacha san Aontas, agus foráil a dhéanamh maidir le haisíoc thar lear faoi na coinníollacha céanna a bheadh i bhfeidhm sa bhaile. Thairis sin, féachtar le héascú don chomhar maidir le ríomhsheirbhísí sláinte, sonraí othar a mhalartú thar theorainneacha agus rochtain ar chúram sláinte i gcás galair neamhchoitianta trí fhorbairt a dhéanamh ar na Líonraí Tagartha Eorpacha.

238 Rinne na hiniúcháirí scrúdú féachaint an ndearna an Coimisiún Eorpach faireachán ar chur chun feidhme na Treorach ón Aontas Eorpach maidir le Cúram Sláinte Trasteorann, agus ar threoraigh sé na Ballstáit i dtaobh othair a chur ar an eolas faoina gcuid cearta. Ina theannta sin, rinne siad measúnú ar na torthaí a baineadh amach maidir leis an malartú sonraí sláinte thar theorainneacha agus sheiceáil siad príomhbhearta de chuid an Aontais maidir le galair neamhchoitianta.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

239 Ba é an phríomhcheist a cuireadh san iniúchadh: “An bhfuil tairbhí le baint ag othair as bearta an Aontais Eorpaigh i dtaobh an chúraim sláinte trasteorann?”

240 Thairis sin, rinne Cúirt Iniúcháirí na hEorpa scrúdú féachaint:

- an ndearna an Coimisiún dea-mhaoirsiú ar chur chun feidhme na Treorach ón Aontas Eorpach maidir le Cúram Sláinte Trasteorann sna Ballstáit;

- an raibh na torthaí a baineadh amach go dtí sin ag teacht leis na hionchais maidir le sonraí sláinte a mhalartú thar theorainneacha;
- ar chuir bearta an Aontais Eorpaigh maidir le galair neamhchoitianta le luach na n-iarrachtaí a rinne na Ballstáit chun an rochtain a bhíonn ag othair ar chúram sláinte a éascú.

Ba é an Coimisiún Eorpach an príomhiniúchaí.

241 Áiríodh leis an modheolaíocht agallaimh le hionadaithe de chuid an Choimisiúin agus cúig údarás de chuid na mBallstát atá freagrach as an Treoir a chur chun feidhme (sa Danmhairg, san Ísiltír, san Iodáil, sa Liotuáin agus sa tSualainn). Rinneadh suirbhé ar ionadaithe na mBallstát uile sa Sainghrúpa um Chúram Sláinte Trasteorann agus i measc ionadaithe de chuid an Líonra Ríomhsheirbhísí Sláinte. Ina theannta sin, rinneadh measúnú ar thionscadail a ndearna an tAontas Eorpach cistiú orthu agus chuathas i gcomhairle le saineolaithe.

Príomhbharúlacha

242 Ba iad seo a leanas na barúlacha a thug CIE:

Cur chun feidhme na Treorach ón Aontas Eorpach maidir le Cúram Sláinte Trasteorann

- Rinne an Coimisiún dea-fhaireachán ar thrasuí na treorach sa dlí náisiúnta agus ar mar a chuir na Ballstáit chun feidhme í.
- Chomh maith leis sin, thacaigh sé leis na Ballstáit maidir le feabhas a chur ar fhaisnéis faoin na cearta atá ag othair i dtaobh cúram sláinte trasteorann, cé go bhfuil roinnt bearnaí i gceist go fóill.

Malartú trasteorann sonraí sláinte

- Ní dhearna an Coimisiún measúnú cuí ar an líon úsáideoirí a d'fhéadfadh a bheith i gceist ná ar a éifeachtúlacht a bheadh sé ó thaobh costais de sonraí sláinte trasteorann a mhalartú.
- Bhíothas ródhóchasach i dtaobh líon na malartuithe sonraí sláinte thar theorainneacha. Tráth an iniúchta – Samhain 2018– ní raibh na Ballstáit ach chun tosú ar mhalartú leictreonach a dhéanamh ar shonraí sláinte othar.

Na Líonraí Tagartha Eorpacha

- Is uailmhianach an beart nuálach iad na Líonraí Tagartha Eorpacha i gcomhair galair neamhchoitianta, agus tacaíonn dochtúirí, soláthraithe cúraim sláinte agus othair go forleathan leis an mbeart sin.
- Bhí easnaimh i gceist sa phróiseas i dtaobh na Líonraí Tagartha Eorpacha a bhunú, áfach, agus tá dúshlán nach beag le sárú ina leith ó thaobh inbhuanaitheacht airgeadais.

Moltaí

243 Molann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- breis tacaíochta a sholáthar do na pointí teagmhála náisiúnta chun feabhas a chur ar fhaisnéis ar na cearta atá ag othair i dtaobh cúram sláinte trasteorann;
- ullmhúchán níos fearr a dhéanamh i gcomhair sonraí sláinte a mhalartú thar theorainneacha;
- tacú le feabhas a chur ar Líonraí Tagartha Eorpacha agus ar an mbainistíocht orthu chun éascú don rochtain ar chúram sláinte i gcás othair a bhfuil galair neamhchoitianta orthu.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

244 Cuireann CIE a cuid tuarascálacha speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus faoi bhráid páirtithe leasmhara eile amhail parlaimintí náisiúnta, geallsealbhóirí sa tionscal agus ionadaithe de chuid na sochaí sibhialta.

245 Foilsíodh an tuarascáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa in 23 theanga AE, agus preasráiteas ag gabháil léi, ar an 4 Meitheamh 2019.

246 Mar nós imeachta caighdeánach, déanfaidh CIE obair iar-iniúchta i ndáil leis an tuarascáil trí bliana tar éis a foilsithe.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

247 Tá CIE ag súil leis an tionchar seo a leanas:

- o faisnéis níos soiléire d'othair san Aontas Eorpach maidir leis an gceart atá acu i dtaobh cúram sláinte trasteorann;
- o go soláthrófar faisnéis faoi Líonraí Tagartha Eorpacha i leith galair neamhchoitianta ar shuímh ghréasáin na bPointí Teagmhála Náisiúnta;
- o measúnú ar na cleachtais i dtaobh sonraí cúraim sláinte a mhalartú thar theorainneacha agus ar a éifeachtúla a bhíonn na malartuithe sin ó thaobh costais de, agus ar cibé an soláthraítear nó nach soláthraítear ionchur fiúntach do chórais náisiúnta cúraim sláinte dá mbarr;
- o go mbeidh sé ina thoradh ar ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse an chúraim sláinte i gcás galair neamhchoitianta agus an chúraim sláinte trasteorann go n-éascófar don rochtain a bhíonn ag othair a bhfuil galar neamhchoitianta orthu ar dhiagnóis níos tapa agus ar chóireáil iomchuí;
- o measúnú ar na torthaí a bheidh ar straitéis an Aontais um ghalair neamhchoitianta;
- o chun inbhuanaitheacht na Líonraí Tagartha Eorpacha a áirithiú, déanfar aon chistiú do na Líonraí feasta a bhainistiú faoin struchtúr níos simplí, lena laghdófar an t-ualach riaracháin.

CUID III – Spléachadh ar thuarascálacha de chuid UFlanna

97

Cáilíocht na seirbhísí sláinte



An Danmhairg *Rigsrevisionen*

Tuarascáil ar dhifríochtaí i gcáilíocht an chúraim ar fud
na n-ospidéal sa Danmhairg

Forléargas

248 Bhí sé ina aidhm leis an iniúchadh a rinne UFI na Danmhairge measúnú a dhéanamh ar dhifríochtaí a d'fhéadfadh a bheith idir cáilíocht an chúraim ar fud na n-ospidéal sa Danmhairg. Cumhdaíodh an tréimhse 2007-2016 san iniúchadh.

249 Leagtar síos in Acht Sláinte na Danmhairge nach mór rochtain éasca agus cothroime rochtana a bheith ag gach othar ar chúram ardcháilíochta. Dhírigh an Aireacht Sláinte agus na réigiúin ar dhifríochtaí geografacha i gcáilíocht an chúraim trí thionscnaimh éagsúla. Ó bhí 2012 ann, tá Clárlanna Cliniciúla na Danmhairge (RKKP) ag déanamh faireachán ar shonraí maidir le cáilíocht chúraim. Déanann RKKP faireachán féachaint an ndéantar cúram de na hothair ar bhealach atá comhsheasmhach leis na treoirlínte i dtaobh cleachtas cliniciúil. Agus an méid sin á dhéanamh aige, bailíonn RKKP eolas ar cháilíocht an chúraim a sholáthraítear sna réigiúin agus ar aon difríochtaí idir na réigiúin agus na hospidéil.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

250 Bhí an t-iniúchadh dírithe ar cháilíocht an chúraim agus ar dhifríochtaí a bhain le ceithre ghalar choitianta: cliseadh croí, galar scamhóige toirmeascach ainsealach, stróc agus briseadh corróige. Ba iadsan na galair a roghnaíodh don staidéar mar go mbíonn siad ar líon mór othar agus go gcuirtear cóireáil ar dhaoine ina gcoinne i bhformhór na n-ospidéal sa tír. Bhí sé ina aidhm leis an iniúchadh na ceistanna seo a leanas a fhreagairt:

- Ar bhunaigh an Aireacht Sláinte agus na réigiún creataí lena n-áirithítear go leordhóthanach go bhfuil cothroime rochtana ag gach othar ar chúram ardcháilíochta san ospidéal agus lenar féidir leis na réigiúin agus na hospidéil a aithint cé na cúiseanna atá le haon difríochtaí idir cáilíocht an chúraim i measc na n-ospidéal agus laghdú a dhéanamh ar líon na ndifríochtaí nach bhfuil údar maith leo?

- o An bhfuil difríochtaí nach bhfuil údar maith leo i gceist sa mhéid a bhfuil comhsheasmhacht ann idir an cúram a dhéantar sna hospidéal d'othair a bhfuil cliseadh croí nó galar scamhóige toirmeascach ainsealach orthu, ar bhuail stróc iad nó ar briseadh a gcorróg agus na táscairí próisis ábhartha go léir (táscairí cáilíochta i dtaobh cúraim)?

251 Ba iad na príomhiniúchaithe Aireacht Sláinte na Danmhairge agus cúig réigiún na Danmhairge. (Tá seirbhísí sláinte i measc na bpríomhchúraimí atá ar réigiúin na Danmhairge.)

252 Rinneadh an t-iniúchadh ar bhonn athbhreithniú ar dhoiciméid, agallaimh agus anailís ar chláranna.

Príomhbharúlacha

253 Thug *Rigsrevisionen* na barúlacha seo a leanas:

- o Thaispeáin an anailís a rinne an UFI nár cuireadh an clár iomlán cúraim mholta i bhfeidhm i gcás líon nach beag othar a raibh cliseadh croí orthu, ar bhuail stróc iad nó ar briseadh a gcorróg. Ina theannta sin, ba léir ón anailís go raibh easpa comhsheasmhachta i gceist maidir le cáilíocht an chúraim i ngach ceann de na ceithre réimse galar. Ní fhéadfaí na difríochtaí a chur i leith cinntí comhfhiósacha a rinne gairmithe ar bhonn na gcúinsí nó ar bhonn riachtanais agus mianta na n-othar féin.
- o Léiríodh san anailís go ndeachaigh difríochtaí ó thaobh cúraim i bhfeidhm ar an mbaol go gcuirfí othair san ospidéal arís ina dhiaidh sin nó go bhfaighidís bás. Ina theannta sin, léiríodh san anailís ar chláranna go bhféadfaí formhór na ndifríochtaí a bhain le hothar a bheith á chur ar ais chuig an ospidéal agus bás a fháil a rianú chuig tosca nach raibh faoi rialú na n-ospidéal.
- o Léirigh an anailís ar chláranna gur lú an chomhsheasmhacht a bhí idir an cúram a rinneadh de na hothair a raibh na hionchais ba mheasa ann ina leith agus na táscairí próisis ábhartha go léir (táscairí cáilíochta i leith cúraim) ná an chomhsheasmhacht i gcás an chúraim a rinneadh de na hothair a raibh na hionchais arbh fhearr ann ina leith. Bhí feidhm aige sin maidir le gach ceann de na ceithre réimse galar.

- Mar sin, léirigh an anailís ar chlárlanna gurbh amhlaidh, i gcás othair a raibh na hionchais ba mheasa ann ina leith i dtrí réimse galar as na ceithre cinn, go bhféadfadh difríochtaí cáilíochta dul i bhfeidhm ar an mbaol go gcuirfí san ospidéal arís iad ina dhiaidh sin nó go bhfaighidís bás.
- Léiríodh sa staidéar go ndearna an Aireacht agus na réigiúin obair iar-iniúchta maidir le difríochtaí réigiúnacha i gcáilíocht an chúraim a soláthraíodh sna hospidéal agus na cúiseanna a bhí leo. Agus an dearbhú cáilíochta á eagrú agus obair leantach á dhéanamh ina thaobh, áfach, níor díriodh go sonrach ar cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh cúram den ardcháilíocht chéanna d'othair a raibh riachtanais chomhchosúla acu i dtaobh cúraim, ach ar bhain cúinsí éagsúla lena gcás. D'fhág sé sin nach raibh aon sonraí ag an Aireacht ná ag na réigiúin ar dhifríochtaí maidir le cáilíocht an chúraim a rinneadh d'othair i gcúinsí éagsúla, ná nach raibh a fhios acu cén éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag difríocht fhéideartha ar an mbaol go gcuirfí othar san ospidéal arís nó go bhfaigheadh sé nó sí bás.

Moltaí

254 Mhol *Rigsrevisionen* go ndéanfaidh an Aireacht Sláinte agus na réigiúin measúnú tráthrialta féachaint arb amhlaidh, mura soláthraítear cúram i gcomhréir leis na táscairí próisis ábhartha go léir, nach dtéann sé sin i bhfeidhm ach ar othair a mbaineann saintréithe áirithe leo. D'fhéadfadh an fhaisnéis sin a bheith ina bonn le céimeanna chun feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim i gcás na gcineálacha othar sin, rud a thacóidh leis an gcuspóir atá ag an Aireacht agus na réigiúin ó thaobh cúram ardcháilíochta a dhéanamh go comhsheasmhach de na hothair go léir.

Foilsiú agus obair iar-iniúchta

255 Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Chuntais Phoiblí, agus chuir an coiste sin a chuid ráiteas féin léi agus ansin d'iarr sé freagra ón Aire Sláinte.

256 Tá fáil fhurasta ar an tuarascáil ar líne, agus bhí an Coiste um Chuntais Phoiblí ar fáil i gcomhair ceisteanna ó iriseoirí.

257 Toisc gur le déanaí a foilsíodh an tuarascáil (Eanáir 2019), tá *Rigsrevisionen* ag fanacht le ráiteas ón Aire agus leanfaidh sé ar aghaidh ag déanamh obair iar-iniúchta a bhaineann leis an tuarascáil go dtí go gcuirfear bearta sásúla chun feidhme.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

258 Tá sé ró-luath fós lena chinneadh cén tionchar a bheidh ag an tuarascáil.



Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General



Éire Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Obráidí roghnacha lae a bhainistiú

Forléargas

259 San iniúchadh a rinne UFI na hÉireann rinneadh measúnú ar an dul chun cinn maidir le hathrú ó chóireáil a chur ar othair chónaitheacha go dtí cóireáil a chur ar bhonn máinliacht lae. Bhí sé ina aidhm leis aon tosca a aithint a éascaíonn don athrú sin nó a chuireann bac air, agus a mheas an bhfuil scóip ann maidir le leathnú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as máinliacht lae. Cumhdaíodh san iniúchadh obráidí in ospidéal phoiblí ghéarmhíochaine in Éirinn sa tréimhse 2006-2012.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

260 Bhí an t-iniúchadh dírithe ar phríomhcheist amháin: An bhféadfar líon na gcásanna ina gcuirtear cóireáil ar othair chónaitheacha a laghdú trína áirithiú, nuair is iomchuí i dtaobh na míochaine, gur mar chásanna lae a dhéileáiltear leo sin?

261 Faoi chuimsiú na príomhcheiste sin, breithníodh san iniúchadh:

- an ndearna Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) anailís ar na cúiseanna a bhí leis na difríochtaí idir ospidéal chun féachaint cé na feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh;
- ar aithníodh bacainní maidir le feabhas a chur ar rátaí máinliachta lae agus a ndeachthas i ngleic leo;
- ar éascaigh próisis na n-ospidéal/FSS do chomhroinnt faisnéise chun teacht ar smaointe faoin dea-chleachtas.

Ba iad FSS agus an Roinn Sláinte na príomhiniúchaithe.

Bhí an measúnú bunaithe go príomha ar bhailiú sonraí faoi mháinliacht lae, ar agallaimh a cuireadh ar phríomhphearsanra agus ar shuirbhé a cuireadh chuig na hospidéal phoiblí

ghéarmhíochaine go léir atá faoi chúram FSS. Rinneadh é i gcomhar le beirt sainchomhairleoirí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe (ainéistéisí agus máinlia néareolaíoch).

Príomhbharúlacha

262 Ba iad seo a leanas na barúlacha a thug UFI na hÉireann:

- Tháinig méadú seasta ar an sciar obráidí roghnacha a tuairiscíodh a rinneadh mar chásanna lae idir 2012 agus 2006. Tháinig méadú 26 % ar líon na ngnáthamh máinliachta roghnach a rinneadh in ospidéal phoiblí ghéarmhíochaine, agus tháinig méadú ar an ráta cásanna lae i leith na ngnáthamh sin ó 55 % go 69 % thar an tréimhse chéanna.
- Ba mhór a bhí idir an fheidhmíocht ar fud na n-ospidéal, rud a thugann le fios go bhfuil scóip nach beag ann fós chun cur leis an ráta cásanna lae i roinnt ospidéal.
- Tháinig méadú ar líon na gcásanna roghnacha obráidí lae “neamhsprice” in ospidéal ghéarmhíochaine idir 2006 agus 2012, gan aon athrú dá réir ar líon na ngnáthamh “neamhsprice” a rinneadh ar bhonn othar cónaitheach. D'fhéadfadh sé sin a fhágáil go bhfuil méadú ag teacht ar líon na mionghnáthamh máinliachta atá á ndéanamh ar bhonn othar cónaitheach.
- Na critéir a chuirtear i bhfeidhm nuair a chinneann cliniceoirí cé acu an gcuirfidh siad othar ar an liosta máinliachta lae nó ar liosta na n-othar cónaitheach, d'fhéadfadh sé nach bhfuil siad soiléir ná comhsheasmhach ceal prótacail i scríbhinn agus seicliostaí. D'fhéadfadh sé nach bhfuil lucht bainistíochta in ann a mheasúnú cén fáth ar measadh nach n-oireann obráidí lae d'othair.
- In éagmais faireachán nó athbhreithniú a dhéanadh an lucht ardbhainistíochta ar líon na n-othar a mheastar nach n-oireann obráidí lae dóibh, is deacair ag na hospidéal féachaint cé na háiteanna ina bhfuil rátaí ísle máinliachta lae i gceist i gcás cliniceoirí nó sainréimsí éagsúla, agus is deacair acu na cúiseanna atá leis sin a fhiosrú.
- Ní dhéantar measúnú réamhobráide sa ghnáthchúrsa i gcion nach beag de na hospidéal in ainneoin na tábhachta a bhaineann leo i dtaobh na tosca a aithint a fhágann obráid lae míchuí i gcás othair aonair. I measc na n-ospidéal a ndearnadh suirbhé orthu, is i faoi bhun a leath a dhéantar faireachán ar an ráta cealaithe maidir le hobraidí lae atá ar an sceideal.

- Ní bhíonn altraí freagrach ach as thart ar 50 % de na hothair a scaoiltear abhaile, cé go bhféadfar an t-ualach a bhíonn ar dhochtúirí a laghdú ach leas a bhaint as altraí a bhfuil oiliúint iomchuí orthu. Is beag faisnéis i scríbhinn a thugtar d'othair ar cuireadh obráidí lae orthu agus iad á scaoileadh abhaile.

Moltaí

263 Ba iad seo a leanas na barúlacha a thug UFI na hÉireann:

- Ba cheart do FSS faireachán a dhéanamh ar na leibhéil obráidí lae de réir ospidéal, de réir gnáthaimh agus de réir speisialtachtaí lena fháil amach cá bhfuil leibhéal íseal cásanna lae i gceist i leith gnáthaimh a dhéantar go minic, agus a chuid iarrachtaí a dhíriú ar fheabhsú na feidhmíochta sna cásanna sin. Ba cheart do na hospidéal spriocanna sonracha a leagan amach maidir le rátaí obráidí lae i gcás gach cliniceora. Ba cheart a áireamh san athbhreithniú ar na measúnuithe feidhmíochta ar chliniceoirí ó thaobh na máinliachta breithniú ar na rátaí ag a ndéantar obráidí lae.
- Chun na rátaí is fearr a bhaint amach ó thaobh obráidí lae i gcás gnáthaimh roghnacha, ba cheart do FSS spriocanna iomchuí ar leithligh a leagan síos i leith gach gnáthaimh máinliachta. Ba cheart na spriocanna foriomlána i leith cásanna lae a leagtar síos i ndáil le gach gnáthamh a bheith bunaithe ar an bhfeidhmíocht sna hospidéal ardfheidhmíochta, agus d'fhéadfaí spriocanna níos uailmhianaí a leagan síos i leith na n-ospidéal a bhfuil na leibhéil is airde feidhmíochta acu cheana.
- Lena áirithiú go ndíreoidh ospidéal aird ar chur leis na rátaí cásanna lae i gcomhair na n-obráidí roghnacha go léir, ba cheart do FSS méadú a dhéanamh ar líon na ngnáthamh a leagann sé síos spriocanna ina leith maidir le rátaí cásanna lae.
- Ba cheart do FSS faireachán a dhéanamh ar na cásanna a aicmítear faoi láthair mar chásanna máinliachta lae d'fhonn a áirithiú go dtabharfaidh na hospidéal go léir faoi chásanna máinliachta ar an mbealach is iomchuí agus is eacnamaíche is féidir.
- Ba cheart do na hospidéal go léir prótacail agus seicliostaí arna gcomhaontú go háitiúil a chur i bhfeidhm, ina leagfar amach go soiléir na critéir a úsáidfí cliniceoirí agus othair a n-oireann obráidí lae dóibh á roghnú acu. Ba cheart do FSS an próiseas sin a mhaoirsiú lena áirithiú go mbeidh cur chuige comhsheasmhach á ghlacadh ag na hospidéal.

- Chun réimsí a aithint ina bhfuil rátaí ísle cásanna lae i gceist, ba cheart do lucht bainistíochta na n-ospidéal faireachán a dhéanamh ar rátaí obráidí lae i gcás cliniceoirí aonair agus i leith gach speisialtachta. Ba cheart do FSS deimhniú a lorg ó na hospidéal go ndéantar rátaí ísle obráidí lae a phlé sa ghnáthchúrsa leis na foirne cliniciúla ábhartha.
- Ba cheart do na hospidéal a áirithiú go gcuirfear nósanna imeachta um measúnú réamhobráide i bhfeidhm chun othair a aithint roimh ré nach n-oireann obráidí lae dóibh.
- Ba cheart do na hospidéal a áirithiú go gcuirfear faisnéis iomchuí i scríbhinn ar fáil d'othair lae agus iad á scaoileadh abhaile. Ba cheart faisnéis i scríbhinn a bheith soiléir, iomlán agus fáil a bheith uirthi i dteangacha ábhartha. Ba cheart do FSS cuidiú leis na hospidéal an fhaisnéis sin a sholáthar.
- Más féidir é, ba cheart d'altraí measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá othair lena scaoileadh abhaile, agus critéir atá leagtha síos á n-úsáid acu.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

264 Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid Choiste na gCuntas Poiblí de chuid Dháil Éireann. Foilsíodh í ar shuíomh gréasáin Oifig Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na hÉireann an 19 Lúnasa 2014. Bhí preasráiteas ag gabháil léi. Tá sé aontaithe ag FSS go gcuirfidh sé chun feidhme na moltaí a rinneadh san iniúchadh. Tá fós le feiceáil cén tionchar a bheidh ag an iniúchadh ar éifeachtúlacht agus costas obráidí roghnacha nó ar cháilíocht na seirbhíse a sholáthraítear d'othair.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

265 Deiseanna le tapú ag FSS chun éifeachtúlacht oibríochtúil agus éifeachtúlacht ó thaobh costais a bhaint amach maidir le hobráidí roghnacha lae.



An Ostair *Rechnungshof*

Dearbhú cáilíochta i gcás lianna

Forléargas

266 Bhí sé ina aidhm leis an iniúchadh a rinne UFI na hOstaire measúnú a dhéanamh ar mar a eagraítear dearbhú cáilíochta an Rialtais Cónaidhme i gcás lianna a bhfuil a gcleachtas féin acu, ar ábhair roghnaithe ina dtaobh agus ar a thrédhearcaí atá an dearbhú cáilíochta sin. Cumhdaíodh an tréimhse 2013-2016 san iniúchadh.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

267 Díríodh sa mheasúnú ar na gnéithe seo a leanas:

- an bonn dlíthiúil agus teicniúil maidir le dearbhú cáilíochta, lena n-áirítear aidhmeanna agus tairbhí an dearbhaithe cáilíochta;
- mar a eagraítear an dearbhú cáilíochta, lena n-áirítear na gníomhaithe, na struchtúir agus na gníomhaíochtaí;
- meastóireacht ar na hacmhainní daonna agus na hacmhainní airgeadais a úsáidtear le haghaidh dearbhú cáilíochta;
- meastóireacht ar thosaíochtaí roghnaithe i leith dearbhú cáilíochta – nósanna imeachta maidir le dearbhú cáilíochta, córais bainistíochta cáilíochta agus tionscadail chun an cháilíocht a thomhas ar leibhéal na n-othar seachtrach;
- tuairisciú maidir le dearbhú cáilíochta.

268 Ba iad na príomhiniúchaithe an Aireacht Sláinte agus Gnóthaí Ban (tráth an iniúchta: an Aireacht Sláinte), Comhlachas Míochaine na hOstaire agus Cumann na hOstaire um Dhearbhú Cáilíochta agus Bainistíocht na Cáilíochta i réimse an Mhíochaine (ÖQMed).

269 Áiríodh leis an modheolaíocht iniúcháireachta measúnú ar staidéir Ostaracha agus cinn idirnáisiúnta, agallaimh a chur ar bhaill foirne de chuid na bpríomhiniúchaithe, agus anailís ar an bhfianaise a bailíodh, lena n-áirítear cibé acu ar cuireadh chun feidhme na spriocanna nó nár cuireadh, agus cén chaoi a ndearnadh é sin.

Príomhbharúlacha

270 Idir 2005, nuair a ghabh éifeacht leis an Acht um Cháilíocht Cúraim Sláinte, agus 2012, d'fhoilsigh an Aireacht Chónaidhme Sláinte trí shraith treoirlínte cáilíochta i leith lianna a bhfuil a gcleachtas féin acu. Toisc nach raibh siad bailí ach ar feadh tréimhse teoranta ama, agus nár sholáthair an Aireacht rialacháin leantacha in am trátha, bhí ar a laghad dhá cheann acu nach raibh bailí a thuilleadh in 2017.

271 Áiríodh leis an athchóiriú ar chúram sláinte in 2013 an cinneadh tosú ag tomhas cháilíocht an aschuir i gcás lianna a raibh a gcleachtas féin acu. Ó shin i leith, áfach, ní dhearnadh tomhas caighdeánaithe ar cháilíocht na cóireála a fhorbairt ná a chur chun feidhme i leith earnáil na n-othar seachtrach. Dá bhrí sin, ní ann fós d'aon ardán cónaidhme neamhspleách chun faisnéis a sholáthar d'othair maidir le cáilíocht na cóireála.

272 Ina theannta sin, thug UFI na hOstaire ar aird nár thug an Rialtas Cónaidhme, na cúigí ná na hinstiúidí slándála sóisialta isteach doiciméadacht chaighdeánaithe maidir le diagnóisiú agus feidhmíocht ar leibhéal na n-othar seachtrach, cé go raibh comhaontú déanta cheana faoi sin mar chuid d'athchóiriú sláinte na bliana 2005 agus go raibh sé deimhnithe, trí threoirthionscadal, go raibh sé indéanta go teicniúil.

273 Cé gur chun leas an phobail iad cúraimí dearbhaithe cáilíochta, shann an Rialtas Cónaidhme na cúraimí sin do Chomhlachas Míochaine na hOstaire, arb é an príomhchuspóir atá aige leasanna gairmiúla, sóisialta agus eacnamaíocha lianna a chosaint. Sa chomhthéacs sin, b'amhlaidh sa chleachtas gur chomhlíon ÖQMed na cúraimí dearbhaithe cáilíochta thar ceann Chomhlachas Míochaine na hOstaire. Toisc gur fo-chomhlacht den Chomhlachas é, áfach, bhí dlúthcheangal idir ÖQMed agus é féin ó thaobh eagair agus buiséid de.

274 De bhun Acht na Lianna, b'éigean do lianna meastóireacht a dhéanamh gach cúig bliana ar cháilíocht na seirbhísí a chuirtear ar fáil ina gclinic. Chun déanamh amhlaidh, líon siad isteach ceistneoirí féinmheasúnaithe a sholáthair ÖQMed. Bhí na freagraí ar na

ceisteanna teoranta do “tá”, “níl” nó “ní bhaineann le hábhar”. D'fhág an leagan amach agus an t-ábhar gur spreagadh freagraí dearfacha.

275 I gcás 97 % de na cleachtóirí a líon isteach an ceistneoir idir 2012 agus 2016, shonraigh siad gur chomhlíon siad go hiomlán na critéir ar cuireadh ceist fúthu. B'amhlaidh, áfach, gur léiríodh sa toradh ar sheiceálacha bailíochta ar an bhféinmheasúnú a rinne ÖQMed, trí chigireacht a dhéanamh ar chlinicí a roghnaíodh ar bhonn sampla randamach, nár chomhlíon thart ar 18 % de na clinicí critéar amháin ar a laghad. Ní raibh ach dóchúlacht 7 % ann, ar bhonn staitistiúil, áfach, go roghnódh ÖQMed clinic chun athbhreithniú a dhéanamh air; níor airíodh aon clinic ar leith sa sampla ach gach 70 bliain.

Moltaí

276 Ba iad seo a leanas na barúlacha a thug UFI na hOstaire:

Barúlacha a bhí dírithe ar an Aireacht Chónaidhme Sláinte:

- Caighdeáin cháilíochta a fhorbairt a mbeadh critéir cheangailteacha agus/nó forálacha ceangailteacha ag gabháil leo a luaithe is féidir, lena n-áirítear go gcuirfí chun feidhme an cuspóir a leag an comhlacht reachtach amach san Acht um Cháilíocht Cúraim Sláinte.
- Rialacháin nua a dhréachtú ag leanúint ó na cinn atá ann cheana, i leith na dtreoirilínte cáilíochta feidearálachta neamhbhailí. As seo amach, agus caighdeáin cháilíochta á bhfoilsíú, ba cheart a shoiléiriú cé acu is caighdeáin cheangailteacha iad nó nach bhfuiltear ach á moladh.
- Togra réitigh a sholáthar don choimisiún stiúrtha i dtaobh cláir chúraim ar fud na tíre a bhunófar feasta a chur in ord tosaíochta agus a chur chun feidhme, agus na cláir sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme go tapa.
- Iarracht a dhéanamh cur chun feidhme a dhéanamh ar an tomhas ar cháilíocht aschuir ar leibhéal na n-othar seachtrach, mar a leagtar amach sa Chomhaontú maidir le hEagrú agus Maoiniú an Chórais Cúraim Sláinte de bhun Airteagal 15a den Dlí Bunreachtúil Cónaidhme; ba cheart é sin a bheith bunaithe ar an gcoincheap a chomhaontófar le linn na tréimhse rialúcháin i ndáil le torthaí ó 2017 go 2021.

- o Bunús dlí a chur faoin doiciméadacht maidir le diagnóisiú othar seachtrach a luaithe is féidir.
- o Cásanna eiseamláireacha a fhorbairt chun institiúid um dhearbhu cáilíochta, a bheidh neamhspleách ó thaobh airgeadais agus eagair, a bhunú.
- o Ba cheart tuairisc ar leithligh a thabhairt feasta i dtuarascálacha cáilíochta ar an ráta neamhchomhlíontachta i leith féinmheasúnú a dhéanann lianna a bhfuil a gcleachtas féin acu agus i leith na seiceála bailíochta a dhéanann an institiúid atá freagrach as dearbhu cáilíochta, agus ba cheart iad a chur i gcomparáid lena chéile. Thairis sin, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar dhifríochtaí eatarthu agus ba cheart bearta a dhéanamh (e.g., seirbhísí faisnéise agus seirbhísí comhairleacha) lena chosc go ndéanfar dearbhuithe bréagacha san fhéinmheasúnú.

Barúlacha a bhí dírithe ar an Aireacht Chónaidhme Sláinte agus ar Chomhlachas Míochaine na hOstaire:

- o Gur roghanna neodracha iad na cinn sna ceistneoirí féinmheasúnaithe.
- o Roghanna a bhreithniú chun cur le líon na seiceálacha bailíochta. Chun cáilíocht riachtanach na gclinicí a rathú, agus mar sheirbhís chomhairleach do lianna a bhfuil clinic nua á mbunú acu, d'fhéadfaí a leagan síos gur beart ceangailteach is ea an tseiceáil bailíochta. D'fhéadfaí na costais bhreise a chumhdach le táille a ghearrfaí ar na daoine a bheadh i gceist.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

277 Cuireadh an tuarascáil chuig Parlaimint na hOstaire, chuig an Aire Sláinte agus chuig Seansailéir na hOstaire i mí Iúil 2018 agus foilsíodh í an lá céanna ar shuíomh gréasáin ACA. Cuireadh faoi bhráid an Chiste um Chuntais Phoiblí de chuid Pharlaimint na hOstaire í i mí na Samhna 2018 agus rinneadh í a phlé i bParlaimint na hOstaire i mí Eanáir 2019. Tá sé beartaithe ag Cúirt Iniúcháireachta na hOstaire fiosrú a dhéanamh in 2019 faoin staid maidir le cur chun feidhme na moltaí agus foilseofar na torthaí ar a suíomh gréasáin ag deireadh na bliana 2019. Ag brath ar thorthaí an fhiosrúcháin sin, d'fhéadfaí obair iar-iniúchta a dhéanamh le hiniúchtaí ar an láthair agus tuarascáil ar leithligh.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

278 Táthar ag súil go rannchuideoidh an t-iniúchadh le bainistíocht ar cháilíocht aschuir trí scrúdú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a rinneadh agus measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhí siad. Ó thaobh cúrsaí ama, d'fhéadfadh sé a bheith ina thoradh ar thorthaí an iniúchta go spreagfaí athruithe eagraíochtúla agus athruithe ar nósanna imeachta, agus go rannchuideofaí le spriocdhíriú agus beartú tosaíochta leordhóthanach i leith cistí agus acmhainní tráth a mbíonn srian ar bhuiséid.

CUID III – Spléachadh ar thuarascálacha de chuid UFlinna

111

**Teicneolaíochtaí nua agus ríomhsheirbhísí
sláinte**



An Bhulgáir
Сметна палата на Република
България
Ríomhsheirbhísí sláinte

Forléargas

279 San iniúchadh a rinne UFI na Bulgáire, rinneadh measúnú féachaint an ndearna UFI na Bulgáire forbairt éifeachtach ar ríomhsheirbhísí sláinte. Cumhdaíodh an tréimhse idir an 1 Eanáir 2012 agus an 30 Meitheamh 2016 san iniúchadh.

280 Tosaíodh ag tabhairt isteach an chórais ríomhsheirbhísí sláinte sa Bhulgáir in 2006 agus tagraítear dó sin mar thosaíocht i straitéisí agus pleananna an rialtais. Faoi 2016, ní raibh feidhmiú déanta go fóill ar chóras faisnéise sláinte leordhóthanach (1) lenar soláthraíodh an fhaisnéis a bhí ag teastáil le haghaidh próisis chinnteoireachta, agus (2) lena bhféadfaí sonraí sláinte a mhalartú thar theorainneacha.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

281 Ba é an phríomhcheist a cuireadh san iniúchadh “Ar forbraíodh ríomhsheirbhísí sláinte ar bhealach éifeachtach sa Bhulgáir?”

282 Faoi chuimsiú na príomhcheiste sin, rinne an UFI scrúdú ar dhá fho-cheist:

- Ar bunaíodh na réamhriachtanais maidir le córas ríomhsheirbhísí sláinte a thabhairt isteach agus a fhorbairt?
- Ar baineadh amach na spriocanna i ndáil le córas ríomhsheirbhísí sláinte a chothú agus a fhorbairt?

283 Bhí an t-iniúchadh dírithe go príomha ar an Aireacht Sláinte, ar an gCiste Náisiúnta Árachais Sláinte (CNÁS) agus ar an Lárionad Náisiúnta um Shláinte Phoiblí agus Anailís (LNSPA).

284 Baineadh leas as modhanna caighdeánacha i ndáil le sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu chun cuspóirí an iniúchta a bhaint amach, amhail athbhreithniú ar dhoiciméid, agallaimh le hoifigigh de chuid na hAireachta Sláinte, LNSPA agus CNÁS, agus cás-staidéir.

285 Rinneadh measúnú ar chruinneas agus sláine na dtaifead sláinte leictreonacha tríd an uirlis “rúnsiopadóireachta”. Rinne UFI na Bulgáire bearta ar leith chun sonraí pearsanta na rannpháirtithe a chosaint. Rinneadh an leibhéal sástachta agus feasachta i measc na saoránach a thomhas trí phobalbhreitheanna a rinne sainghníomhaireacht chun aigne an phobail a mheas.

Príomhbharúlacha

286 Níor bunaíodh na réamhdhálaí ba ghá chun córas ríomhsheirbhísí sláinte a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach:

- ní raibh creat rialála ann i gcomhair ríomhsheirbhísí sláinte ná a gcomhpháirteanna;
- bhí laigí i gceist sa phleanáil oibríochtúil agus i ndáileadh na gcuspoirí straitéiseacha, na slat tomhais agus na ngníomhaíochtaí ar leibhéal na hAireachta Sláinte, LNSPA agus CNÁS;
- Bhí ríomhsheirbhísí shláinte á gcothú i gcomhthéacs inar rí-mhinic a tharla athruithe ar struchtúir agus athruithe ar bhaill foirne, ar leibhéal an lucht ardbhainistíochta agus ar leibhéal na saineolaithe a bhí ar na foirne, rud a raibh an-drochthionchar aige ar inrianaitheacht na bpróiseas agus ar bhaint amach spriocanna;
- ní raibh leithdháileadh na bhfreagrachtaí maidir leis an ríomhchóras sláinte a thabhairt isteach cuimsitheach go leor ná níor leormhaith é;
- níor bunaíodh córas éifeachtach chun comhordú agus comhchuibhiú i measc institiúidí a dhéanamh ar bhearta, tionscadail agus gníomhaíochtaí, rud ba chúis le cistí poiblí a bheith á gcaitheamh ar bhealach neamhéifeachtúil agus le moil a bheith ar bhaint amach tosaíochtaí straitéiseacha.

287 Le linn thréimhse an iniúchta, bhí moill ann maidir le ríomhsheirbhísí sláinte a bhunú sa Bhulgáir, agus d'fhéadfaí a mheas go raibh bearta na n-institiúidí neamhéifeachtach i bhfianaise an mhéid seo a leanas:

- Ní raibh aon choincheap soiléir ina bhonn le forbairt an chórais ná ní dhearnadh aon phlean i gcomhair na n-acmhainní airgeadais a bhí de dhíth; bhí dúbailt i gceist maidir le feidhmeanna agus tionscadail de chuid institiúidí eile, etc.
- Amhail an 30 Meitheamh 2016, ní raibh forbairt ná formheas déanta ar aon chaighdeán náisiúnta maidir le faisnéis sláinte ná ar aon doiciméadacht leighis a d'fhágfadh go bhféadfaí próiseáil leictreonach a dhéanamh ar fhaisnéis leighis agus sláinte agus an fhaisnéis sin a mhalartú.
- Ní raibh córas faisnéise sláinte comhtháite leormhaith i bhfeidhm go fóill.
- Ní raibh comhtháthú déanta ar chórais faisnéise sláinte agus clárlanna agus ní raibh malartú sonraí i bhfíor-am eatarthu curtha chun feidhme.
- Beagnach 10 mbliana tar éis gur dearbhaíodh gur tosaíocht straitéiseach a bhí ann a bheith in ann othair a atreorú ar mhodh leictreonach, leas a bhaint as ríomhsheirbhísí ordaithe cógas agus bogearraí eile a bheith ann chun sonraí a chomhroinnt i bhfíor-am, ní raibh na feidhmeanna sin forbartha go fóill.
- Amhail an 30 Meitheamh 2016, ní raibh aon taifead leictreonach sláinte iomlán cruthaithe lenar soláthraíodh an fhaisnéis ba ghá do shaoránaigh agus do ghairmithe leighis chun cinntí leormhaith a dhéanamh i bpróiseas an diagnóisithe, na cóireála agus an athshlánaithe.
- Ag deireadh thréimhse an iniúchta, ní raibh aon ardán náisiúnta sláinte á fheidhmiú mar phointe rochtana aonair ar ríomhsheirbhísí sláinte agus lenar soláthraíodh faisnéis thábhachtach maidir le galair a chosc, oideachas sláinte, etc.
- Sa suirbhé ionadaíoch náisiúnta a rinneadh, deimhníodh nár bhearta éifeachtacha iad na bearta chun ríomhsheirbhísí sláinte a chur chun feidhme.

Moltaí

288 Rinneadh 20 moladh leis an Aire Sláinte i dtaobh feabhas a chur ar na nithe seo a leanas:

- o an creat rialála agus rialú freagrachtaí;
- o an t-eagrú foriomlán maidir leis na bearta a phleanáil agus a chur chun feidhme;
- o an córas chun an cur chun feidhme a chomhordú, faireachán a dhéanamh air agus é a fhíorú.

289 Rinneadh seacht gcinn de mholtaí le bainisteoir CNÁS maidir le huathmhalartú sonraí i bhfíor-am agus maidir le feabhas a chur ar na córais faisnéise.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

290 Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste Buiséid agus Airgeadais de chuid Pharlaimint na Bulgáire agus faoi bhráid an Choiste Cúraim Sláinte. Foilsíodh an tuarascáil go leictreonach ar shuíomh gréasáin an UFI an 28 Iúil 2017. Bhí preasráiteas ag gabháil léi.

291 Ina theannta sin, cuireadh an tuarascáil iniúcháir i láthair go forleathan ar mheáin éagsúla sa Bhulgáir: nuachtáin, Raidió Náisiúnta na Bulgáire, Teilifís Náisiúnta na Bulgáire, gníomhaireachtaí faisnéise agus meáin leictreonacha.

292 I gcomhréir leis na nósanna imeachta caighdeánacha, déanfar obair iar-iniúchta ag eascairt ón tuarascáil tar éis an spriocama i ndáil leis na moltaí a chur chun feidhme.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

293 Is casta agus is costasach an próiseas é ríomhsheirbhísí sláinte a chur chun feidhme. Agus an méid sin á chur san áireamh, is é an tionchar a bhfuiltear ag súil leis ón iniúchadh:

- go gcuirfear feabhas ar an timpeallacht rialála;
- go bhforbrófar coincheap soiléir maidir le ríomhsheirbhísí sláinte a chothú, agus na geallsealbhóirí go léir a bheith páirteach ansin;
- go ndéanfar comhordú níos fearr ionas nach mbeidh rioscaí ann i ndáil le cistí poiblí a bheith á gcaitheamh ar bhealach neamhéifeachtúil;
- go ndéanfaidh na hinstitiúidí ábhartha gníomhaíocht phráinneach chun bearta poiblí tábhachta a chur chun feidhme, amhail ríomhthaifid sláinte, ríomhsheirbhísí ordaithe cógas, atreorú leictreonach, ardán náisiúnta sláinte agus córas náisiúnta faisnéise sláinte.



An Eastóin *Riigikontroll*

Gníomhaíochtaí an Stáit maidir leis an gcóras
ríomhsheirbhísí sláinte a chur chun feidhme

Forléargas

294 San iniúchadh a rinne UFI na hEastóine, rinneadh measúnú ar chur chun feidhme an ríomhchórais faisnéise sláinte ar fud na tíre.

295 Ba sa bhliain 2004 a ullmhaíodh na chéad phleananna maidir le ríomhsheirbhísí sláinte san Eastóin. In 2005, d'fhormheas an Rialtas Plean na hEastóine maidir le Forbairt an Chórais Faisnéise Sláinte 2005-2008. Bunaíodh Fondúireacht Ríomhsheirbhísí Sláinte na hEastóine i mí na Samhna 2005. Cé gur cheart an córas faisnéise sláinte a bheith feidhmiúil go hiomlán ó 2013, ní ach go páirteach a bhí an Taifead Leictreonach Sláinte (an bunachar lárnach sonraí sláinte) curtha chun feidhme, ní raibh soláthraithe cúraim sláinte (príomhúsáideoirí na ríomhsheirbhísí sláinte) sásta leis an gcóras, agus bhí níos mó airgid caite ná mar a bhí beartaithe sa chéad áit.

296 Rinneadh iniúchadh ar an tréimhse 2005 go 2012, lenar cumhdaíodh na gníomhaíochtaí go léir a rinneadh ó bunaíodh Fondúireacht Ríomhsheirbhísí Sláinte na hEastóine.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

297 Ba iad na príomhcheisteanna a cuireadh san iniúchadh:

- (1) An gcomhlíonann an ríomhchóras faisnéise sláinte na cuspóirí a leagadh síos ina leith, agus ar cuireadh chun feidhme é mar a bhí beartaithe? Más rud é nach amhlaidh atá, cé na cúiseanna atá leis sin?
- (2) I dtaobh réamhdhálaí an ríomhchórais sláinte mar atá faoi láthair, an bhfágann siad go bhféadfar na cuspóirí ina leith a bhaint amach san am atá le teacht?

298 Ba iad na príomhiniúchaithe an Aireacht Gnóthaí Sóisialta, Fondúireacht Ríomhsheirbhísí Sláinte na hEastóine, Ciste Árachais Sláinte na hEastóine agus Údarás Phoblacht na hEastóine um Chórais Faisnéise (ÚCF).

299 Áirítear sa mhodheolaíocht iniúchóireachta anailís a dhéanamh ar dhoiciméid agus ar thuarascálacha, suirbhé a cuireadh ar thart ar 200 dochtúir, anailísiú sonraí, scrúdú ar ríomhchórais faisnéise sláinte (amhail a bhfeidhmeanna agus an comhéadan úsáideora do dhochtúirí) i gcomhar le soláthraithe seirbhíse sláinte, agus agallaimh le hiniúchaithe agus le soláthraithe cúraim sláinte.

Príomhbharúlacha

300 Chinn UFI na hEastóine nár baineadh amach na cuspóirí i leith ríomhsheirbhísí sláinte i bhfianaise an mhéid seo a leanas:

- d'ainneoin na chéad phleananna a rinneadh, níorbh fhéidir na sonraí sa ríomhchóras sláinte a úsáid i gcomhair staitisticí náisiúnta, i gcomhair clárlanna a choinneáil ná i gcomhair maoirseachta, agus níor bhain dochtúirí úsáid ghníomhach as an gcóras sin chun cuspóirí cóireála;
- Ba é an córas digiteach chun cógais a ordú an t-aon réiteach leictreonach amháin a bhunaigh an stát ar baineadh úsáid ghníomhach as;
- ba bheag an úsáid a baineadh as an Taifead Leictreonach Sláinte agus as an bhfoinse tagartha íomhánna, agus níor mhór an glacadh a bhí leis an gClárú Digiteach (córas leictreonach maidir le coinní a dhéanamh) sa tréimhse cúig bliana ó tugadh chun críche é;
- ní raibh bainisteoir straitéise ann i leith ríomhsheirbhísí sláinte chun leasanna an Stáit a shaothrú, agus cuireadh bac ar an gcur chun feidhme dá bharr sin;
- chosain bunú agus cur chun feidhme na ríomhsheirbhísí sláinte cuid mhaith níos mó airgid ná mar a bhí pleanáilte agus níorbh fhios cé mhéad airgid eile a chosnódh an obair sin;
- ní raibh na ríomhsheirbhísí sláinte ina gcúnamh maidir le hairgead a shábháil ar árachas sláinte ná ní dhearnadh barrfheabhsú ar uaireanta oibre na ndochtúirí dá mbarr;

- o ní raibh institiúidí an stáit ag baint tairbhe go fóill as na sonraí sa ríomhchóras sláinte toisc go raibh a lán sonraí ar iarraidh nó go raibh na sonraí ar chaighdeán íseal. Cé nach mór do sholáthraithe seirbhíse sláinte comhaid sláinte a chur isteach sa ríomhchóras sláinte, ní dhearnadh é sin ar bhealach córasach, agus bhí a lán sonraí i gceist nár cuireadh isteach in aon chor.

301 Fuair an UFI amach gurb é ba chúis le seoladh lag na ríomhsheirbhísí sláinte ná gníomhaíocht na hAireachta Gnóthaí Sóisialta a bheith gan chuspóir agus randamach, agus í ag gníomhú ina ról mar an bainisteoir straitéise atá i gceannas ar fhorbairt agus cur chun feidhme na ríomhsheirbhísí sláinte. Tháinig sí ar an gconclúid nár mhór neartú a dhéanamh ar ról ceannasach na hAireachta Gnóthaí Sóisialta ionas go n-éireodh leis na ríomhsheirbhísí sláinte.

Moltaí

302 Rinne UFI na hEastóine roinnt moltaí. Luaitear na príomh-mholtaí sa liosta thíos.

- o A chinneadh cé na leasanna atá ag an stát maidir le ríomhsheirbhísí sláinte a chur chun feidhme agus ansin na cúraimí a leagan amach a bheidh ar an Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus ar Fhondúireacht Ríomhsheirbhísí Sláinte na hEastóine maidir le ríomhsheirbhísí sláinte a chur chun feidhme.
- o Tionscadail ríomhsheirbhísí sláinte atá tosaithe cheana a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme (thar aon ní eile, Clárú Digiteach agus an Taifead Leictreonach Sláinte) roimh iarracht a dhéanamh seirbhísí nua a bhunú.
- o Le héifeacht láithreach, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse sláinte tosú ag baint úsáid as an ríomhchóras faisnéise sláinte agus, más gá, íocaíochtaí as seirbhísí a cheangal le húsáid an chórais sin.
- o Cur le háisiúlacht na ríomhsheirbhísí sláinte d'úsáideoirí i gcomhar le Fondúireacht Ríomhsheirbhísí Sláinte na hEastóine.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

303 Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid na n-iniúchaithe, an Choiste Gnóthaí Sóisialta agus an Roghchoiste um Rialú an Bhuiséid Stáit sa Pharlaimint.

304 Foilsíodh an tuarascáil ar shuíomh gréasáin an UFI. Bhí preasráiteas ag gabháil léi. Lá amháin sular foilsíodh í, tionóladh seisiún faisnéise don phreas ag an UFI.

305 An 10 Feabhra 2014, thionóil Roghchoiste na Parlaiminte um Rialú an Bhuiséid Stáit cruinniú oscailte ar ar fhreastail príomh-gheallsealbhóirí an ríomhchórais sláinte agus an UFI. Craoladh an cruinniú beo ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte agus chuir mór-ardán nuachta ar an aer é freisin. Thairis sin, scríobh an UFI alt faoi na príomhbharúlacha a tugadh san iniúchadh, agus foilsíodh é sin i bpríomhnuachtán laethúil.

306 Rinneadh obair iar-iniúchta i ndáil leis an tuarascáil ó mhí Aibreáin go mí Mheán Fómhair 2019. Fuarthas go raibh dul chun cinn nach beag déanta i ndáil le forbairt an ríomhchórais sláinte le cúig bliana anuas. Chomh maith leis an gcóras um ordú digiteach cógas, tá córas na n-íomhánna digiteacha agus ardán na n-othar curtha chun feidhme. Ina theannta sin, seoladh an Córas Cláraithe Dhigitigh i gcomhair coinní leighis, córas atá i bhfeidhm ar fud na tíre, i mí Lúnasa 2019. Tá roinnt bacainní tábhachtacha i gceist go fóill, áfach. Mar shampla, níor cuireadh le háisiúlacht an Taifid Leictreonaigh Sláinte go fóill, agus mar sin níl rochtain thapa ag gairmithe cúraim sláinte ar an fhaisnéis go léir is gá chun seirbhís thráthúil, ardchaighdeán a sholáthar don othar. Thairis sin, ní mór feabhas a chur ar ríomhchóras na n-otharcharr lena áirithiú go gcuirfear faisnéis ar bhealach éifeachtúil idir otharchairr agus ospidéal sa chaoi is gur féidir cóireáil a chur ar othair chomh tapa agus is féidir. Ina theannta sin, ní mór feabhas a chur ar an acmhainn staitisticí agus anailísíochta sa ríomhchóras sláinte chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht seirbhísí cúraim sláinte.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

307 Bhíothas ag súil go mbeadh sé ina thoradh ar an iniúchadh go spreagfaí an Aireacht Gnóthaí Sóisialta chun comhlíonadh a dhéanamh ar an ról atá aici mar cheannaire straitéiseach an ríomhchórais sláinte, agus go saineofaí leasanna an stáit i ndáil le ríomhsheirbhísí sláinte a chur chun feidhme. Ba thábhachtach an rud é go n-áiritheodh an Aireacht go ndéanfaí comhtháthú ar phleanáil straitéiseach agus pleanáil airgeadais, toisc gur léiríodh san iniúchadh nárbh ann an tráth sin d'aon fhorléargas ar cén caiteachas a bheadh i gceist chun na tionscadail ríomhsheirbhísí sláinte a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme. Tríd is tríd, bhíothas ag súil leis go rannchuideodh an tuarascáil iniúcháir le forbairt an ríomhchórais sláinte sa chaoi is go bhféadfaí barr a chumais a bhaint amach ar mhaithe le soláthraithe cúraim sláinte, le hothair agus leis an stát.



An Laitvia *Valsts Kontrole*

An bhfuil céim sa treo ceart á tógáil leis an tionscadal “Ríomhsheirbhísí Sláinte sa Laitvia”?

Forléargas

308 San iniúchadh a rinne UFI na Laitvia, rinneadh measúnú féachaint an raibh gníomhaíochtaí na hAireachta Sláinte agus na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte éifeachtach, táirgiúil agus dírithe ar bhaint amach na gcuspoirí maidir le ríomhsheirbhísí sláinte a thabhairt isteach, agus ar baineadh úsáid eacnamaíoch, tháirgiúil as na hinfheistíochtaí i ríomhsheirbhísí sláinte sa Laitvia. Cumhdaíodh an tréimhse idir an 1 Eanáir 2007 agus an 1 Aibreán 2015 san iniúchadh.

309 Ba é deireadh na bliana 2015 an spriocam le haghaidh ríomhsheirbhísí sláinte a chur chun feidhme. Cé go raibh EUR 14.5 milliún infheistithe thar naoi mbliana, ní raibh aon ríomhsheirbhísí sláinte ar fáil d'úsáideoirí. Idir an dá linn, ón 1 Eanáir 2016, rinneadh beart éigeantach de go n-úsáidfídh gach soláthraí seirbhíse sláinte an ríomhchóras faisnéise sláinte (i gcomhair cóireáil ar othair sheachtracha agus othair chónaitheacha, coinní leictreonacha, atreorú leictreonach chuig scrúduithe nó cóireáil, ríomhordú cógas agus ríomhtheastais leictreonacha maidir le saoire bhreiteachta).

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

310 Ba é an phríomhcheist a cuireadh san iniúchadh: Ar cuireadh na ríomhsheirbhísí sláinte chun feidhme i gcaoi ina mbainfear amach an cuspóir ina leith i dtaobh cúram sláinte níos éifeachtúla a chur chun cinn?

311 Faoi chuimsiú na príomhcheiste sin, rinne an UFI scrúdú féachaint:

- o an mbeifí in ann leas a bhaint as an ríomhchóras sláinte chun fadhbanna a réiteach agus cuspóirí a bhaint amach;

- o na gníomhaíochtaí a rinne an UFI chun ríomhsheirbhísí sláinte a thabhairt isteach, an raibh siad iomchuí i dtaca leis na cuspóirí a bhaint amach?
- o ar áirithíodh slándáil faisnéise agus cosaint sonraí pearsanta leis an ríomhchóras faisnéise sláinte a bhí díreach forbartha;
- o ar bunaíodh maoirseacht éifeachtúil agus rialuithe ar an tionscadal “Ríomhsheirbhísí Sláinte sa Laitvia”.

312 Bhí an t-iniúchadh dírithe go príomha ar an Aireacht Sláinte agus a fo-institiúid, an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte, a bhí freagrach as na ríomhsheirbhísí sláinte a chur chun feidhme.

313 Áiríodh leis an modheolaíocht iniúcháireachta anailís ar dhlíthe agus rialacháin sheachtracha, meastóireacht ar an mbeartas a chuir an Aireacht Sláinte chun feidhme, agus measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le sábháilteacht sonraí agus cosaint sonraí pearsanta (na n-othar) i gcás ríomhsheirbhísí sláinte, chomh maith le suirbhéanna, athbhreithniú ar dhoiciméid agus agallaimh le hoifigigh ón Aireacht Sláinte agus ón tSeirbhís Náisiúnta Sláinte.

Príomhbharúlacha

314 An tionscadail a chuir an Aireacht Sláinte chun feidhme, is céim sa treo ceart é i dtaobh cur le héifeachtacht an tsoláthair seirbhísí cúraim sláinte. Fágfaidh sé gur fearr an smacht a bheidh ag othair ar a sláinte féin trí spreagadh a thabhairt dóibh maireachtáil go folláin, agus gur fearr a bheifear in ann údar a thabhairt le cinntí, cuirfidh sé dlús le seirbhísí sa tionscal cúraim sláinte agus áiritheofar dá bharr go mbeidh rochtain fhurasta ar fhaisnéis ardchaighdeán.

315 B'amhlaidh, áfach, nár cuireadh chun feidhme an beartas a bhí ullmhaithe ag an Aireacht Sláinte i réimse na ríomhsheirbhísí sláinte ar bhealach lenar comhlíonadh an raon feidhme a bhí pleanáilte ná an spriocam; mar sin, ní ach go páirteach a baineadh amach an sprioc i dtaobh cur leis an éifeachtacht i ndáil le seirbhísí cúraim sláinte a sholáthar.

316 Tháinig easnaimh nach beag (earráidí) chun solais ón uair a tosaíodh ag cur an tionscadail chun feidhme: ní raibh saineolaithe tionscail rannpháirteach sa tionscadal i gcónaí, tharla roinnt athruithe san institiúid a raibh an tionscal á chur chun feidhme aici agus bhí an bhainistíocht tionscadail neamhéifeachtach, agus, ar deireadh, ní dhearnadh maoirseacht leormhaith ar an tionscadal.

- Cé gur ullmhaigh an Aireacht Sláinte doiciméad pleanála chun na ríomhsheirbhísí sláinte a chur chun feidhme, níor tugadh cothrom le dáta é thar thréimhse naoi mbliana (ó 2007) agus ní raibh sé ag teacht leis na cúinsí a bhí i gceist i ndáiríre.
- Cé go raibh naoi mbliana caite ó cuireadh tús leis an tionscadal ríomhsheirbhísí sláinte (2007) agus gur infheistigh an Aireacht Sláinte EUR 14.5 milliún sa tionscadal, amhail an 1 Aibreán 2015, ní raibh rochtain ag úsáideoirí ar an gcóras faisnéise sláinte ná ar na ríomhsheirbhísí a bhí pleanáilte.
- Bhí an baol ann nach mbeadh an-tóir ag an bpobal ná ag soláthraithe cúraim sláinte ar an ríomhchóras sláinte, ós rud é nach dtuigfeadh úsáideoirí féideartha an córas nó nach raibh rochtain acu air.
- Amhail an 1 Aibreán 2015, ní raibh an ríomhchóras faisnéise sláinte ullamh ó thaobh slándáil sonraí agus cosaint sonraí pearsanta de.
- An mhaoirseacht agus na rialuithe a rinne an Aireacht Sláinte ar chur chun feidhme na ríomhsheirbhísí sláinte, ní raibh siad éifeachtach go leor.

Moltaí

317 Rinne Oifig Iniúchóireachta Stáit na Laitvia roinnt moltaí. Bhí an príomh-mholadh dírithe ar an Aireacht Sláinte agus sonraíodh gur cheart di leasú a dhéanamh ar an rialachán a bhaineann leis an dáta tosaigh i ndáil le húsáid éigeantach a bhaint as ríomhchórais faisnéise sláinte, trí fhráma ama a sholáthar chun na heasnaimh a fuarthas a réiteach, agus tréimhse réasúnach a shainiú – sé mhí ar a laghad – ina bhféadfadh geallsealbhóirí páirt a ghlacadh sa ríomhchóras faisnéise sláinte ar bhonn deonach.

318 Chun feidhmiú an ríomhchórais faisnéise sláinte a sheoladh, mhol an UFI go ndéanadh an Aireacht Sláinte an méid seo a leanas:

- o na ríomhréitigh sláinte go léir atá forbartha a thástáil arís agus arís eile, i gcomhréir le ceanglais na sonraíochtaí teicniúla, d'fhonn a áirithiú go mbeidh an córas ag feidhmiú, go bhféadfar é a oibriú in éineacht le córais eile agus go mbeidh sé comhoiriúnach leo ó thaobh na gné séimeantaí de;
- o na heasnamh agus na lochtanna go léir a cheartú ar cinn iad a bhaineann le slándáil sonraí agus le cosaint sonraí i gcás eintitis fhisiciúla;
- o plean a fhorbairt i gcomhair gnóthas, lena gcumhdófar na soláthraithe seirbhísí sláinte a bhaineann úsáid as an ríomhchóras faisnéise sláinte, chun cur le héifeachtacht cúraim sláinte;
- o nuair a bheidh an ríomhchóras faisnéise sláinte seolta agus nuair a bheidh saoirse ag soláthraithe seirbhíse cúraim sláinte chun páirt a ghlacadh ann, feachtas faisnéise spriocdhírthe a chur ar bun chun an córas sin a chur chun cinn.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

319 Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid Choiste Caiteachais Phoiblí agus Iniúcháireachta na Parlaiminte. Foilsíodh an tuarascáil ar shuíomh gréasáin Oifig Iniúcháireachta Stáit na Laitvia an 8 Deireadh Fómhair 2015. Bhí preasráiteas ag gabháil léi agus cuireadh preasócáid ar bun an tráth céanna.

320 Ní mór don Aireacht Sláinte Oifig Iniúcháireachta Stáit na Laitvia a thabhairt cothrom le dáta maidir le cur chun feidhme na moltaí i gcomhréir leis an gcreat ama atá comhaontaithe i ndáil le tuairisciú. Tar éis di an fhaisnéis sin a fháil, déanfaidh Oifig Iniúcháireachta Stáit na Laitvia meastóireacht ar an dul chun cinn a bheidh déanta ag an Aireacht Sláinte. Faoi 2019, bhí 70 % de na moltaí go léir curtha chun feidhme ag an Aireacht Sláinte.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

321 Toisc go ndearnadh an t-iniúchadh tráth nach raibh an ríomhchóras faisnéise sláinte éigeantach go fóill agus go raibh sé fós sa chéim feidhmiúcháin, bhíothas ag súil go mbeadh sé ina thoradh ar na moltaí go léir a rinneadh san iniúchadh go gcuirfí feabhas ar an bpróiseas faoina raibh ríomhsheirbhísí sláinte á gcur chun feidhme, agus, i ndeireadh na dála, go n-áiritheofaí go raibh na geallsealbhóirí go léir ag baint úsáid chuí as an ríomhchóras sláinte chun cur leis an éifeachtacht i dtaobh seirbhísí cúraim sláinte a sholáthar. Ó bhí 2016 ann, tá an ríomhchóras faisnéise sláinte agus na ríomhsheirbhísí sláinte á gcur ar fáil d'úsáideoirí de réir a chéile. De réir na staitisticí, is iad na ríomhsheirbhísí sláinte is minice a úsáidtear ríomhtheastas breoiteachta agus ríomhsheirbhísí ordaithe cógas: in 2018 eisíodh 1 mhilliún teastas breoiteachta leictreonach agus baineadh úsáid as ríomhsheirbhísí ordaithe cógas 11.7 milliún uair.

CUID III – Spléachadh ar thuarascálacha de chuid UFlнна

126

Inbhuanaitheacht fhioscach agus gnéithe
airgeadais eile



An Fhionlainn

Valtiontalouden Tarkastusvirasto

Meastacháin treochta i ndáil leis an gcaiteachas ar shlándáil shóisialta

Forléargas

322 San iniúchadh a rinne UFI na Fionlainne, rinneadh measúnú ar a iontaofa a bhí na réamh-mheastacháin treochta i ndáil leis an gcaiteachas ar shlándáil shóisialta. Cuireann na réamh-mheastacháin sin bonn faoi chinntí beartais agus meastacháin maidir le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch.

323 Bhí an t-iniúchadh dírithe ar an úsáid a baineadh as an tsamhail mhaicreacnamaíoch i gcomhair réamh-mheastacháin i ndáil leis an gcaiteachas ar shlándáil shóisialta. Rinneadh athshainiú ar an tsamhail le linn na mblianta 2007-2009, agus bhí an t-iniúchadh dírithe go príomha ar an tréimhse tar éis 2010. Cumhdaíodh ann na réamh-mheastacháin treochta fhadtéarmacha i ndáil leis an gcaiteachas ar shlándáil shóisialta a úsáidtear chun bonn a chur faoi chinntí faoin mbeartas sóisialta agus an beartas sláinte. Ullmhaíodh cuid de na réamh-mheastacháin treochta san Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte leis an tsamhail um anailís ar chaiteachas ar shlándáil shóisialta (an tsamhail SOME).

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

324 Ba é an phríomhcheist a cuireadh san iniúchadh: Cé chomh hiontaofa atá na réamh-mheastacháin treochta i ndáil leis an gcaiteachas ar shlándáil shóisialta, a úsáidtear chun bonn a chur faoi chinntí beartais agus meastacháin ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch?

325 Faoi chuimsiú na príomhcheiste sin, chuir OIN na Fionlainne ceist:

- (1) Cén cineál réamh-mheastachán treochta nó tuartha i ndáil leis an gcaiteachas ar shlándáil shóisialta a thiomsaítear i gcomhair na cinnteoireachta?
- (a) Cad iad na príomhdhifríochtaí eatarthu?

- (b) Conas a úsáidtear iad sna próisis chinnteoireachta?
- (c) Cén ról atá ag an réamhaisnéis daonra a sholáthraíonn Staidreamh Fhionlainne sna réamh-mheastacháin sin?
- (d) Cén cineál comhair atá idir na húdaráis a thiomsaíonn na réamh-mheastacháin agus iadsan a bhaineann úsáid astu?
- (2) An bhfuil sé ar chumas na hAireachta Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte an tsamhail a fhorbairt i gcomhréir leis an éileamh?
 - (a) Cé chomh solúbtha atá an tsamhail i dtaobh a forbartha?
 - (b) An bhfuil dóthain acmhainní agus saineolais ag an Aireacht chun an tsamhail a fhorbairt?
- (3) An mbíonn ceapadh beartas bunaithe ar mhodhanna oscailte, trédhearcacha i dtéarmaí na réamh-mheastachán treochta i ndáil leis an gcaiteachas ar shlándáil shóisialta?
 - (a) Conas a dhéantar doiciméadú ar na samhlacha agus na buntoimhdí?
 - (b) An ndéantar anailísí íogaireachta ar bhonn toimhdí go córasach agus an bhfoilsítear iad?

326 Ba iad na príomhiniúchaithe an Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte agus an Aireacht Airgeadais.

327 Fuarthas fianaise ó mheasúnú ar thrédhearcacht agus modheolaíocht na réamh-mheastachán treochta san Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte, ó agallaimh a cuireadh ar shaineolaithe san Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte agus san Aireacht Airgeadais, chomh maith le saineolaithe i roinnt institiúidí eile a dhéanann réamh-mheastacháin treochta (Institiúid na Fionlainne um Árachas Sóisialta (Kela) agus Lárionad Pinsean na Fionlainne (ETK)), trí thagarmharcáil agus anailís a dhéanamh ar na modhanna samhlaithe SOME a úsáidtear san Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte i gcomparáid leis na modhanna a úsáideadh i gcomhair réamh-mheastacháin treochta in Kela agus ETK.

Príomhbharúlacha

328 Ba iad seo a leanas na barúlacha a thug OIN na Fionlainne:

- Fuarthas gurb é an tsamhail SOME an ceann is cuimsithí a úsáidtear chun réamh-mheastacháin treochta fhadtéarmacha a dhéanamh i ndáil leis an gcaiteachas ar shlándáil shóisialta. Bhí struchtúr soiléir ar an gcreat cuntasáíochta agus ba mhaith an bonn é i gcomhair tuilleadh forbartha.
- An tuairisc ar an tsamhail agus an lámhleabhar teicniúil, bhí siad cuimsitheach, mionsonraithe. Mar sin féin, níor tugadh an tuairisc cothrom le dáta, cé go ndearnadh roinnt athruithe ar an tsamhail ó tugadh isteach í.
- Bhí gá le leaganacha níos casta den tsamhail. Mar shampla, d'fhág an t-athchóiriú ar an réimse sóisialta agus ar an réimse cúraim sláinte (athchóiriú SOTE) go raibh gá le réamh-mheastacháin treochta i ndáil leis an gcaiteachas ar shlándáil shóisialta i réigiúin aonair SOTE.
- Bhí ról lárnach ag an tsamhail SOME i ndáil le meastacháin na hAireachta Airgeadais ar an mbearna inbhuanaitheachta, ós rud é go raibh sí ina bunús leis na meastacháin ar an gcaiteachas a bhaineann le haois. Ba iad an Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte agus an Aireacht Airgeadais a d'ullmhaigh na réamh-mheastacháin treochta i leith an chaiteachais a bhaineann le haois, i gcomhpháirt lena chéile, ar bhonn neamhoifigiúil. Bhí leithroinnt na bhfreagrachtaí sa phróiseas comhair sin neamshoiléir go fóill, cé gurb í an Aireacht Airgeadais a bhí freagrach, i ndeireadh an dála, as an meastachán ar an mbearna inbhuanaitheachta. An tuairisc ar an modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm i ndáil leis an meastachán ar an mbearna inbhuanaitheachta i gcomhair caiteachas a bhaineann le haois, ba thuairisc ghinearálta í agus bhí easpa trédhearcachta i gceist léi.
- Na cásanna nó na hanailísí íogaireachta a táirgeadh leis an tsamhail SOME, níor foilsíodh go tráthrialta iad. Ach na torthaí a fhoilsiú ar bhonn córasach, bheadh bonn ann i gcomhair idirphlé idir saineolaithe, b'oscailte agus ba thrédhearcaí a bheadh an chinnteoireacht sa réimse sóisialta agus i réimse na sláinte agus na meastachán ar an mbearna inbhuanaitheachta a tháirgeann an Aireacht Airgeadais, agus b'fhusa an tsamhail a fhorbairt.
- Na hacmhainní a leithdháileadh don tsamhail SOME, d'fhéadfadh sé nár leor iad chun í a fhorbairt i gcomhréir leis an éileamh agus ar bhealach a d'fhágfadh go bhféadfaí anailís chórasach a dhéanamh ar na torthaí.

Moltaí

329 D'eisigh OIN na Fionlainne na moltaí seo a leanas:

- Ba cheart don Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte a áirithiú go dtabharfar cothrom le dáta lámhleabhar teicniúil na samhla SOME. Ina theannta sin, ba cheart foilsiú tráthrialta a dhéanamh ar na tuairiscí ar na ríomhanna a bhaineann le cásanna arna dtáirgeadh leis an tsamhail SOME agus ina bhfuil anailísí íogaireachta.
- Agus an tsamhail SOME á forbairt aici, ba cheart don Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte a chur san áireamh na riachtanais nua faisnéis a thiocfaidh as an athchóiriú SOTE. Ba cheart don Aireacht dóthain acmhainní a leithdháileadh ar an obair fhorbartha agus ar anailís thráthrialta, agus ba cheart di a áirithiú go mbeidh dóthain comhair ann ar leibhéal na saineolaithe le heagraíochtaí eile a tháirgeann réamh-mheastacháin treochta i ndáil leis an gcaitechas ar shlándáil shóisialta agus a sholáthraíonn faisnéis di.
- Ba cheart tuairisc a thabhairt air ar bhealach trédhearcach ar an gcomhar idir an Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte agus an Aireacht Airgeadais maidir le hullmhú an mheastacháin ar an mbearna inbhuanaitheachta a bhfuil sé de chuspóir leis an caitechas a bhaineann le haois a léiriú. Ba cheart don Aireacht Airgeadais tuairisc chríochnaitheach, thrédhearcach a ullmhú ar an meastachán ar an mbearna inbhuanaitheachta agus leas a bhaint as anailís íogaireachta sa tuairisciú tráthrialta maidir leis an meastachán ar an mbearna inbhuanaitheachta, mar shampla, i ndáil le treochtaí i ndáil leis an gcaitechas ar shlándáil shóisialta.
- D'fhéadfaí úsáid níos fairsinge a bhaint as an anailís atá bunaithe ar an tsamhail sa cheapadh beartas gearrthéarmach.

Foilsiú agus obair iar-iniúchta

330 Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid na n-iniúchaithe agus faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta sa Pharlaimint. Foilsíodh an tuarascáil ar shuíomh gréasáin OIN na Fionlainne an 16 Eanáir 2017. Bhí preasráiteas ag gabháil léi.

331 Rinneadh an obair iar-íniúchta de réir an sceidil i bhfómhar na bliana 2018. Tugadh faoin obair sin trí cheistneoir a cuireadh chuig na hiniúchaithe. Foilsíodh an tuarascáil iar-íniúchta ar shuíomh gréasáin OIN na Fionlainne.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

332 Bhíodhas ag súil go ndéanfaidh an Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte, atá freagrach as an tsamhail SOME, iarracht éigin an tsamhail a fhorbairt, doiciméadú a dhéanamh ar an modheolaíocht agus torthaí an réamh-mheastacháin a fhoilsiú ar bhealach córasach. Chomh maith leis sin, bhíodhas ag súil leis go gcuirfeadh an Aireacht Airgeadais feabhas ar thrédhearcacht na modheolaíochta i dtaobh meastacháin ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus ar an úsáid a bhaintear as an tsamhail SOME sa chomhthéacs sin.



An Ghréig *Ελεγκτικό Συνέδριο*

Iniúchadh téamach cothrománach ar riaráistí an Stáit maidir le hospidéal, an Eagraíocht Náisiúnta um Sholáthar Seirbhísí Cúraim Sláinte (EOPYY) agus stiúirthóireacht réigiúnach sláinte

Forléargas

333 Rinne UFI na Gréige measúnú ar charnadh riaráistí an Stáit.

334 Cumhdaíodh san iniúchadh an tréimhse idir an 31 Nollaig 2016 agus an 30 Meán Fómhair 2017.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

335 Ba iad na príomhcheisteanna a cuireadh san iniúchadh:

- An cistiú a fuarthas ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht chun riaráistí a ghlanadh, ar úsáideadh é don chuspóir dá raibh sé beartaithe?
- Cén fáth a bhfuil riaráistí fós á gcarnadh?

336 Ba iad na príomhiniúchaithe sé cinn d'ospidéal, an Eagraíocht Náisiúnta um Sholáthar Seirbhísí Cúraim Sláinte (EOPYY) agus an Chéad Stiúirthóireacht Sláinte i gcomhair Réigiún Attica.

337 Den chuid ba mhó, fuarthas fianaise ó agallaimh, ó litreacha chuig tríú páirtithe (soláthraithe) i ndáil le riaráistí a ghlanadh, ó sheiceálacha ar an láthair gan fógra ar sheachadtaí earraí agus seirbhísí, ó athbhreithniú doiciméad, agus ó fhíorú ar dhlíthiúlacht agus rialtacht doiciméad agus nósanna imeachta.

Príomhbharúlacha

Dliteanais Thar Téarma – Riaráistí

338 Tugadh chun solais san iniúchadh:

- neamhrialtachtaí maidir le haosú riaráiste agus doiciméid tacaíochta nó íocaíochta neamhiomlána maidir le soláthairtí agus seirbhísí;
- easpa sásraí chun faireachán a dhéanamh ar íoc úis agus pionós airgeadais agus easpa taifead a bhaineann le stádas cásanna cúirte;
- nach raibh líon mór dliteanas cláraithe nó gur cláraíodh trí dhearmad iad sa Chlár Gealltanais, nó nár coinníodh cuntas orthu sna córais TF;
- nár easpórtáil córais TF tuairiscí sonracha carnacha agus tuairiscí anailíseacha maidir le fritháireamh.

An Clár um Ghlanadh Riaráistí

339 Fuair UFI na Gréige an méid seo a leanas:

- cásanna nár comhlíonadh an riail “is túisce isteach, is túisce amach” ná na teorainneacha ama maidir le dliteanais a íoc, cásanna ina raibh neamhréir idir na doiciméid athbhreithnithe agus ina raibh easnaimh sa nós imeachta íocaíochta. Na torthaí maidir lena iontaofa a bhí na sonraí agus na córais tuairiscithe, bhain siad den chuid ba mhó leis na córais lena ndéantar na dliteanais a thaifead, agus, thairis sin, sainathnódh cásanna ina raibh neamhréir idir na córais tuairiscithe.

340 Bhí an t-iniúchadh dírithe freisin ar fhoinsí riaráistí nua a aithint. Ba iad seo a leanas na torthaí:

- Bhí easpa leachtachta ina cúis le buiséid mhíréalaíocha, le teorainneacha caiteachais a leagadh síos faoin Sásra Eorpach um Chobhsaíocht, le moill a bheith ar chur i bhfeidhm na sásraí lacáiste agus aisghlámtha, le moill a bheith ar bhailiú ioncaim agus le laghdú ar na héilimh ábhartha faoi shocruithe sonracha.
- I ngeall ar chastacht (agus doiléire, i roinnt cásanna) an chreata reachtaigh lena rialaítear nósanna imeachta soláthair, níor tugadh nósanna imeachta tairisceana chun críche i gcónaí (mar gheall ar rómhaorlathas agus a shriantaí a bhí an creat reachtach,

as ar eascair teagmháil anuas ar theagmháil agus moill anuas ar mhoill ar aisíocaíochtaí mar gheall ar shaincheisteanna dlíthiúlachta), agus bhí an-chuid doiciméid tacaíochta ag teastáil chun riaráistí a ghlanadh.

- Sa mheasúnú ar thorthaí an chlár um íoc riaráistí, tugadh chun solais nach raibh an clár aibí go leor agus, i roinnt cásanna, nár comhlíonadh an riail maidir le féinmhaoiniú – eadhon a gcuid dliteanas a bheith á n-íoc ag na heintitis lena gcuid acmhainní dílse.

Moltaí

341 Molann UFI na Gréige:

- uasghrádú a dhéanamh ar na córais TF agus ar an tacaíocht uathu i ndáil le buiséid rialta;
- úsáid a bhaint as na córais sin chun na tuairiscí go léir atá de dhíth a uathghineadh;
- an Clár Gealltanais a thabhairt cothrom le dáta go huathoibríoch, athruithe sonracha a dhéanamh air agus feabhsuithe sonracha a chur air chun dlíthiúlacht agus rialtacht a áirithiú i ndáil le dliteanais agus riaráistí a thaifead agus a íoc;
- an modh “is túisce isteach, is túisce amach” a chur i bhfeidhm agus dliteanais á n-íoc; agus íocaíochtaí a réiteach go huathoibríoch le seansonraisc;
- an comhlacht lárnach ceannaigh i gcomhair na hearnála sláinte poiblí a bheith lán-oibríochtúil;
- an méid seo a leanas a bhunú: prótacail táirgeachta de réir gnáthaimh leighis, rialuithe inmheánacha i ndáil leis na nósanna imeachta riaracháin i leith soláthair agus íoca, códú agus aicmiú aontaithe, sonraíochtaí teicniúla aonfhoirmeacha, barrachóid agus cláir choiteanna i ndáil le tomhaltáin, ábhair agus trealamh míochaine;
- feabhas a chur ar bhainistiú stoic;
- dlús a chur leis an meastóireacht ar thairiscintí i nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí;
- córais TF a thabhairt le chéile chun córas coiteann TF a ghlacadh sna hospidéal go léir;

- o táscairí, eochairtháscairí feidhmíochta, tagarmharcanna, cuntasáíocht chostála agus córas cuntasáíochta ar bhonn fabhraithe a chur i bhfeidhm;
- o an sásra aisghlámtha maidir le haisíoc a chur i bhfeidhm go tráthúil i ndáil le soláthraithe cúraim;
- o buiséid réalaíocha a fhorbairt;
- o rialacha nós imeachta inmheánacha a bhunú, chomh maith le rialuithe inmheánacha de réir an ghnáthaimh agus lámhleabhar don iniúchóireacht inmheánach;
- o feabhas a chur ar an bpróiseas anailíse riosca sna hospidéal, feabhas a chur ar líon na mball foirne agus ar an leithdháileadh a dhéantar orthu;
- o dlús a chur leis na nósanna imeachta maidir le riaráistí a ghlanadh agus maidir le híoc; agus
- o fóirdheontais rialtais a íoc amach ar bhonn míosúil.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

342 Cuireadh gach ceann de na hocht dtuarascáil i láthair sa Pharlaimint ag cruinniú comhpháirteach de chuid na mBuanchóistí Parlaiminteacha um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta i mí Dheireadh Fómhair 2018. Foilsíodh na tuarascálacha ar shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúchóireachta Heilleánaí. Rinneadh an cur i láthair a luaitear thuas a chraoladh ar stáisiún teilifíse na Parlaiminte.

343 De réir an sceidil, bhí an obair iar-iniúchta le déanamh laistigh de bhliain amháin.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

344 Bhí sé ina chuspóir leis an iniúchadh cothrománach a aithint cé na cúiseanna a bhí leis na riaráistí ginearálta rialtais agus cuidiú leis an Rialtas straitéisí a fhorbairt chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin, agus chun institiúidiú a dhéanamh ar na hathchóirithe is gá lena chosc go dtiocfadh riaráistí eile i gceist.



An Iodáil

Corte dei conti

Cur chun feidhme an chlár urghnách chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh agus nuachóiriú teicneolaíoch a dhéanamh ar réadmhaoine de chuid na bhforas sláinte poiblí

Forléargas

345 San iniúchadh a rinne UFI na hIodáile, rinneadh measúnú ar an gcaoi ar cuireadh chun feidhme an clár urghnách chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh agus nuachóiriú teicneolaíoch a dhéanamh ar réadmhaoine de chuid na bhforas sláinte poiblí.

346 Cumhdaíodh an tréimhse 2012-2016 san iniúchadh.

347 Glacadh an Clár um Fhoirgneamh a Athchóiriú agus Nuachóiriú Teicniúil faoi Dhlí Uimh. 67/88 agus tugadh chun críche an chéad chéim in 1996. Bhí iniúchadh déanta cheana ag an *Corte dei conti* agus chuir sé tuarascáil i láthair i mí na Bealtaine 2011.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

348 Ba é an phríomhcheist a cuireadh san iniúchadh:

- o An féidir cothromaíocht a bhaint amach idir an leas náisiúnta i ndáil le cobhsaíocht na gcuntas agus na tosaíochtaí agus na riachtanais i dtaobh na sláinte agus shábháilteacht na ndéanmhas?

349 Bhí an t-iniúchadh dírithe go príomha ar an Aireacht Sláinte.

350 Rinneadh an measúnú agus leas á bhaint as fianaise a fuarthas ó fhaisnéis agus doiciméid a iarradh ón Aireacht Sláinte (an Ard-Stiúrthóireacht um Pleanáil Sláinte), an eagraíocht atá freagrach as an gclár um infheistíocht sa bhonneagar a chur chun feidhme.

Príomhbharúlacha

351 Ba iad seo a leanas na barúlacha a thug UFI na hIodáile:

- Ní raibh an **Doiciméad Pleanála Ilbhliantúla** bunaithe go fóill ag an Aireacht Sláinte, mar a leagtar síos faoi Fhoraithe Reachtach Uimh. 228/2011.
- Faoi modheolaíocht dá ngairtear “Mexa”, ní fhéadfar meastóireacht cheart a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhí na hidirghabhálacha.
- An tuarascáil bhliantúil a chuir na réigiúin faoi bhráid na hAireachta Sláinte maidir le dul chun cinn na hoibre, measadh nár leormhaith í chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme tionscadal. Ní leormhaith é an doiciméad um dhul chun cinn na hoibre a sheolann na réigiúin uair sa bhliain, toisc nach léirítear go cuí ann an fhorbairt iarbhrí.
- Níor baineadh úsáid éifeachtach as an gcomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí agus bhí ganntanas acmhainní príobháideacha ann.

Moltaí

352 D'eisigh UFI na hIodáile na moltaí seo a leanas:

- ba cheart don Aireacht Sláinte an Doiciméad Pleanála Ilbhliantúla a ghlacadh mar a leagtar síos faoi Fhoraithe Reachtach Uimh. 228/2011;
- ba cheart a bheith in ann rialú straitéiseach agus iniúchadh ar fheidhmíocht a dhéanamh faoi mhodheolaíocht “Mexa”. Ba cheart meastóireacht ar infheistíochtaí poiblí a bheith ina cuid de chóras rialaithe bainistíochta lena n-áirítear cuspóirí a leagan síos agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí a bhaintear amach.

353 Ina theannta sin, ba cheart comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a bhunú ionas gur féidir an méid seo a leanas a bhaint amach:

- an caidreamh idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach agus naisc eatarthu;
- an tionscadal a bheith níos sofheicthe chun ról iomlán a bheith ag an gcomhpháirtí príobháideach sa phróiseas cinnteoireachta; agus
- bainistíocht níos iomchuí ar na rioscaí a bhaineann le tionscadail.

354 Ina theannta sin, ba cheart don Aireacht tús áite a thabhairt do ghnóthais phríobháideacha a bhíonn dírithe ar infheistíochtaí fadtéarmacha agus atá in ann cistiú a dhéanamh ar thionscadail agus iad sa chéim thosaigh.

355 Is bunúsach an beart é atheagrú a dhéanamh ar bhailiú faisnéise riaracháin agus cuntasaíochta ar na próisis bhainistíochta is bonn leis an gclár a chur chun feidhme, agus feabhas a chur ar bhailiú na faisnéise sin.

356 Ba cheart an Aireacht Sláinte a bheith feasach ar aon tionscnamh a dhéanann aon eintitis áitiúla a bhaineann le bonneagair shláinte ar tionscnamh é arna chistiú ag acmhainní náisiúnta nó acmhainní Eorpacha. Ina theannta sin, ba cheart bunachar sonraí a chur chun feidhme chun an fhaisnéis a bhailiú is gá chun feabhas a chur ar na gníomhaíochtaí pleanála agus chun infheistíochtaí a uasmhéadú.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

Cur i láthair na tuarascála:

357 Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid na Parlaiminte, na hAireachta Eacnamaíochta agus Airgeadais, na hAireachta Sláinte agus réigiúin Veneto, Emilia Romagna agus Calabria.

358 Foilsíodh an tuarascáil ar shuíomh gréasáin an *Corte dei conti* an 9 Aibreán 2018.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

359 Tá UFI na hIodáile ag súil leis an tionchar seo a leanas:

- Athruithe reachtacha chun éascú a dhéanamh ar athchóiriú foirgneamh agus ar nuachóiriú teicneolaíoch a dhéanamh ar shócmhainní do-chorraithe na hearnála sláinte poiblí.
- Meastóireacht níos fearr ar shaincheisteanna criticiúla ar dhírigh na hiniúchaithe aird orthu, chun réitigh nua a fhorbairt.
- Díriú ar shábháilteacht foirgneamh, go háirithe i dtaca le hábhair fhrithsheismeacha agus ábhair chun dóiteáin a chomhrac.



Lucsamburg

Cour des comptes

Maoiniú poiblí ar infheistíochtaí ospidéal

Forléargas

360 Rinne UFI Lucsamburg measúnú ar an maoiniú poiblí ar infheistíochtaí ospidéal sa tréimhse 2011-2017.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

361 Ba é cuspóir an iniúchta a fhíorú ar comhlíonadh ceanglais Rialachán an Ard-Diúic lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht an Stáit in infheistíochtaí ospidéal. Ina theannta sin, rinne an UFI anailís ar éifeachtacht agus comhsheasmhacht na sásraí cigireachta san Aireacht Sláinte i dtaobh bailíocht a dhéanamh ar na hiarrataí ar aisíocaíocht a rinne na hospidéal.

362 Ba iad na príomhiniúchaithe an Aireacht Sláinte agus sampla de thairbhíthe na rannpháirtíochta stáit.

363 Áiríodh leis an modheolaíocht iniúcháireachta agallaimh leis na comhlachtaí a bhí faoi iniúchadh agus anailís ar na doiciméid a soláthraíodh.

Príomhbharúlacha

Rannpháirtíocht an Stáit maidir le maoiniú a dhéanamh ar nuachóiriú, athchóiriú nó tógáil ospidéal

364 Níor sholáthair an Aireacht Sláinte ráiteas airgeadais ina ndearnadh comparáid idir costais na dtionscadal arna n-údarú faoin dlí agus costas iarbhir na n-infheistíochtaí, lena n-áirítear údair a bhí le haon róchaiteachas airgid de bhreis ar na méaduithe dlíthiúla.

Forálacha dlíthiúla agus forálacha rialaitheacha

365 Cé gur ceanglas é faoin dlí, ní raibh aon chomhaontú ann maidir le deonú cúnaimh i leith cuid de na tionscadail ospidéil, e.g., síneadh a chur as ospidéal amháin agus obair a dhéanamh ar lár-áis steirilithe ospidéil eile. Ina theannta sin, rinneadh obair ar thionscadal amháin gan údarú foirmiúil a bheith faighte roimh ré ón Aire Sláinte.

366 Foráiltear freisin faoin dlí nach mór a chinneadh le rialachán na nósanna imeachta mionsonraithe maidir le cabhair airgeadais, e.g., a mhéid a bhaineann le teorainneacha ama agus nósanna imeachta i dtaobh comhaid a scrúdú, na doiciméid tacaíochta atá le soláthar, agus an ceanglas agus an scóip i dtaobh staidéar ar riachtanais agus ar thionchar. Ní raibh aon rialachán den sórt sin glactha tráth an iniúchta, áfach.

Faireachán ar thionscadail tógála agus/nó tionscadail nuachóirithe

367 I gcás na gceithre thionscadal a ndearnadh sampláil orthu, d'ullmhaigh bainisteoirí tionscadal tuairiscí ar an dul chun cinn go tráthrialta, ach níor chuir siad faoi bhráid na hAireachta iad ar bhealach córasach, mar a cheanglaítear faoin Rialachán.

368 Fuair na hiniúcháirí amach go raibh neamhréireachtaí éagsúla idir clársceidealú ilbhliantúil an Chiste Bonneagair Ospidéal a tarraingíodh suas mar chuid de bhuiséad ioncam agus caiteachais an Stáit, agus na táblaí faireacháin i leith na dtionscadal fóirdheonaithe a dhréachtaigh an Aireacht Sláinte i leith gach ospidéil.

369 Maidir le coigeartú a dhéanamh ar an mbuiséad i gcomhair tionscadail um infheistíochtaí ospidéil chun athruithe ar an innéacs praghsanna tógála a chur san áireamh, thug na hiniúcháirí ar aird nach raibh modh ag an Aireacht Sláinte lena chinneadh go beacht cén buiséad a bhí ar fáil i leith tionscadal a bhí ar bun, ná chun ríomhanna na n-ospidéal a sheiceáil.

Iarrataí ar aisíocaíocht

370 Thug na hiniúcháirí ar aird (1) gur eintitis ar leithligh a rinne údarú agus fóirdheonú ar thionscadail; (2) go raibh easpa teagmhála ann idir na heintitis sin; agus (3) go raibh aon oifigeach amháin freagrach as iarrataí ar aisíocaíocht a sheiceáil.

371 Faoin dlí, is é Coimisinéir Ospidéal an Rialtais atá i gceannas ar ghrinnscrúdú a dhéanamh ar mar a dhéantar fóirdheontais phoiblí a leithdháileadh agus ar iarrataí ar aisíocaíocht. Cé gur neartaíodh na cumhachtaí atá aige, chinn na hiniúcháirí nach bhfuil ar a chumas a chuid dualgas a chomhlíonadh ina n-iomláine mar gheall ar easpa acmhainní daonna.

372 Ina theannta sin, i gcomhréir leis an dlí, cumhdaíonn an Stát 80 % de chostais na n-infheistíochtaí sochorraithe agus dochorraithe in ospidéal arna n-údarú ag an Aire Sláinte. Thug na hiniúcháirí ar aird, áfach, go raibh roinnt uaireanta ann nár chloígh an tAire Sláinte leis an riail sin.

373 Maidir le réimsí nach féidir leis an Aireacht Sláinte fóirdheontais a thabhairt ina leith, sonraítear sa Rialachán, i gcás na gcodanna nach féidir a dheighilt ón tionscadal, go ndéanfar costais na gcodanna neamh-fhóirdheonaithe a ríomh nuair a bheidh an obair críochnaithe. I gcás tionscadal amháin sa sampla, áfach, ní dhearnadh athmheasúnú ach ar na costais i leith an charrchlóis faoi thalamh ag deireadh an tionscadail. I gcás tionscadal eile, rinneadh athmheasúnú ar na costais a bhain leis na réimsí nach bhfuarthas fóirdheontas ina leith, ach níor léir go fóill an raibh an deighilt sin ábhartha, toisc nár soláthraíodh sonraí éagsúla.

374 Cé go leagtar síos sa Rialachán go bhféadfaidh an tAire Sláinte rialacha aonfhoirmeacha cáilitheachta a ghlacadh i leith gach ospidéal, ní dhearnadh an méid sin.

Moltaí

Rannpháirtíocht an Stáit maidir le maoiniú a dhéanamh ar nuachóiriú, athchóiriú agus tógáil ospidéal

375 Ba cheart don Aireacht Sláinte:

- Teach na dTeachtaí a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le mórthionscadail infheistíochta ospidéal, ar tionscadail iad a fhaigheann cistiú poiblí;

- o nósanna imeachta a leanúint atá cosúil leo siúd a leantar i dTeach na dTeachtaí i leith tionscadail bhonneagair a chuireann an stát chun feidhme, i.e. ní mór aon athrú mór ar chlár a athbhreithniú, ní mór dréachtdlí nua a chur síos aon uair is mó an caiteachas ar thionscadal ná 5 % den mhéid údaraithe, agus ní mór miondealú críochnaitheach ar an gcaiteachas a chur i láthair i leith gach tionscadail aonair arna údarú faoi dhlí airgeadais.

Faireachán ar thionscadail tógála agus/nó tionscadail nuachóirithe

376 Ba cheart don Aireacht Sláinte:

- o a shonrú cén fhaisnéis a cheanglaíonn sí a sholáthar, agus a éileamh go seolfar na tuairiscí go tráthrialta;
- o athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar na sonraí airgeadais i leith tionscadal agus leas a bhaint as ionstraim faireachán amháin chuige sin;
- o a huirilis féin a bhunú chun coigeartuithe ar an mbuiséad a ríomh agus fógra tráthrialta a thabhairt d'ospidéal faoin mbuiséad atá fágtha.

Iarrataí ar aisíocaíocht

377 Na cúraimí a bhaineann le húdarú agus maoiniú a dhéanamh ar thionscadail nuachóirithe agus/nó tógála, ba cheart iad a thabhairt le chéile laistigh de shainaonad nua, ina mbeidh saineolaithe ón Údarás Riaracháin um Fhoirgnimh Phoiblí, i measc eile. Ba cheart don Aireacht liosta a dhréachtú de chostais infheistíochta nach bhfuil incháilithe i gcomhair fóirdheontas, teorainneacha airgeadais a leagan síos le haghaidh cineálacha áirithe caiteachais agus an liosta a áireamh i gcomhaontuithe maoinithe a dhéanfar feasta. Ba cheart na codanna uile a athmheasúnú ag deireadh an tionscadail agus miondealú a sholáthar ar na costais iarbhír a tabhaíodh.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

378 Mar chuid den chéim sháraíochta, seoladh na torthaí agus na moltaí chuig an iniúchaí an 15 Samhain 2018. Cuireadh an tuarascáil speisialta faoi bhráid Theach na dTeachtaí an 29 Aibreán 2019, agus ina dhiaidh sin foilsíodh í ar shuíomh gréasáin an UFI, agus preasráiteas ag gabháil léi.

379 Déanann Coiste Theach na dTeachtaí um an mBuiséad a Chur i nGníomh obair iar-
iniúchta maidir leis na tuarascálacha speisialta ón gCúirt Iniúchóirí, agus dréachtaíonn an
Coiste tuarascáil ar an mbeart a rinne na húdaráis lena mbaineann mar fhreagra ar na moltaí
ón gCúirt.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

380 Is iad na tionchair a bhfuiltear ag súil leo barrfheabhas a chur ar an nós imeachta
maidir le fóirdheonú a dhéanamh ar infheistíochtaí ospidéal, agus Teach na dTeachtaí a
choinneáil ar an eolas go tráthrialta faoin dul chun cinn a dhéanfar i ndáil le mórthionscadail
infheistíochta ospidéal, ar tionscadail iad a fhaigheann cistiú ón Stát.



Poblacht na Seice ***Nejvyšší kontrolní úřad***

**Cistí a chaith ospidéal roghnaithe
chun costais a aisíoc**

Forléargas

381 San iniúchadh a rinne UFI Phoblacht na Seice, rinneadh measúnú ar mar a chomhlíon na hospidéal ollscoile rialacháin dhlíthiúla maidir le hábhair, earraí agus seirbhísí a sholáthar, agus féachadh ar chomhlíon na haireachtaí, arb iad bunaitheoirí na n-ospidéal, oibleagáidí an dlí. Cumhdaíodh an tréimhse 2014-2016 san iniúchadh.

382 Rinne an UFI iniúchadh ar cheannachán cógas agus feistí leighis ar fuarthas méideanna móra díobh. Ina theannta sin, rinne na hiniúcháir scrúdú ar an oibleagáid atá ar na hospidéal soláthraithe a roghnú trí phróiseas soláthair phoiblí agus rinne siad measúnú féachaint ar chomhlíon na haireachtaí oibleagáidí an bhunaitheora i gcomhréir leis an dlí.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

383 Ba iad seo a leanas na príomhcheisteanna a cuireadh san iniúchadh:

- An soláthar ábhar, earraí agus seirbhísí (go háirithe táirgí íocshláinte agus feistí leighis) a dhéanann ospidéal ollscoile, an bhfuil sé ag teacht leis na rialacháin dhlíthiúla, agus an bhfuil sé éifeachtúil agus cost-éifeachtúil?
- An bhfuil difríochtaí nach beag idir ospidéal ollscoile éagsúla i dtaobh praghas ceannaigh in aghaidh an aonaid?
- An gcomhlíonann an Aireacht Sláinte agus an Aireacht Chosanta an ról atá acu mar bhunaitheoirí na n-ospidéal ollscoile?

384 Ba iad na príomhiniúchaithe bunaitheoirí na n-ospidéal ollscoile, i.e. an Aireacht Sláinte agus an Aireacht Chosanta, chomh maith leis na hospidéal ollscoile seo: Ospidéal

Ollscoile Brno (OOB), Ospidéal Ollscoile Motol (OOM) agus an Lár-Ospidéal Míleata –
Ospidéal Míleata na hOllscoile, Prág (LOM).

385 Rinneadh measúnú ar bhonn anailís a dhéanamh ar fhianaise a bailíodh, athbhreithniú doiciméad agus comparáid a dhéanamh.

Príomhbharúlacha

386 Ba iad seo a leanas na barúlacha a thug UFI na Seice:

- Bhí an soláthar ábhar agus earraí gasta ach ní i gcónaí a bhí sé cost-éifeachtúil ná ag teacht leis an reachtaíocht. Ní i gcónaí a bhí ceannach seirbhísí cost-éifeachtúil ná ag teacht leis an reachtaíocht. I roinnt cásanna, níor chomhlíon na haireachtaí na hoibleagáidí a leagadh orthu i gcomhréir leis an dlí ina gcáil mar bhunaitheoirí.
- Cheannaigh ospidéal ollscoile earraí cógaisíochta trí nósanna imeachta soláthair nó trí cheannach díreach ó sholáthraithe. Mar gheall ar an réimse leathan earraí cógaisíochta agus feistí leighis a bhí in úsáid, iarrachtaí feidhmeanna beatha na n-othar a áirithiú, gan ach monaróir amháin a bheith ar an margadh nó nós imeachta tairisceana nár éirigh leis, ní i gcónaí arbh fhéidir leis na hospidéal ollscoile soláthraí a roghnú i gcomhréir le torthaí an nós imeachta tairisceana. Fuarthas cion mór soláthairtí lasmuigh de na nósanna imeachta tairisceana, cé gur thug na hospidéal ollscoile go léir (seachas OOB) cúiseanna le hearraí cógaisíochta agus soláthairtí leighis a cheannach gan nós imeachta tairisceana.
- Ní raibh critéir aonfhoirmeacha i measc na n-ospidéal ollscoile go léir chun meastóireacht a dhéanamh ar na tairiscintí.
- Nuair a rinneadh comparáid idir luachanna ceannaigh in aghaidh an aonaid i measc na n-ospidéal ollscoile aonair i gcás sampla iniúchta de na hearraí cógaisíochta agus na feistí leighis céanna, tháinig sé chun solais go raibh difríochtaí nach beag i gceist maidir le dearbhluchanna agus maidir le sciarta arna slonn ina gcéatadán.
- I measc na n-ospidéal ollscoile, bhí difríochtaí nach beag le sonrú sa phraghas ceannaigh in aghaidh an aonaid i leith sampla roghnaithe earraí cógaisíochta agus feistí leighis, agus ba mhinic a bhí an cás amhlaidh fiú i ndáil le ceannacháin ó na soláthraithe céanna. Ba é ba chúis leis na difríochtaí sin sna praghsanna den chuid ba mhó ná lascaí ó sholáthraithe, gan ach monaróir amháin a bheith ann, ganntanas earraí i

measc na soláthraithe, fáil gan nós imeachta tairisceana, dáileadh díreach á dhéanamh ag soláthraí aonair, athruithe i dtaobh aisíoca, nó cógas cineálach a bheith á chur ar an margadh. Measann an UFI go bhféadfaí costais a laghdú i bhfianaise na ndifríochtaí móra sin idir na praghsanna.

- Ní raibh rialacha soiléire leagtha síos sa chóras bónaís cúraim sláinte maidir le hearraí cógaisíochta agus feistí leighis a cheannach. Níor tugadh sainmhíniú sa dlí ar choincheap an bhónais; ní raibh ann ach go raibh sé bunaithe ar théarmaí sainchaidrimh chonarthaigh idir an t-ospidéal ollscoile agus an soláthraí. Níor lean na hospidéil ollscoile nós imeachta aonfhoirmeach agus bónaís á gcaibidliú acu nó an t-ioncam bónaís á úsáid acu. Tríd is tríd, rinne na hospidéil ollscoile conarthaí bónaís ar leithligh ón bpríomhchaidreamh leis an soláthraí. Maidir le rúin cheirde, níor nocht na hospidéil ollscoile na conarthaí bónaís i gclár na gconarthaí, ná níor nocht siad luach na mbónas a ndearnadh Conradh ina leith.
- Rinne OOB sárú ar an smacht buiséadach trí chistí a úsáid chun feistí leighis agus seirbhísí diúscartha dramhaíola a úsáid gan údar cuí a bheith leis sin.
- Bhain LOM úsáid neamhéifeachtúil as a chuid sócmhainní trí gan fianaise dhochloíte a sholáthar i leith 15 shonrasc i leith na gcomhairliúchán dlí a soláthraíodh.

Moltaí

387 Molann UFI na Seice an méid seo a leanas:

- go bhfaighidh na hospidéil ollscoile earraí cógaisíochta agus feistí leighis ar bhonn nósanna imeachta soláthair – is oibleagáid reachtúil é sin agus is réamhriachtanas é chun bainistíocht thíosach a dhéanamh ar chistí agus chun soláthraithe a roghnú ar bhealach trédhearcach;
- go leagfaidh an Aireacht Sláinte agus an Aireacht Chosanta síos go soiléir na rialacha maidir le bónaís a fháil ó sholáthraithe cúraim sláinte, tuairisciú a dhéanamh ina leith agus iad a láimhseáil;
- i gcás nósanna imeachta soláthair, nach é amháin go leagfaidh na hospidéil ollscoile síos praghas mar chritéar, ach, i bhfianaise chineál agus chastacht chuspóir an chonartha phoiblí, go mbeidh an bónaís, má tá ceann le soláthar, ina chritéar freisin;

- o go ndéileálfadh an Aireacht Sláinte le straitéisí forbartha agus go n-ullmhóidh sí coincheap dá cuid féin maidir le forbairt a dhéanamh ar na heagraíochtaí a ndéantar bainistíocht dhíreach orthu;
- o go ndéanfaidh an Aireacht Sláinte agus OOB scrúdú ar a úsáidí atá ciste dearlaice OOB agus ar a fhiúntas, agus go mbreithneoidh siad na cúiseanna leis an gciste sin a choinneáil ar bun;
- o go rachaidh an Aireacht Chosanta i ngleic leis an riosca a aithníodh maidir le cistí a sholáthar do LOM.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

388 Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an rialtais an 8 Aibreán 2019.

389 Foilsíodh an tuarascáil ar shuíomh gréasáin an UFI an 3 Meán Fómhair 2018. D'fhoilsigh an UFI an chonclúid iniúchta seo i bhFeasachán Uimh. 4/2018 dá chuid. Bhí preasráiteas ag gabháil léi.

390 Ní dhearnadh obair iar-iniúchta i leith na tuarascála go fóill.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

391 Táthar ag súil go ndéanfar athruithe ar nósanna imeachta na n-ospidéal ollscoile, agus go gcuirfidh na haireachtaí feabhas ar chomhlíonadh a gcuid ról, go háirithe i dtéarmaí na rialacha a ghlacadh i ndáil le bónaís, nósanna imeacht soláthair agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú praiticiúil, tíosach na n-ospidéal ollscoile ar bhonn cost-éifeachtúil.



An tSlóvaic
Najvyšší kontrolný úrad
Slovenskej republiky

Airgeadas poiblí agus maoine na saoráidí cúraim sláinte

Forléargas

392 San iniúchadh a rinne UFI na Slóvaice, rinneadh measúnú féachaint ar comhlíonadh na rialacháin dhlíthiúla i ndáil le hairgeadas poiblí agus maoine na saoráidí cúraim sláinte.

393 Cumhdaíodh an tréimhse 2011-2015 san iniúchadh. Chun measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar roinnt de na fíorais a ndearnadh iniúchadh orthu, cuireadh blianta eile san áireamh freisin.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

394 Ba iad na príomhcheisteanna a cuireadh san iniúchadh:

- o An buiséad réalaióch a bhí sa cheann a bhí ag an eintiteas faoi iniúchadh?
- o Ar cloíodh le prionsabal an bhuiséid chothromaithe?
- o Cé chomh folláin a bhí cúrsaí airgid na saoráidí míochaine aonair?
- o Ar íocadh na dliteanais a bhí ar na heintitis faoi iniúchadh?
- o An ndearna an t-eintiteas faoi iniúchadh infheistíocht chun trealamh míochaine nua a cheannach, agus ar dréachtaíodh pleananna infheistíochta?
- o An raibh an soláthar poiblí trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, agus ar cloíodh le prionsabal na barainneachta agus prionsabal na héifeachtúlachta?
- o An raibh difríochtaí idir na cineálacha saoráidí cúraim sláinte (ó thaobh úinéireachta de) i ngach ceann de na réimsí faoi iniúchadh?

395 Ba iad na príomhiniúchaithe ospidéal agus saoráidí míochaine, lena n-áirítear 22 shaoráid phoiblí eile (14 shaoráid stáit agus 8 saoráid fhéinrialaitheacha), 10 gcinn a ndearnadh a chomhshó ina gcineál eile eintitis (cuideachtaí comhstoic, cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, eagraíochtaí neamhbhrabúis) agus 6 eintiteas phríobháideacha.

396 Áiríodh sa mhodheolaíocht iniúcháireachta athbhreithnithe doiciméad, agallaimh, tagarmharcáil agus anailís ar shonraí staitistiúla.

Príomhbharúlacha

397 Bhí feidhm ag a lán torthaí maidir le gach cineál saoráide cúraim sláinte (cinn stáit, cinn fhéinrialaitheacha, cinn a ndearnadh a chomhshó agus cinn phríobháideacha), ach i roinnt réimsí bhí difríochtaí nach beag le sonrú sa chur chuige maidir le bainistíocht.

- Ní próiseas réalaíoch a bhí sa cheann lena ndearnadh buiséid a ullmhú agus a fhorghnó i saoráidí stáit agus saoráidí féinrialaitheacha, ós rud é gur toradh eacnamaíoch diúltach a bhí ann i mblianta roimhe sin. Tá freagracht éigin freisin ar na bunaitheoirí, a dhéanann na buiséid a fhorghnó agus a rialú, as cáilíocht neamhleor na mbuiséad. Fuarthas gur fearr an rochtain a bhíonn ann ar bhainistíocht bhuiséid agus bainistíocht sócmhainní i saoráidí atá athruithe ó bhonn agus go háirithe i saoráidí príobháideacha.
- Bhí nasc díreach ann idir an leibhéal bainistíochta, rialú na n-acmhainní buiséadacha agus na torthaí eacnamaíocha a baineadh amach. D'eascair brabús as an mbainistíocht a rinneadh ar fhorghnó na saoráidí cúraim sláinte a ndearnadh a chomhshó agus as an mbainistíocht ar ospidéal phríobháideacha (seacha saoráid amháin a rinneadh a chomhshó agus ospidéal príobháideach amháin).
- Tháinig méadú ar na costais a bhaineann le cúram sláinte agus níor chumhdaigh na fáiltais iad. Thuairiscigh eintitis faoi iniúchadh go raibh méid nach beag cúraim sláinte nár íocadh as. Measann UFI na Slóvaice go bhfuil neamhíocaíocht cúraim sláinte aitheanta ag cuideachtaí árachais sláinte ar cheann de na príomhchúiseanna atá leis na fiacha atá ar ospidéal.
- Taifeadadh méadú bliain ar bhliain ar na gealltanais i leith suas le haon trian den tréimhse a bhí faoi iniúchadh (2011-2015).

- o I saoráidí cúraim sláinte poiblí, infheistíochtaí ísle a rinneadh i réimse na teicneolaíochta leighis, rud ba chúis le méadú ar na costais a bhain le deisiúchán agus obair chothabhála. Ina theannta sin, ní dhearnadh aon phlean infheistíochta.
- o I réimse an tsoláthair phoiblí, fuarthas easnaimh maidir le hidirdhealú idir tairgeoirí, buntáiste a bheith ag roinnt tairgeoirí ó thaobh eolais de, soláthar fearais míochaine a bheith á nascadh le hobair thógála, comhcheilg amhrasta agus ró-phraghsáil amhrasta. I saoráidí príobháideacha, bhí praghas an trealamh míochaine a soláthraíodh cuid mhaith ní b'íse ná mar a bhí amhlaidh i saoráidí eile a bhí faoi chineálacha úinéireachta eile.
- o Rinneadh roinnt conarthaí seirbhíse míbhuntáistiúla i saoráidí cúraim sláinte stáit agus i gcinn fhéinrialaitheacha.
- o Níor baineadh amach ina n-iomláine cuspóirí na ríomhsheirbhísí sláinte ná an cuspóir maidir le grúpaí diagnóisice.

Moltaí

398 Na moltaí ó UFI na Slóvaice chun réiteach a fháil ar na heasnaimh a aithníodh agus feabhas a chur ar an mbainistíocht a dhéantar ar airgead poiblí agus ar shócmhainní na saoráidí sláinte, bhain siad den chuid ba mhó le bainistíocht agus iniúchadh ar chaiteachas agus ar úsáid ábhar, leis an tuairisciú agus an taifead a thabhairt le chéile chun paraiméadair a bharrfheabhsú, agus leis an rogha a bheith ann trealamh míochaine a cheannach trí phróiseas láir.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

399 Seoladh an tuarascáil chuig Uachtarán Phoblacht na Slóvaice, chuig Uachtarán Chomhairle Náisiúnta Phoblacht na Slóvaice, chuig dhá choiste pharlaiminteacha agus chuig Príomh-Aire Phoblacht na Slóvaice. Ina theannta sin, seoladh na torthaí chuig Oifig Frith-Mhonaplachta Phoblacht na Slóvaice, chuig an Oifig um Maoirseacht ar Chúram Sláinte, chuig an Oifig Soláthair Phoiblí, chuig Aireacht Sláinte Phoblacht na Slóvaice, chuig Oifig Ard-Ionchúisitheora Phoblacht na Seice agus chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta Coireachta. Cuireadh torthaí an iniúchta faoi bhráid lucht meáin an phreasa, an raidió agus na teilifíse.

400 De réir an Achta um UFI na Slóvaice, bhí sé d'oibleagáid ar na hospidéal agus na saoráidí cúraim sláinte faoi iniúchadh bearta a dhéanamh chun réiteach a fháil ar na heasnamh a braitheadh agus iad a chur faoi bhráid an UFI faoi sprioc-am. Ghlac na heintitis iniúchta 168 mbeart san iomlán: 122 bheart i gcás eintitis phoiblí, 41 bheart i gcás eintitis a ndearnadh comhshó orthu agus 5 bheart i gcás saoráidí sláinte príobháideacha.

401 I gcomhréir leis an Acht sin, chuir na heintitis a bhí faoi iniúchadh tuarascálacha i scríbhinn faoi bhráid UFI na Slóvaice maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le bearta a chur chun feidhme chun réitigh a fháil ar na heasnamh a braitheadh. De réir na dtuarascálacha a cuireadh isteach, rinne an UFI faireachán ar chur chun feidhme na mbeart arna nglacadh agus mhol sé nósanna imeachta breise (e.g. tuilleadh faireacháin ar chur chun feidhme na mbeart, iniúchadh ar chur chun feidhme na mbeart in eintiteas sonrach a bhí faoi iniúchadh, etc.).

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

402 D'fhéadfadh sé a bheith ina thoradh ar an iniúchadh:

- go ndéanfar athruithe eagraíochtúla nó athruithe ar nósanna imeachta in Aireacht Sláinte Phoblacht na Slóvaice maidir leis an mbainistíocht a dhéantar ar fho-eagraíochtaí, agus athruithe eagraíochtúla nó athruithe ar nósanna imeachta maidir le bunú agus formheas bhuiséid na saoráidí cúraim sláinte stáit agus ar an gcaidreamh idir iadsan agus na cuideachtaí árachais sláinte;
- go ndéanfar athbhreithniú ar an gcinneadh maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i bhfeistí leighis nua;
- nósanna imeachta lena áirithiú gur ar bhonn lárnach a dhéanfar trealamh míochaine a sholáthar;
- go ndéanfar athruithe córasacha eile maidir leis an mbeartas sláinte a chur chun feidhme.



An Spáinn
Tribunal de Cuentas

An bhainistíocht agus an rialú a rinne Cuideachta Árachais Fhrithpháirteach Ghinearálta Státseirbhís na Spáinne (MUFACE) ar shochair chógaisíochta

Forléargas

403 San iniúchadh a rinne UFI na Spáinne, rinneadh measúnú ar an mbainistíocht agus an rialú a rinne Cuideachta Árachais Fhrithpháirteach Ghinearálta Státseirbhís na Spáinne (MUFACE) ar shochair chógaisíochta. Ba í an bhliain airgeadais 2015 an tréimhse a ndearnadh iniúchadh uirthi.

404 Tá a lán comhaltaí de chuid MUFACE atá i dteideal sochair chógaisíochta, bíonn líon mór agus suim mhór íocaíochtaí aige agus bíonn líon mór cuideachtaí príobháideachta páirteach sa nós imeachta. Ina theannta sin, braitheadh easnaimh agus ró-íocaíochtaí maidir le sochair chógaisíochta arna maoiniú ag comhlachtaí eile dá shamhail, a ndearnadh anailís roimhe seo ar an mbainistíocht a dhéantar orthu.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

405 Is é an príomhchuspóir a bhí leis an iniúchadh a fhíorú, maidir le sonraisc i leith sochair chógaisíochta a fuair cógaslanna agus ospidéal, ar eisíodh agus ar íocadh iad i gcomhréir leis na rialacháin atá i bhfeidhm agus le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais.

406 Ba iad na cuspóirí sonracha a bhí ann anailís a dhéanamh ar na nósanna imeachta a chuir MUFACE chun feidhme chun seiceáil a dhéanamh ar na sonraisc a eisíodh agus na híocaíochtaí a rinneadh i leith sochair chógaisíochta a fuair cógaslanna agus ospidéal, féachaint an ndearnadh iad i gcomhréir leis na rialacháin agus na prionsabail thuasluaite. Bhí sé ina chuspóir freisin a mheasúnú an ndearna MUFACE maoiniú ar na hoidis mhíochaine agus iad ag cloí leis an rialachán is infheidhme agus leis an gcomhaontú a shínigh Ard-Chomhairle na Seomraí Cógaslainne Réigiúnacha sa Spáinn.

407 Ba é an príomhiniúchaí MUFACE, comhlacht neamhspleách atá faoi chúram na hAireachta um Beartas Críochach agus an Státseirbhís.

408 Rinneadh an measúnú trí athbhreithnithe doiciméad, agallaimh, sampláil agus anailísiú sonraí le linn na hoibre allamuigh. Rinneadh anailís ar bhunachair shonraí agus comhaid íocaíochta de chuid tairbhithe seirbhísí cógaisíochta, agus rinneadh seiceálacha agus rialuithe ar an bhfeidhmchlár a úsáidtear chun na comhaid um shochair chógaisíochta a bhainistiú.

Príomhbharúlacha

409 Ba iad seo a leanas na barúlacha a thug UFI na Spáinne:

- Na teorainneacha rialaithe a leag MUFACE síos maidir le drugaí síceatrópacha a thomhailt, bhí feidhm choiteann acu maidir le gach substaint ghníomhach, beag beann ar na dáileoga uasta a mhol Gníomhaireacht na Spáinne um Chógais agus Táirgí Sláinte i leith gach cineáil cógais.
- Bhain roinnt easnamh leis an gcóras foláireamh a bunaíodh chun srian a chur le seachadadh duillí oidis chuig comhaltaí a raibh níos mó ná an gnáthmhéid cógas úsáidte acu (easpa treoracha, easpa foláireamh maidir le comhaltaí a bhí tar éis imeacht as MUFACE cheana, nár úsáid cógas ar bith nó a d'úsáid an iomarca cógas).
- Ní raibh an nós imeachta i ndáil le sochair chógaisíochta dhíláráithe ag teacht le haon cheann de na trí chineál a sonraíodh faoi Dhlí Buiséadach na Spáinne Uimh. 47/2003, an 26 Samhain 2003.
- Fuarthas sonraisc dhúbailte dar luach EUR 55 998 san iomlán.
- An méid a bhí ar feitheamh lena lascainiú amhail an 31 Nollaig 2016, toisc gur sáraíodh na huasteorainneacha caiteachais i leith 2015 i ndáil le cógais áirithe, b'ionann é agus EUR 329 988.
- I gcás shainchomhaid na gcógas chun cóireáil a chur i gcoinne heipitíteas C, arna maoiniú ag MUFACE, íocadh an praghas a bhí luaite leo, ach tríd is tríd níor asbhain na hospidéal 7.5 % den iomlán amhail dá bhforáiltear in Airteagal 9 de Reacht-Dlí Ríoga na Spáinne 8/2010.

Moltaí

410 D'eisigh UFI na Spáinne na moltaí seo a leanas:

- Nearthú a dhéanamh ar rialuithe, comparáid a dhéanamh go tréimhsiúil idir bunachair sonraí MUFACE agus bunachair shonraí Ghníomhaireacht Cánach na Spáinne (fíorú ar leibhéal ioncaim) agus cinn na hInstitiúide Náisiúnta Slándála Sóisialta (fíorú ar bhallraíocht cheart).
- Cur chun feidhme an chórais leictreonaigh um oidis mhíochaine a chur chun cinn, ionas gur fearr is féidir rialú a dhéanamh ar dhochtúirí agus cógais á n-oideasú acu agus ar cheanglais bhailíochta agus dáilte eile i leith na gcógas sin.
- Beartha iomchuí a ghlacadh chun bainistíocht cheart a dhéanamh ar dhuillí oidis, ar a dtáirgeadh agus ar a ndáileadh, agus seiceálacha ar stoic.
- Treoracha don chóras um shochair chógaisíochta a chur in oiriúint don nós imeachta iarbhir maidir leis na sochair sin a phróiseáil, na heasnamh atá ann faoi láthair sa chóras foláirimh um thomhailt cógas a chur ina gceart, feabhas a chur ar na rialuithe a bunaíodh chuige sin agus iad a leathnú, teorainneacha tomhaltais a leagan síos ag brath ar an tsubstaint ghníomhach atá i ngach cógas.
- Beartha a leagan síos chun na ró-íocaíochtaí a fháil ar ais ó ospidéal, arb ró-íocaíochtaí iad a rinneadh chun an cógas i gcoinne heipitíteas C a mhaoiniú, agus bearta iomchuí a ghlacadh ionas go bhféadfadh ospidéal an asbhaint 7.5 % a chur i bhfeidhm sa phróiseas billeála i leith cógais arna ndáileadh ag na hospidéal.
- Modhnú a dhéanamh ar an nós imeachta íocaíochta i dtaobh cógais a dháileann na hospidéal a dhéantar trí chuntais bhainc MUFACE.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

411 Seoladh an réamhdhréacht den tuarascáil chuig MUFACE ionas go bhféadfaidís barúlacha a thabhairt ina leith. Cuireadh an tuarascáil iniúchára chríochnaitheach faoi bhráid an Choiste Pharlaimintigh an 16 Samhain 2017.

412 Tá an tuarascáil iniúchóra ar fáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Iniúchóireachta na Spáinne ón 1 Deireadh Fómhair 2017. Foilsíodh preasráiteas ina bhfuil achoimre ar na príomhthorthaí agus na príomh-mholtaí an 16 Deireadh Fómhair 2017. An Rún ón gCoiste Parlaiminteach, dar dáta an 23 Samhain 2017, foilsíodh é in Iris Oifigiúil an Stáit an 26 Feabhra 2018.

413 Déanfar obair iar-iniúchta i ndáil leis na moltaí atá sa tuarascáil, trí mheán tuarascáil shonrach iar-iniúchta nó nuair a chomhlíonfar cúraimí iniúchóireachta nua a bhfuil baint acu leis an eintiteas sin. Níl aon bhearta leantacha déanta fós toisc nach bhfuil sé i bhfad ó rinneadh an tuarascáil a fhormheas.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

414 Chuir Ard-Stiúrthóir MUFACE Cúirt Iniúchóireachta na Spáinne ar an eolas faoi chur chun feidhme roinnt leasuithe eagraíochtúla, nós imeachta agus rialacháin an 27 Márta 2018:

- modhnú ar an gcomhaontú cúraim sláinte;
- modhnú ar an rún maidir le cúraimí a tharmligean, dar dáta an 23 Bealtaine 2012;
- modhnú ar rialacha cuntasáíochta a bhfuil feidhm acu go sonrach maidir le MUFACE, ar cinn iad a bhaineann le speansais, íocaíochtaí, rialú airgeadais agus cuntasáíocht;
- bhí daingniú déanta ar rialuithe, bhí cros-seiceálacha tráthrialta á ndéanamh ar fud bhunachair shonraí na gcomhaltaí, go háirithe maidir le tairbhíthe agus sealbhóirí;
- In 2018, chuirfí chun feidhme feidhmchlár sonrach chun bainistíocht a dhéanamh ar íocaíochtaí i leith cógas;
- bhí na bearta déanta chun ró-íocaíochtaí a fháil ar ais ó ospidéal, arb ró-íocaíochtaí iad a rinneadh chun cógas i gcoinne heipitíteas C a mhaoiniú;
- ríomhchóras a chur chun feidhme maidir le hoideasú, feabhas a chur ar rialuithe maidir le brath agus cosc i leith ró-thomhailt cógas, bearta iomchuí a ghlacadh chun bainistíocht cheart a dhéanamh ar dhuillí oidis.



An Ungáir Állami Számvevőszék

Anailís achomair ar an taithí a fuarthas
ó iniúchtaí ar ospidéal

Forléargas

415 San anailís a rinne Oifig Iniúcháireachta Stáit na hUngáire, rinneadh achoimre ar an taithí a bhí faighte aici maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar ospidéal.

416 Cumhdaíodh an tréimhse 2008-2016 san anailís.

Mar a rinneadh an t-iniúchadh

417 Bhí an anailís dírithe ar an méid seo a leanas:

- mar a chomhlíon na comhlachtaí rialaithe na cúraimí a bhí orthu;
- córas rialaithe inmheánaigh na n-ospidéal;
- bainistíocht airgeadais na n-ospidéal;
- an bhainistíocht ar shócmhainní na n-ospidéal;
- mar a cuireadh chun feidhme an cur chuige sláine.

418 I measc na bpríomhiniúchaithe bhí 21 ospidéal, an Aireacht Acmhainní Daonna agus an Lárionad Náisiúnta um Sheirbhísí Cúraim Sláinte.

419 Áiríodh sa mhodheolaíocht athbhreithnithe doiciméad, tagarmharcáil agus anailís ar shonraí (staitistiúla).

Príomhbharúlacha

420 Ba iad seo a leanas na barúlacha a thug Oifig Iniúcháireachta Stáit na hUngáire:

- Ba iad na comhlachtaí rialaithe a leag síos na ceanglais bhunúsacha i dtaobh bainistíocht a dhéanamh ar ospidéal. Tharla neamhrialtachtaí a bhain le gníomhaíochtaí an chomhlachta rialaithe láir le linn soláthar poiblí agus le linn na nósanna imeachta formheasa. Na gníomhaíochtaí rialaithe a rinne na comhlachtaí rialaithe, níor fhág siad go ndearnadh bainistíocht chuí ar na hospidéal.
- Níor fhéach ceannairí ospidéal chuige go cuí go mbunófaí agus go bhfeidhmeofaí córas rialaithe inmheánaigh iomchuí.
- Mar gheall ar na neamhrialtachtaí a tharla i dtaobh bainistíocht airgeadais sna hospidéal (a bhaineann le pleanáil, bainistíocht ar leithreasú agus soláthar poiblí), cuireadh i mbaol trédhearcacht agus cuntasacht na gcistí poiblí.
- Níor comhlíonadh ceanglais maidir le bainistíocht dhleathach, thrédhearcach ar shócmhainní stáit agus sócmhainní á gceannach, á suiteáil, á gclárú ná dímhéas á dhéanamh orthu, ná maidir leis an stocáireamh a rinneadh ar shócmhainní agus dliteanais.
- Rinneadh neartú ar an gcur chuige i dtaobh sláine sna hospidéal; ní raibh na rialuithe sláine lán-éifeachtach, áfach, rud ba chúis le neamhrialtachtaí sa bhainistíocht airgeadais.

Moltaí

421 Rinneadh 441 mholadh san iomlán: astu sin bhí 16 mholadh dírithe ar an Aire, 21 mholadh ar an gcomhlacht rialaithe láir agus 404 mholadh ar na ceannairí ospidéal.

422 Ba iad na réimsí ar bhain na moltaí leo:

- an córas rialaithe inmheánaigh;
- bainistíocht airgeadais;
- bainistíocht sócmhainní;

- o gníomhaíocht na gcomhlachtaí rialaithe.

Foilsíú agus obair iar-iniúchta

423 Cuireadh an anailís i láthair ag preasócaid i mí Aibreáin 2019 agus foilsíodh í ar shuíomh gréasáin Oifig Iniúcháireachta Stáit na hUngáire.

An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

424 Táthar ag súil le tionchar de bharr gur aithníodh réimsí riosca. D'fhéadfadh sé a bheith ina thoradh ar an anailís gur mó an breithniú a dhéanfaidh na hinstitiúidí ar chomhlíonadh an dlí sa bhainistíocht agus go gcuideoidh siad le hinstitiúidí eile san earnáil maidir le bainistíocht stuama agus feidhmiú rialta.

Liosta den obair iniúcháireachta a bhaineann le sláinte phoiblí a rinne UFlanna rannpháirteacha AE ó bhí 2014 ann

425 Tugtar forléargas sa liosta seo ar an obair iniúcháireachta a rinne UFlanna AE ar obair í bhí bainteach – go hiomlán nó go páirteach – leis an tsláinte phoiblí. I gcomhair tuilleadh faisnéise faoin iniúchadh ábhartha, déan teagmháil leis an UFI lena mbaineann, le do thoil.

An Bheilg

- *Vlaams preventief gezondheidsbeleid – Evaluatie van het uitvoeringslandschap* [Beartas Pléimeannach um bearta coisctheacha sláinte – measúnú ar fheidhmíocht bheartais]

An Bhulgáir

- *Ефективност на системата на психиатричното обслужване (одитът да бъде завършен и публикуван през 2020)* [A éifeachtaí atá an córas cúraim shíceolaíoch, lena thabhairt chun críche agus lena fhoilsiú in 2020]
- *Електронно здравеопазване (2017)* [Ríomhsheirbhísí sláinte, arna fhoilsiú in 2017]
- *Дейност на Центъра за асистирана репродукция (2017)* [Saothar an Lárionaid um Atáirgeadh Cuidithe, arna fhoilsiú in 2017]
